# Tuarascáil Bhliantúil 2019

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

Arna fhoilsiú den chéad uair i mí an Mheithimh 2020 ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 16–22 Sráid na Faiche, Baile Átha Cliath 7, D07 CR20.

Cóipcheart © Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, Meitheamh 2020

Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi reacht ar an 1 Samhain 2014 chun cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn, chun cultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn, chun tuiscint agus feasacht ar thábhacht chearta an duine agus an chomhionannais a chur chun cinn, agus chun oibriú i dtreo mí-úsáidí chearta an duine agus idirdhealú a dhíbirt.

**ISBN 978-0-9957296-6-7**

# Tuarascáil Bhliantúil 2019

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

Irish Human Rights and Equality Commission

| | | |
|---|---|---|
| | **Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais** | **4** |
| | **Teachtaireacht ón gCoimisiún** | **5** |
| | **Eolas Fúinne** | **9** |
| | **Comhaltaí an Choimisiúin in 2019** | **10** |
| | **Tuarascáil ar Ghníomhaíocht** | **12** |
| 1 | **Cearta na ndaoine aonair a bhfuil na constaicí is mó ina mbealach chun ceartas a bhaint amach a chosaint** | **14** |
| | Eolas a Thabhairt do Dhaoine Aonair faoina gCearta | 15 |
| | Cúnamh Dlí a Sholáthar do Dhaoine Aonair | 18 |
| | Dul i nGleic le Fógraíocht Idirdhealaitheach | 25 |
| | Ag Feidhmiú mar Amicus Curiae | 26 |
| 2 | **Tionchar a imirt ar reachtaíocht, beartas agus cleachtas** | **34** |
| | Ráitis Beartais agus Aighneachtaí | 35 |
| | I bhfócas: Coimisiún toghcháin a bhunú | 35 |
| | Monatóireacht Conartha ar Chearta an Duine agus Comhionannas | 36 |
| | I bhfócas: An Coinbhinsiún maidir le hIdirdhealú Ciníoch a Dhíothú (CERD) | 38 |
| | Fianaise chun Bonn Eolais a chur faoi Bheartas agus Cleachtas | 41 |
| | I bhfócas: Obair Chúraim agus Gan Íoc in Éirinn | 41 |
| | Cur i bhFeidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a Chur Chun Cinn | 43 |
| | I bhfócas: Treoir faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí a Fhoilsiú | 43 |
| | Athbhreithnithe Comhionannais agus Pleananna Gníomhaíochta Comhionannais | 46 |
| | Cóid Chleachtais a Ullmhú | 47 |
| | I bhfócas: Obair an Chomhchoiste a dhírigh ar an mBreatimeacht | 48 |
| 3 | **Plé leis na príomheagraíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú agus sárú ar chearta an duine** | **50** |
| | Fóram na Sochaí Sibhialta | 51 |
| | Ár Spás Poiblí | 52 |
| | I bhfócas: An Coiste Comhairleach ar Chúrsaí Míchumais | 54 |
| | An Coiste Comhairleach d'Oibrithe agus d'Fhostóirí | 55 |
| | Ár Scéim Deontas a Úsáid chun Tacú leis an tSochaí Shibhialta agus le Daoine a bhfuil Cearta acu | 56 |

| | | |
|---|---|---|
| 4 | **Caighdeán an idirphlé ar cheisteanna chearta an duine agus comhionannais a ardú agus raon an idirphlé sin a fhairsingiú** | **62** |
| | I bhfócas: 'Because we're all human. Means we're all equal' | 63 |
| | An Coimisiún sna Meáin | 64 |
| | Suíomh Gréasáin agus Meáin Shóisialta | 66 |
| | Comhdhálacha agus Imeachtaí | 68 |
| | I bhfócas: Cloisteáil ón Aos Óg go Díreach | 68 |
| | Rannpháirtíocht i nGréasáin Idirnáisiúnta | 71 |
| 5 | **Rialachas Corparáideach agus Struchtúr** | **74** |
| | An Coimisiún | 75 |
| | Coistí | 76 |
| | Rialachas | 78 |
| | Foireann an Choimisiúin | 78 |
| | Maoiniú agus Bainistíocht Airgeadais | 79 |
| | Nochtadh Cosanta | 80 |
| | An tAcht um Míchumas, 2005 | 80 |
| | An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 | 81 |
| | Forléargas ar Úsáid Fuinnimh | 81 |
| 6 | **Tuairisc faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 (Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine)** | **82** |
| | **Aguisíní** | **86** |
| | Aguisín 1: Próifílí Chomhaltaí an Choimisiúin le haghaidh 2019 | 87 |
| | Aguisín 2: Freastal ar Chruinnithe an Choimisiúin | 90 |
| | Aguisín 3: Freastal ar Choistí | 91 |
| | Aguisín 4: Foireann an Choimisiúin | 92 |
| | Aguisín 5: Nochtadh Airgeadais Breise | 93 |
| | Aguisín 6: Foilseacháin | 95 |
| | Aguisín 7: Scéim Deontas | 96 |
| | Aguisín 8: Sonraí 'Do Chearta' | 98 |

# Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Cuirim faoi bhráid Thithe an Oireachtais tuarascáil bhliantúil Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas de bhun alt 28(1) den *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014*. Baineann an tuarascáil bhliantúil seo leis an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2019.



Dr Frank Conaty
*An Príomh-Choimisinéir Gníomhach*

# Teachtaireacht ón gCoimisiún

Déantar cur síos sa tuarascáil bhliantúil seo ar fheidhmíocht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas in 2019, an chéad bhliain dá dhara timthriall straitéiseach agus bliain thar a bheith gníomhach don Choimisiún. Inniu, tá an Éire a phléitear ann mar an gcéanna, agus go hiomlán difriúil freisin.

Léiríonn paindéim COVID-19 géarchéim gan choinne dár sochaí: éigeandáil sláinte poiblí atá chomh mór sin gur cuireadh isteach ar ár mbunchearta agus saoirse bhunúsach, lena n-áirítear – i measc cearta eile – an ceart chun saoirse gluaiseachta, chun oideachais, chun saol teaghlaigh, chun slí mhaireachtála a thuilleamh, chun leas a bhaint as cúram sláinte áirithe.

Ní fhacthas a leithéidí seo de fhreagairt an Stáit ar an bpaindéim ach an oiread, ó thaobh méide ná luais de: cosc ar thionóntaí príobháideacha a dhíbirt as a n-áit chónaithe; tuarastail le fóirdheontais Stáit chun an baol iomarcaíochtaí a d'eascródh as suaitheadh geilleagrach a mhaolú; rochtain aon leibhéil ar sheirbhísí sláinte; laghdú ar phlódú sna príosúin; laghdú ar líon na ndaoine a chónaíonn i suíomhanna comhroinnte i Soláthar Díreach.

Ach cé go bhfuil an phaindéim, agus freagairt an Stáit uirthi, tar éis go leor de na noirm shóisialta agus gheilleagracha a thiontú bunoscionn, tá sí tar éis aird a tharraingt freisin, go lom fírinneach, ar an neamhionannas inár sochaí. Is iad siúd is mó a raibh tionchar ag an bpaindéim orthu – de bharr chomh leochaileach is atá siad don víreas nó do na gníomhartha a rinneadh chun é a chur faoi chois – na grúpaí céanna a bhíonn thíos le míbhuntáiste nó idirdhealú le hais an chuid eile den daonra, fiú sa 'ghnáthshaol' mar a chuimhnímid anois air. Áirítear ina measc siúd daoine níos sine, mná agus páistí, baill den Lucht Siúil agus den phobal Romach, daoine gan dídean, imircigh leochaileacha – iad siúd atá ina gcónaí i lárionaid Soláthar Díreach ina measc – daoine atá faoi mhíchumas, agus daoine a bhfuil dúshláin mheabhracha agus shíceasóisialta rompu.

Go háirithe, bhí an tionchar ba ghéire ag an bpaindéim ar dhaoine níos sine a chónaíonn i láithreacha cúraim chomhchónaithe, ar nós tithe altranais agus saoráidí cúraim fhadtéarmaigh. Amhail an 20 Bealtaine 2020, bhí baint ag 63% de gach bás a deimhníodh nó ar dócha go raibh baint aige le COVID bainteach le láithreacha Cúraim Chónaithigh Fhadtéarmaigh, tithe altranais den chuid is mó.[1]

Tá sé ráite go seasta ag an gCoimisiún go dtacaíonn sé le gníomhartha a thógtar chun saol daoine aonair agus an tsláinte phoiblí a chosaint, ach gur cheart go mbeadh na gníomhartha sin riachtanach, cuí agus cothrom, agus gur cheart go mbeadh prionsabail chearta an duine agus an chomhionannais mar bhonn agus taca acu.

Agus muid ag bogadh ó chéim thromchúiseach, éigeandála na freagartha náisiúnta ar an bpaindéim, go dtí an iarmhairt dhúshlánach gheilleagrach, agus freastal níos fadtéarmaí ar bhaol COVID-19, tá sé níos tábhachtaí ná riamh go mbeadh prionsabail chearta an duine agus an chomhionannais ina ndlúthchuid den téarnamh. Tá tréimhse struis mhór gheilleagraigh os comhair na hÉireann agus tá sé ríthábhachtach nach ngéaraíonn leithdháileadh an ualaigh sin an neamhionannas atá inár sochaí cheana féin.

---

1 *Overview of the Health System Response to Date: Long Term Residential Healthcare Settings*, NPHET, Páipéar Cruinnithe, 22 Bealtaine

Beidh éiginnteacht ó thaobh na heacnamaíochta agus na sláinte de ina hábhar imní as seo go ceann i bhfad. Níos mó ná riamh, tá athléimneacht ár sochaí trí chéile ag brath ar ár gcumas gníomhú i bpáirt. Dá réir sin, tá an cumas gníomhú i bpáirt ag brath ar dhaoine a bheith in ann páirt chomh hiomlán agus is féidir a ghlacadh, ar comhchéim, ina bpobal, sa mhargadh saothair, agus sa chaoi a mbaineann siad leas as seirbhísí ar nós sláinte, tithíochta agus oideachais. Ciallaíonn sé freisin seasamh le cearta agus comhdhínit na ndaoine siúd atá i mbaol faoi leith go mbainfí an bonn óna gcuid ceart nó go ndéanfaí a bheag dá ndínit.

Ag féachaint amach romhainn, léiríonn chomh leochaileach is atá daoine i láithreacha institiúideacha comhchónaithe i leith thionchar na paindéime an gá atá le haghaidh a thabhairt ar ról an institiúidithe sa bheartas poiblí. Áirítear leis sin an chaoi a gcaitear le haire a thabhairt do dhaoine níos sine, nó do dhaoine nach bhfuil sé de chumas acu cónaí go neamhspleách, sa bheartas poiblí.

Áirítear leis freisin an córas Soláthar Díreach d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, córas a n-áitíonn an Coimisiún faoi go seasta go gcaithfear é a athrú go hiomlán ó bhonn, agus deireadh a chur leis de réir a chéile. Fáiltímid roimh mholtaí tosaigh an tSainghrúpa ar Sholáthar Tacaíochta, lena n-áirítear Cóiríocht, do Dhaoine sa Chóras Cosanta Idirnáisiúnta, agus táimid ag súil le dul chun cinn an Rialtais ar na moltaí sin.

Is ábhar imní i gcónaí é cearta daoine atá faoi mhíchumas chun páirt iomlán a ghlacadh i sochaí athraithe. Tá sé riachtanach nach n-eascraíonn aistriú cúlchéimnitheach chuig samhail ceart bunaithe ar leigheas do dhaoine atá faoi mhíchumas as an ngéarchéim sláinte poiblí reatha, toisc nár athraigh a gceart comhionann chun páirt a ghlacadh i saol geilleagrach, sóisialta agus cultúrtha na tíre.

De réir mar a athosclaíonn an geilleagar, beidh fáil ar thithíocht do na mílte daoine aonair agus teaghlach atá gan dídean faoi láthair fós ina fhadhb mhór ó thaobh chearta an duine de. Beidh soláthar cóiríochta cuí d'ardchaighdeán níos práinní fós mar gheall ar an ngá leanúnach le haghaidh cleachtais leanúnacha sláinteachais agus scaradh sóisialta.

Tá an phaindéim tar éis léargas a thabhairt ar a bhfuil i gceist le hobair 'riachtanach' inár ngeilleagar agus inár sochaí. Go minic, ní bhíonn an obair riachtanach sin íoctha go maith ná slán. Go minic, is oibrithe imirceacha a bhíonn ina bhun. Déanann cuid de na hoibrithe, ar nós na n-oibrithe cúraim sláinte – ó phóirtéirí agus cúntóirí cúraim go hoibrithe leighis – an obair sin agus iad i mbaol pearsanta. Díreoidh an Coimisiún go leanúnach ar an gceart chun obair chuibhiúil.

Má táthar le measúnú a dhéanamh ar thionchar foriomlán COVID-19 agus an fhreagairt uirthi, teastóidh cur chuige níos cuimsithí i leith bailiú trédhearcach sonraí a bhaineann le grúpaí leochaileacha i measc comhlachtaí poiblí. Má tá an Rialtas agus reachtóirí le cinntí a dhéanamh a bhfuil prionsabail chearta an duine agus an chomhionannais mar bhonn agus taca acu, tá sé riachtanach go mbeadh fáil acu ar an bhfianaise ábhartha.

### Dul Chun Cinn in 2019

Rinne an Coimisiún gníomhartha suntasacha in 2019 chun dul chun cinn a dhéanamh ar na tosaíochtaí straitéiseacha a sainaithníodh ina dara ráiteas straitéise. Áiríodh leo sin tús a chur i mí an Mheithimh le hathbhreithniú comhionannais náisiúnta ar sholáthar cóiríochta ó gach Údaráis Áitiúil don Lucht Siúil. Rinneadh é sin i gcomhthéacs thearc-chaitheamh leanúnach chistí na nÚdarás Áitiúil do chóiríocht don Lucht Siúil, d'ainneoin an ghá fhollasaigh dá leithéid.

Tá imeachtaí i Stáit Aontaithe Mheiriceá le deireanaí tar éis aird a tharraingt arís ar an gciníochas, agus ar a thionchar éagórach ar dhaoine aonair agus ar an tsochaí. Níl Éire slán ó ghalar an chiníochais. Dhírigh obair an Choimisiúin go mór in 2019 ar imscrúdú na hÉireann roimh Choiste na Náisiún Aontaithe um Idirdhealú Ciníoch a Dhíothú. D'fhoilsigh an Coimisiún a thuarascáil chuimsitheach inar measúnaíodh chomh maith agus a d'éirigh le hÉirinn ó 2011 i leith dul i ngleic le hidirdhealú ciníoch, agus rinneadh os cionn 150 moladh do ghníomh Stáit chun aghaidh a thabhairt ar an gciníochas agus ar an idirdhealú. Cuireadh an tuarascáil sin ar fáil do shaineolaithe ó na Náisiúin Aontaithe chun bonn eolais a chur faoina gceistiú ar an Stát sa Ghinéiv i mí na Nollag faoin gcaoi a raibh Éire ag comhlíonadh a hoibleagáidí faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú, agus léiríodh é sin go suntasach i mbreathnuithe deiridh an Choiste sin. Tá troid i gcoinne an chiníochais agus na fuathchainte riachtanach chun glacadh éagsúlachta agus meas ar dhínit gach duine a thógáil. Tá an Coimisiún tiomanta do ról ceannaireachta a imirt i gciníochas a shárú agus tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn.

Athdhearbhaíodh i dtuarascáil an Choimisiúin do Choiste na Náisiún Aontaithe um Idirdhealú Ciníoch a Dhíothú go measann sé gur cheart deireadh a chur leis an gcóras Soláthar Díreach de réir a chéile. Léiríodh é sin ina dhiaidh sin i moladh an Choiste gur cheart athchóiriú suntasach a dhéanamh ar an gcóras Soláthar Díreach. Leanann an Coiste ag cur cearta na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a chónaíonn i Soláthar Díreach chun cinn, agus a gcearta siúd a bhfuil stádas mar dhídeanaí acu, trína obair dlí, lena n-áirítear tús a chur le hAthbhreithniú Comhionannais ar sholáthar cuntais bainc d'iarrthóirí tearmainn agus do dhídeanaithe eadóirsithe.

Lean an Coimisiúin ag forbairt a róil amach anseo mar an sásra neamhspleách monatóireachta faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas. Díríodh go sonrach ar rannpháirtíocht daoine atá faoi mhíchumas sa mhargadh saothair nuair a óstáladh comhdháil do cheardchumainn agus d'fhostóirí chun iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí praiticiúla ina bhféadfaí freastal réasúnta a dhéanamh san ionad oibre ar dhaoine atá faoi mhíchumas. Ghníomhaigh an Coimisiún mar amicus freisin i gcás sa Chúirt Uachtarach ar éirigh leis (*Marie Daly v. Nano Nagle*), nuair a thug an breithiúnas cinniúnach soiléirithe tábhachtacha faoin gceart chun freastal réasúnta san ionad oibre. Ag eascairt as an mbreithiúnas sin, thug an Coimisiún faoi chód cleachtais dlí a fhorbairt ar fhreastal réasúnta, agus táthar ag leanúint den obair sin in 2020.

### Conclúid


Nuair a chuir an Coimisiún fáilte roimh Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe, Filippo Grandi, chuig ár n-oifigí i mí Iúil 2019, dúirt an tArd-Choimisinéir "casadh go leor dídeanaithe orm de bharr mo chuid oibre; ar an gcaoi chéanna casadh go leor uachtaráin tíortha orm. Is in Éirinn amháin ar casadh dídeanaithe agus uachtaráin orm in aon seomra amháin." Meabhraíonn an méid sin dúinn gur dual d'Éirinn, d'ainneoin dúshlán agus céimeanna ar gcúl, an ionchuimsiú, an dínit agus an comhionannas. Ní raibh sé riamh chomh tábhachtach cloí leis sin, agus an fhreagairt chomhpháirteach ar éigeandáil COVID-19 a chur i bhfeidhm ar athmhúnlú ár sochaí ina diaidh.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann an Choimisiúin agus leis an Stiúrthóir Laurence Bond as a n-obair fhadréimseach in 2019 chun tacú leis an gCoimisiún. Le bliain anuas, tháinig deireadh le téarmaí oifige leath

na gcomhaltaí Coimisiúin: ba mhór againn a n-obair agus a dtiomantas do mhisean an Choimisiúin. Ba mhaith liom an deis seo a thapú freisin chun buíochas a ghabháil leis an gcéad Phríomh-Choimisinéir a bhí ag an gCoimisiún, Emily Logan, as a ceannaireacht, dúthracht agus fís i mblianta bunaidh an chomhlachta nua.

In 2020, fáilteoidh an Coimisiún roimh cheapachán foirmiúil an Phríomh-Choimisinéara nua agus chomhaltaí nua an Choimisiúin i ndiaidh próiseas oscailte earcaíochta a leagtar amach san *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014*. Táimid ag súil le leanúint lenár sainordú le fuinneamh, dóchas agus díograis athnuaite ag an am is tábhachtaí do chur chun cinn sochaí córa agus ionchuimsithí.





Dr Frank Conaty
*An Príomh-Choimisinéir Gníomhach*

## Eolas Fúinne

Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas an 1 Samhain 2014, mar chomhlacht poiblí le sainordú faoin *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014*. Is é an Coimisiún institiúid náisiúnta neamhspleách na hÉireann um chearta an duine agus comhlacht náisiúnta na hÉireann um an gcomhionannas.

Ceapann an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn Comhaltaí an Choimisiúin, i ndiaidh do dhá Theach an Oireachtais rún a rith. Feidhmíonn an Coimisiún go neamhspleách ar an Rialtas, agus ráthaítear a neamhspleáchas institiúideach ina reachtaíocht bhunaithe, ina bhforáiltear do chuntasacht an Choimisiúin dá fheidhmeanna reachtúla don Oireachtas.

### Sainordú Reachtúil

Is iad feidhmeanna foriomlána reachtúla an Choimisiúin a bhforáiltear dóibh in alt 10 den reachtaíocht:

- cearta an duine agus an comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn;
- forbairt cultúr measa ar chearta an duine, comhionannas agus tuiscint idirchultúrtha a spreagadh sa Stát;
- tuiscint agus feasacht ar thábhacht chearta an duine agus an chomhionannais a chur chun cinn sa Stát;
- dea-chleachtas i gcaidrimh idirchultúrtha a spreagadh, caoinfhulaingt don éagsúlacht agus glacadh léi sa Stát a chur chun cinn, agus meas ar shaoirse agus dínit gach duine, agus;
- oibriú i dtreo deireadh a chur le sáruithe ar chearta an duine, idirdhealú agus iompar coiscthe.

Agus é ag tabhairt faoina shainordú, ceanglaítear ar an gCoimisiún go sonrach cur le forbairt sochaí mar seo a leanas:

- sochaí ina bhfuil meas ar chearta daonna gach duine, agus ina gcosnaítear iad
- sochaí ina bhfuil meas ar dhínit agus ar luach gach duine
- sochaí ina gcinntítear nach bhfuil srian ar chumas duine a lánacmhainneacht a bhaint amach mar gheall ar chlaontacht, ar idirdhealú, ar fhaillí nó mar gheall ar iompar coiscthe
- sochaí ina bhfuil deis chothrom agus chomhionann ag gach duine páirt a ghlacadh i saol geilleagrach, polaitiúil, sóisialta nó cultúrtha an Stáit, agus
- sochaí ina bhfuil cóimheas idir daoine, lena n-áirítear aicmí daoine, bunaithe ar chomhthuiscint ar luach na héagsúlachta laistigh de shochaí agus ar chóimheas ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas

# Comhaltaí an Choimisiúin in 2019



Thuas, ón taobh clé: An Príomh-Choimisinéir Emily Logan, Teresa Blake SC, Frank Conaty, Patrick Connolly, an tOllamh Caroline Fennell, Heydi Foster Breslin, Tony Geoghegan, David Joyce, Salome Mbugua, Sunniva McDonagh SC, an tOllamh Siobhán Mullally, an tOllamh Ray Murphy, an Dr Fidèle Mutwarasibo, Colm O'Dwyer SC, Orlagh O'Farrell.

# Tuarascáil ar Ghníomhaíocht

## Réamhrá

Is é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas foras náisiúnta neamhspleách na hÉireann um chearta an duine agus um an gcomhionannas. Is é an cuspóir atá againn cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn agus cultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a thógáil.

Cuimsítear an chéad bhliain dár Ráiteas Straitéise, 2019–2021, a seoladh i mí Feabhra 2019, sa Tuarascáil Bhliantúil seo agus tuairiscítear ar ár ngníomhaíochtaí i rith 2019 chun dul chun cinn a dhéanamh ar cheithre thosaíocht straitéiseacha an Choimisiúin:

1. Cearta na ndaoine aonair a bhfuil na constaicí is mó ina mbealach chun ceartas a bhaint amach a chosaint;

2. Tionchar a imirt ar reachtaíocht, beartas agus cleachtas;

3. Plé leis na príomheagraíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú agus sárú ar chearta an duine; agus

4. Caighdeán an idirphlé ar cheisteanna chearta an duine agus comhionannais a ardú agus raon an idirphlé sin a fhairsingiú.

Tuairiscítear ansin i gcuid 5 ar an gcaoi ar chinntíomar dea-rialachas corparáideach agus ar chomhlíonamar ár bhfreagrachtaí corparáideacha agus comhlíonta sa bhliain atá á hathbhreithniú.

Ar deireadh, sa séú cuid tuairiscímid ar ár n-obair chun Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm, mar a éilítear ar gach comhlacht poiblí faoi Alt 42 den *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.*



# TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 1: **Cearta na ndaoine aonair a bhfuil na constaicí is mó ina mbealach chun ceartas a bhaint amach a chosaint**

## CUSPÓIRÍ

- A chinntiú trí fheachtais eolais phoiblí agus teagmháil idirghníomhach dhigiteach go bhfuil tuiscint fhorleathan ar chearta agus comhionannas daoine aonair agus ar na bealaí chun iad a bhaint amach;
- An t-eolas, na scileanna agus an fhaisnéis a theastaíonn a thabhairt do dhaoine a bhfuil idirdhealú agus sárú ar chearta an duine rompu chun a gcearta a bhaint amach; agus
- Cabhrú le daoine aonair i gcásanna a bhfuil imní faoi leith fúthu chun a gcearta a bhaint amach trínár gcumhachtaí forfheidhmithe.

# Eolas a Thabhairt do Dhaoine Aonair faoina gCearta

Trína sheirbhís eolais 'Do Chearta' cuireann an Coimisiún faisnéis ar fáil don phobal ar na cearta, na leigheasanna agus na hoibleagáidí a bhforáiltear dóibh faoi dhlí chearta an duine agus faoi dhlí comhionannais in Éirinn. Áirítear leo sin *na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2015*, *na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015*, Alt 19 den *Acht Deochanna Meisciúla, 2003*, *an tAcht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003–2014* agus Bunreacht na hÉireann. I rith 2019, phléamar le 2,165 ceist, i gcomparáid le 1,711 an bhliain roimhe sin, arb ionann é agus méadú bliantúil 454 (27%).

Tugtar léargas ar na ceisteanna a fuarthas in 2019 sa ghrafaic faisnéise thíos, agus tá níos mó sonraí fúthu in **Aguisín 8**.

> "Ba mhaith liom a chur in iúl daoibh gur éirigh linn tionóntacht HAP a fháil agus beidh baile againn don Nollaig, tá na páistí thar a bheith sásta, tá seomra leapa an duine acu agus áit a dtiocfaidh Daidí na Nollag chucu. Mo bhuíochas go deo libh as bhur gcomhairle, bhur ngairmiúlachta agus níos tábhachtaí fós bhur gcineáltas, tá muinín agam arís asam féin mar gheall oraibh agus mar go ndúirt sibh liom gan géilleadh riamh.
>
> – Úsáideoir 'Do Chearta'

# 2,165 ceist

faoi dhlí chearta an duine agus an chomhionannais a pléadh trí 'Do Chearta' in 2019

| **672** astu siúd a bhain leis *na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2018:* | **474** a bhain leis *na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015:* | **316** a bhain le Cearta an Duine | **29** a bhain leis *an Acht Deochanna Meisciúla, 2003* |
|---|---|---|---|
| **29%** An foras míchumais | **36%** An foras míchumais | **14%** Riaradh ceartais/ Cearta nós imeachta | **41%** Duine den Lucht Siúil |
| **17%** An foras cúnamh tithíochta | **24%** An foras inscne | **11%** Easpa dídine agus tithíocht shóisialta | **24%** An foras míchumais |
| **12%** An foras cine | **12%** An foras cine | **11%** Obair chuibhiúil | **14%** An foras aoise |


## 52 ceist


maidir le comhionannas, ach nach gcumhdaítear faoin *Acht um Comhionannas Fostaíochta*, faoin *Acht um Stádas Comhionann* ná faoin *Acht Deochanna Meisciúla*

## 622 atreorú

chuig acmhainní nó seirbhísí eolais eile, lena n-áirítear, mar shampla, an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, oifigí Ombudsman, comhlachtaí rialála ar nós an Choimisiúin um Chosaint Sonraí agus an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, nó an Bord um Chúnamh Dlíthiúil agus an tIonad Comhairle Dlí Saor in Aisce (FLAC).

# Cé a bhíonn i dteagmháil linn?



## Cúnamh Dlí a Sholáthar do Dhaoine Aonair

Faoi Alt 40 den *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014*, féadfaidh an Coimisiún, i gcúinsí áirithe, cúnamh dlí a thabhairt do dhuine a dteastaíonn uaidh cás a bhaineann le cúrsaí comhionannais nó chearta an duine a thabhairt os comhair an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre nó na gCúirteanna. Is féidir comhairle dlí amháin nó comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil a thabhairt mar chúnamh.

Amhail tús 2019, bhí 128 cliant ar leith againn ar deonaíodh cúnamh dlí dóibh agus a raibh a gcásanna fós ar bun. Astu siúd, faomhadh 82 le haghaidh comhairle dlí amháin agus faomhadh 46 le haghaidh comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil. Bhí 15 iarratasóir eile ag fanacht ar chinneadh faoina n-iarratais ar chúnamh.

I rith 2019, fuarthas 80 iarratas nua ar leith ar chúnamh dlí, faomhadh 42 iarratas ar bhain cúnamh dlí amháin le 16 cinn agus comhairle agus ionadaíocht dhlíthiúil le 26, diúltaíodh do 21 iarratas agus tarraingíodh 8 gcinn siar.

Chuireamar ár gcuid oibre ar 66 comhad cliaint i gcrích i rith 2019, comhaid a osclaíodh roimhe sin ina measc. Tugadh comhairle dlí amháin do 25 de na cliaint sin, agus tugadh ionadaíocht dhlíthiúil do 41. Tá sonraí faoi na cásanna a cuireadh i gcrích sna táblaí seo a leanas.

Amhail deireadh na bliana, bhí 104 cliant againn a raibh a gcásanna fós ar bun. Astu siúd, faomhadh 73 le haghaidh comhairle dlí amháin agus faomhadh 31 le haghaidh comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil. Bhí 24 iarratasóir eile ag fanacht ar chinneadh faoina n-iarratais.



## Cúnamh Comhairle Dlí a Cuireadh i gCrích in 2019

I rith 2019, cuireadh i gcrích 25 comhad cliaint ar deonaíodh cúnamh comhairle dlí ach ní ionadaíocht dhlíthiúil dóibh, i gcomparáid le 16 cinn a cuireadh i gcrích in 2018.

Cuimsíodh sa chúnamh comhairle in 2019:

***Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015:***

| Foras an Idirdhealaithe | Líon cliant | Ceist |
|---|---|---|
| Míchumas | 2 | Oibleagáid fostóra freastal réasúnta a chur ar fáil |
| Inscne | 1 | Dálaí oibre agus ciapadh maidir le hoibrí trasinscne |
| Aois | 1 | Uasteorainn aoise le haghaidh iarratas |
| Cine | 1 | Fáil ar fhostaíocht phoiblí agus saorghluaiseacht oibrithe san Aontas Eorpach |

***Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2018:***

| Foras an Idirdhealaithe | Líon cliant | Ceist |
|---|---|---|
| Míchumas | 1 | Diúltú deoch a thabhairt in áitreabh ceadúnaithe do dhuine lena raibh madra treorach, *faoin Acht Deochanna Meisciúla, 1990* |
| Míchumas | 1 | Rochtain ar sheirbhísí tacaíochta baile |
| Cine | 2 | Diúltú ceadúnais tiomána a thabhairt d'iarrthóirí tearmainn, a raibh an bheirt acu ina gcónaí i Soláthar Díreach |
| Cine | 1 | Rochtain ar sheirbhísí baincéireachta do shaoránach eadóirsithe Éireannach |

**Cearta an Duine:**

| Líon cliant | Ceist |
|---|---|
| 1 | Dálaí coinneála, míchumas agus cearta teaghlaigh |
| 5 | Dálaí tithíochta do dhaoine den Lucht Siúil |
| 9 | An ceart chun dínite agus a gcearta chun saol teaghlaigh i leith mainneachtain shonraithe údaráis áitiúil tithíocht oiriúnach a chur ar fáil dóibh chun freastal ar riachtanais a bpáiste ag a bhfuil réimse casta míchumas |

## Cúnamh Ionadaíochta Dlíthiúla a Cuireadh i gCrích in 2019

I rith 2019, cuireadh i gcrích 21 cás a bhain le 41 cliant ar leith ar deonaíodh comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil orthu. Cuirtear é sin i gcomparáid le 9 gcás lenar bhain 14 chliant a cuireadh i gcrích in 2018.

Tugtar sonraí na gcásanna sin anseo thíos:

**Cásanna faoi *na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015:***

| Cás & Foras | Líon cliant | Ceist | Toradh |
|---|---|---|---|
| Stephen Dunne v. Sky Handling Partner Limited<br><br>An foras míchumais | 1 | Briseadh Stephen Dunne as a fhostaíocht mar Ghníomhaire Seirbhíse Aerárthaigh le Sky Handling Partner Ltd mar gheall ar a dhiospraicse. | Cinneadh i mbreithniú an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) gur theip ar an gcuideachta freastal réasúnta a dhéanamh agus gur briseadh Stephen as a phost go hidirdhealaitheach. Ordaíodh do Sky Handling Partner Ltd athbhreithniú a dhéanamh ar a nósanna imeachta fostaíochta agus €15,000 a íoc le Stephen mar chúiteamh, arbh ionann é agus pá 18 mí. |
| Fostaí Ionchais v. Seirbhís Earcaíochta<br><br>An foras míchumais | 1 | Tarraingíodh siar tairiscint fostaíochta d'fhear a bhfuil HIV ag gabháil dó mar gheall ar a riocht sláinte. | Réitíodh an cás trí idirghabháil. |
| Fostaí v. Fostóra<br><br>An foras míchumais | 1 | Rinne fostaí atá faoi mhíchumas gearán faoi mhainneachtain a fhostóra freastal réasúnta a dhéanamh agus pá comhionann a sholáthar. | Réitíodh an cás trí idirghabháil. |
| Iarratasóir ar Chúrsa Gairmoiliúna v. Soláthraí Gairmoiliúna<br><br>An foras míchumais | 1 | Diúltaíodh áit ar chúrsa gairmoiliúna d'fhear atá faoi mhíchumas amhairc. Diúltaíodh dó ar an mbonn go mbeadh sé ag úsáid a threalaimh sábháilteachta féin, a bhí oiriúnaithe aige chun freastal ar a mhíchumas. | Réitíodh an cás sular tionóladh éisteacht WRC. Chomhaontaigh an soláthraí oiliúna cúiteamh a íoc leis an iarratasóir, oiliúint frith-idirdhealaithe a sholáthar dá fhoireann, a bheartais comhionannais a athbhreithniú, agus iad a choinneáil cothrom le dáta. |
| Oifigeach Cléireachais v. Comhlacht Poiblí<br><br>An foras míchumais | 1 | Cuireadh fear a bhfuil Neamhord Éigníoch Dúghafach ag gabháil dó ar thréimhse bhreisithe phromhaidh agus diúltaíodh dá incrimintí. | Rinne an fear gearán le WRC, mainneachtain freastal réasúnta a sholáthar ina measc. Níor éirigh leis os comhair WRC. Shínigh an Coimisiún an cúnamh dlí a deonaíodh dó chun a achomharc leis an gCúirt Oibreachais a chlúdach. |

### Cásanna faoi *na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2018:*

| Cás & Foras | Líon cliant | Ceist | Toradh |
|---|---|---|---|
| Tionónta v. Soláthraí Cóiríochta<br><br>An foras míchumais | 1 | Diúltaíodh cead d'fhear atá faoi mhíchumas go gcónódh a mhadra cuidithe leis i gcóiríocht ar cíos. | Réitíodh an cás trí idirghabháil. |
| Úsáideoir Seirbhíse v. Fiaclóra agus Clinic Fiaclóireachta<br><br>An foras míchumais | 1 | Chuir bean an clinic fiaclóireachta ar an eolas faoina stádas HIV roimh choinne. Tugadh instealladh ainéistéisigh di agus í ina suí ar chathaoir fiaclóra, ach ansin dhiúltaigh an fiaclóir cóir leighis a chur uirthi. | Réitíodh an cás trí idirghabháil. Ghabh an clinic fiaclóireachta leithscéal léi, agus d'íoc €10,000 léi. Chuir sé beartas comhionannais cuideachta i bhfeidhm freisin agus chuir sé oiliúint chomhionannais agus éagsúlachta, HIV ina measc, ar fáil dá fhostaithe. |
| Tionónta v. Údarás Áitiúil<br><br>An foras aoise | 1 | Líomhain tionónta go ndearna an t-údarás áitiúil idirdhealú ar an bhforas aoise i soláthar tithíochta. | Chuir an tionónta gearán faoi bhráid WRC ach socraíodh an cás sular tionóladh éisteacht iomlán. |
| Beirt Iarratasóirí ar Mhorgáiste v. Bainc<br><br>An foras cine | 2 | Chuaigh ionadaithe bainc i dteagmháil le saoránach Éireannach le tairiscint faoi bhogadh go soláthraithe morgáiste eile. Nuair a rinne an fear iarratas ar mhorgáiste leis an mbanc inar deimhníodh nach náisiúnach de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch í a bhean chéile, diúltaíodh don iarratas toisc go raibh a bhean ina cónaí in Éirinn ar víosa imirce Stampa 4. | Rinne an lánúin gearán faoi idirdhealú le WRC.<br><br>Réitíodh an cás trí idirghabháil. |
| Dídeanaí Siriach v. Bainc<br><br>An foras cine | 1 | Dhiúltaigh banc mórshráide cuntas bainc a oscailt d'fhear ar dídeanaí Siriach é, ar an mbonn gur náisiúnach Siriach é. | D'ordaigh WRC don bhanc cúiteamh €4,000 a íoc leis an bhfear, agus d'ordaigh sé don bhanc plé go díreach leis an gCoimisiún chun an baol go dtarlódh a leithéid d'eachtra arís a laghdú a oiread is féidir. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Iarrthóir Tearmainn v. an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre<br><br>An foras cine | 1 | Chuir an fear isteach ar chead tiománaí faoi oiliúint i dtús 2018. D'éirigh leis ina thástáil tiomána ina dhiaidh sin agus chuir sé isteach ar cheadúnas iomlán tiomána.<br><br>Ach nuair a bhí sé ina oifig áitiúil de chuid na Seirbhíse Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána dhiúltaigh duine den fhoireann ceadúnas tiomána a eisiúint dó ar an mbonn nach raibh an fhianaise ar ghnáthchónaí a éilíonn an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre aige. Chuir an fear an cás faoi bhráid an Ombudsmain agus lean sé air i mbun comhfhreagrais leis an Údarás sular chuir sé gearán faoi idirdhealú ar an bhforas cine faoi bhráid WRC. | Dhiúltaigh WRC dlínse ar an mbonn gur seirbheáladh a fhoirm ghearáin ES1 in aghaidh an Údaráis lasmuigh den am ceadaithe. Toisc go bhfuair sé cead iomlán cónaithe agus ceadúnas tiomána idir an dá linn, chinn sé gan achomharc a dhéanamh. |
| Dídeanaí v. Bainc<br><br>An foras cine | 1 | Chuir an banc mórshráide cosc ar an bhfear, cónaitheoir dídeanaí sa Stát ar feadh cúpla bliain agus custaiméir de chuid an bhainc, iarratas a dhéanamh ar chárta creidmheasa ar líne bunaithe ar a náisiúntacht. | Rinne an fear gearán le WRC.<br><br>Réitíodh an cás trí idirghabháil. |
| Tionónta v. Gníomhaire Ligin<br><br>An foras cúnamh tithíochta | 1 | Tairgeadh tionóntacht réadmhaoine do bhean. Ach nuair a dúirt sí leis an ngníomhaire ligin go mbeadh sí ag íoc an chíosa tríd an scéim Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta ('HAP'), dúradh léi nach bhfeilfeadh sé sin don tiarna talún. | Rinne an bhean gearán le WRC.<br><br>Réitíodh an cás trí idirghabháil. Chomhaontaigh an gníomhaire ligin cúiteamh a íoc, síntiús a íoc le carthanas, oiliúint chomhionannais a sholáthar dá fhoireann, agus beartas comhionannais agus ráiteas comhionannais a dhréachtú agus a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin. |
| Tionónta Ionchais v. Tiarna Talún<br><br>An foras cúnamh tithíochta | 1 | Toisc gur ghearr go mbeadh easpa dídine ag cur as don fhear, d'fhreagair sé fógra ar líne le haghaidh réadmhaoin ar cíos. Mar fhreagra ar cheist i scríbhinn ón tiarna talún, dúirt sé leis go n-úsáidfeadh sé féin agus a chlann an réadmhaoin agus go n-íocfaí an cíos le HAP. D'fhreagair an tiarna talún, *"Ní thógaim leas sóisialach, tá brón orm faoi sin."* | Chuir an fear gearán faoi bhráid WRC.<br><br>Ina chinneadh, d'ordaigh WRC don tiarna talún €4,000 a íoc mar chúiteamh. |
| Tionónta v. Tiarna Talún<br><br>An foras cúnamh tithíochta | 1 | Chuaigh an bhean i dteagmháil le tiarna talún chun deis a fháil breathnú ar réadmhaoin ar cíos. D'fhiafraigh an tiarna talún di an raibh sí fostaithe go lánaimseartha. D'fhreagair an bhean nach raibh faoi láthair, ach go raibh sí ag fáil HAP agus chuir sí in iúl go raibh sí sásta cíoc breise €100 in aghaidh na míosa a íoc. Fuair sí freagra ina ndúradh go raibh an tiarna talún *"ag cuardach daoine gairmiúla nach bhfuil ar an scéim HAP."* | Rialaigh WRC gur idirdhealú a bhí i rogha an tiarna talún glacadh le tionóntaí gan HAP.<br><br>D'ordaigh sé don tiarna talún €750 a íoc leis an mbean mar chúiteamh. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Tionónta v. Tiarna Talún<br><br>An foras cúnamh tithíochta | 1 | I gcás in 2018, d'ordaigh WRC go n-íocfaí €3,500 le bean de bharr éifeachtaí idirdhealaithe ar an bhforas HAP agus €2,000 eile de bharr ciapadh. Nuair a dhiúltaigh an tiarna talún í a íoc laistigh de 56 lá, dheonaigh an Coimisiún cúnamh dlí uirthi chun cinneadh WRC a fhorfheidhmiú. | Fuair an bhean ordú forfheidhmithe ón gCúirt Dúiche, agus sheol a hionadaithe dlíthiúla an t-ordú chuig oifig Shirriam Contae Bhaile Átha Cliath. Tá an cás seo fós ar bun. |

**Cásanna faoin *Acht Deochanna Meisciúla, 2008:***

| Cás & Foras | Líon cliant | Ceist | Toradh |
|---|---|---|---|
| Cúigear den Lucht Siúil v. Óstáin<br><br>An foras Lucht Siúil | 5 | Líomhain an cúigear go ndearnadh idirdhealú orthu nuair a diúltaíodh seirbhís ag beár óstáin dóibh. Bhí siad ag freastal ar chomhdháil san ionad faoi chúrsaí a théann i bhfeidhm ar an bpobal Lucht Siúil. Chuaigh siad chuig an mbeár i ndiaidh na comhdhála ach dúradh leo nach bhféadfaí freastal orthu toisc nach raibh an t-óstán ach ag freastal orthu siúd a bhí ag fanacht san óstán. | Chuir an cúigear iarratas ar shásamh faoi bhráid na Cúirte Dúiche faoin *Acht Deochanna Meisciúla, 2003*.<br><br>Réitíodh an cás trí idirghabháil. |
| Fear v. Teach Tábhairne<br><br>An foras míchumais | 1 | Bhí fear, a bhfuil siad inchinne air, i dteach tábhairne chun ceiliúradh a dhéanamh ar dheireadh a chóireála athshlánúcháin, ach iarradh air fágáil mar gur chosúil go raibh sé míshocair go maith ar a chosa. | Gan dul chuig an gcúirt, chomhaontaigh an teach tábhairne leithscéal fónta a eisiúint don fhear agus €3,500 a íoc leis mar chúiteamh. Chomhaontaigh an lucht bainistíochta freisin freastal ar chúrsa oiliúna comhionannais bliantúil, agus tuairisciú don Choimisiún ina dhiaidh, faoin socrú comhaontaithe nár admhaíodh dliteanas ann. |

### Cásanna maidir le Cearta an Duine:

| Cás | Líon cliant | Ceist | Toradh |
|---|---|---|---|
| Muintir Rostas v. Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 7 | Thionscain lánúin, ar náisiúnaigh de chuid an Aontais Eorpaigh iad agus tuismitheoirí cúigear clainne, imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh ag cur i gcoinne chinneadh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath iad a bhaint den liosta tithíochta sóisialta toisc gur maíodh nach raibh aon cheart cónaithe in Éirinn acu.<br><br>Bhraith an Chomhairle Cathrach ar Chiorclán Tithíochta 41/2012 agus iad ag measúnú an chirt cónaithe. Ach tá ceart cónaithe ag na gearánaigh faoi dhlí an Aontais Eorpaigh. | Socraíodh an cás agus chuir an Chomhairle Cathrach na gearánaigh ar ais ar an liosta tithíochta sóisialta, siardhátaithe go dtí an dáta a ndearnadh siad a n-iarratas bunaidh agus le tosaíocht easpa dídine.<br><br>D'ordaigh an Ard-Chúirt go n-íocfaí costais an Choimisiúin. |
| Teaghlach v. Údarás Áitiúil | 5 | Chuir teaghlach a raibh cóiríocht acu i mol teaghlaigh in aghaidh rialacha an tí ar an mbonn gur sháraigh siad an ceart chun saol teaghlaigh agus príobháideach. | Thángthas ar réiteach réamhdhlíthíochta – tairgeadh tithíocht shóisialta fhadtéarmach don teaghlach. |
| Teaghlach v. Údarás Áitiúil | 6 | Theip ar údarás áitiúil tithíocht shóisialta a sholáthar do theaghlach gan dídean, ar daoine den Lucht Siúil iad, agus theip ar an údarás a stádas ar an liosta tithíochta a shoiléiriú. | Thángthas ar réiteach réamhdhlíthíochta – tairgeadh tithíocht shóisialta oiriúnach don teaghlach. |

> " De bharr thiomantas gan staonadh IHREC do sheasamh le mo bhunchearta daonna, ní hamháin gur léiríodh go raibh mo sheasamh go hiomlán ceart, a lig dom clabhsúr a chur ar thréimhse phianmhar i mo shaol, ach thug sé dearbhú a theastaigh go géar go raibh fostóir mór sa tír ag athmheasúnú a mbeartas, a nósanna imeachta agus a bhfreagrachtaí a rachadh chun tairbhe ollmhór d'fhostaithe amach anseo a bheadh i gcás cosúil liom féin murach sin.
>
> – Duine a fuair Cúnamh Dlí

# Dul i nGleic le Fógraíocht Idirdhealaitheach

## An Coimisiún v. Daft Media Ltd

I mí Lúnasa 2019, thug WRC breith i bhfabhar an Choimisiúin sa chaingean dlí ina ainm féin a mhair beagnach trí bliana in aghaidh Daft Media Limited agus a tionscnaíodh de bharr gur fhoilsigh sé fógraí cíosa idirdhealaitheacha ar líne ar a ghréasán réadmhaoine *daft.ie.* Agus an gearán á thabhairt chuig WRC, d'úsáid an Coimisiún ár gcumhachtaí faoi *na hAchtanna um Stádas Comhionann* chun ceithre fhógra ó shuíomh gréasáin daft.ie in 2016 a chur isteach, fógraí a rinne idirdhealú de réir dealraimh ar na forais tithíochta ('HAP'), aoise agus stádas teaghlaigh sna *hAchtanna um Stádas Comhionann*.

Áiríodh téarmaí sna fógraí sin a bhí dírithe ar thionóntaí ionchais, a dúirt "ní ghlacfar le liúntas cíosa"; "d'fheilfeadh do theaghlach nó daoine gairmiúla amháin"; "d'fheilfeadh do ghairmithe óga" agus "teastaíonn teistiméireachtaí".

D'ordaigh WRC do Daft Media Ltd gan fógraí idirdhealaitheacha a fhoilsiú, ná a thaispeáint, ná foilsiú nó taispeáint fógraí idirdhealaitheacha a cheadú ar a shuíomh gréasáin, agus modheolaíocht a fhorbairt chun fógraíocht idirdhealaitheach ar a shuíomh gréasáin a shainaithint agus a mhonatóiriú agus bac a chur ar a leithéid.

Dhiúltaigh WRC d'áitimh Daft Media Limited nach raibh ann ach 'cainéal fórach' le haghaidh inneachar ar líne faoi dhlí an Aontais Eorpaigh agus dhiúltaigh sé don mhaíomh go raibh díolúine ag Daft Media Limited i leith an ghearáin seo ón gCoimisiún mar gheall ar fhorálacha dá leithéid i ndlí na hEorpa. Leagadh amach freisin sa bhreithniú go raibh dliteanas ionadach ag an gcuideachta as fógraí a chuireann tríú páirtithe ar a shuíomh gréasáin sa chás go sáraíonn siad an *tAcht um Stádas Comhionann*.

Rinne Daft Media Ltd achomharc ar chinnidh WRC leis an gCúirt Chuarda i mí Mheán Fómhair 2019. Tá an t-achomharc ar feitheamh.



## Ag Feidhmiú mar Amicus Curiae

Féadfaidh an Coimisiún iarratas a dhéanamh leis na hUaschúirteanna ar chead a fháil láithriú mar *amicus curiae* ('cara na cúirte') in imeachtaí os comhair na cúirte sin a bhaineann le cearta an duine nó cearta comhionannais do dhuine ar bith. Is faoi rogha na cúirte ár rannpháirtíocht a cheadú nó a dhiúltú.

Mar *amicus curiae*, ní dhéanann an Coimisiún ionadaíocht ar aon pháirtí sa chás; ina ionad sin, cabhraímid leis an gCúirt maidir le ceisteanna chearta an duine agus/nó comhionannais a bhaineann leis an gcás.

Amhail tús 2019, bhíomar páirteach mar *amicus curiae* in ocht gcás a bhí ar bun sna hUaschúirteanna. Cuireadh cúig cinn de na cásanna sin a tionscnaíodh roimh 2019 i gcrích in 2019, agus bhí ceann amháin fós ar bun amhail deireadh na bliana.

Tugadh breith sa dá chás eile i rith na bliana agus rinneadh achomhairc ina leith ansin leis an gCúirt Uachtarach. D'iarr an Coimisiún cead ón gCúirt idirghabháil a dhéanamh mar amicus sna hachomhairc bainteacha sin agus tugadh an cead sin dó. Bhí na hachomhairc ag fanacht ar éisteacht amhail deireadh na bliana.

I rith 2019 tugadh cead freisin don Choimisiún idirghabháil a dhéanamh mar *amicus curiae* in achomharc os comhair na Cúirte Uachtaraí faoi chás a bhreithnigh an Ard-Chúirt in 2018, inar fheidhmigh sé mar amicus. Cuireadh an cás sin i gcrích i rith na bliana freisin.

D'iarr an Coimisiún cead freisin idirghabháil a dhéanamh i dtrí chás eile i rith na bliana, agus tugadh an cead sin dó. Cuireadh péire i gcrích agus bhí an ceann eile ag fanacht ar bhreithiúnas amhail deireadh na bliana.

Amhail deireadh na bliana mar sin bhí an Coimisiún páirteach mar *amicus curiae* i gceithre chás a bhí fós ar bun.

Tabhair faoi deara go gcuimsítear sa tréimhse tuairiscithe a phléitear anseo go dtí an 31 Nollaig 2019. Tá forbairtí níos nuaí maidir leis na cásanna sin agus le cásanna dlí eile ina bhfuil an Coimisiún ag feidhmiú ina ról *amicus curiae* le feiceáil ar **www.ihrec.ie/category/press-releases**

### CÁS: KEVIN TRACEY V. AN BHREITHIMH CÚIRTE DÚICHE AENEAS MCCARTHY & AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ & DAOINE EILE (PRÍOSÚNACHT MAR GHEALL AR DHÍSPEAGADH CÚIRTE) - AN CHÚIRT UACHTARACH

Tháinig an cás seo chun cinn mar gheall ar rialú ar dhíspeagadh cúirte in aghaidh Kevin Tracey sa Chúirt Dúiche, agus díríodh ann ar an gcaoi a ndearnadh an cinneadh díspeagtha. Baineann sé le scrúdú ar an gcúinse beacht ina gceadaítear duine a chur á chimiú de bharr díspeagadh os comhair na Cúirte, ag cur chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine agus dhlí bunreachtúil na hÉireann san áireamh. I mí Lúnasa 2017, d'iarr an Chúirt Uachtarach ar an gCoimisiún gníomhú ina fheidhm mar *amicus curiae* sa chás seo toisc go raibh ceisteanna suntasacha chearta an duine i gceist maidir leis an gceart chun triail chóir agus an gá le soiléireacht a chinntiú sa dlí maidir le díspeagadh cúirte. Éisteadh an cás i mí Aibreáin 2018.

**Toradh:** I mí Feabhra 2019, thug an Chúirt Uachtarach a breithiúnas agus

shoiléirigh an dlí ar an gcaoi ar cheart do bhreithiúna aghaidh a thabhairt ar cheisteanna díspeagtha cúirte i leith ceart duine chun triail chóir a chinntiú. Rinne an Chúirt idirdhealú ina breithiúnas idir bainistíocht sheomra na cúirte agus nósanna imeachta araíonachta bainteacha (m.sh. ligean d'imeachtaí dul ar aghaidh ar bhealach rianúil) agus, ar an lámh eile, feidhmiú dhlínse díspeagtha cúirte na cúirte, a bhféadfadh ciontuithe coiriúla eascairt as.

Nuair a mheastar go bhfuil gá le himeachtaí díspeagtha, féadfaidh cúirt a mheas go bhfuil sé iomchuí leanúint ar aghaidh le héisteacht ar leith ar dhíspeagadh, agus sa chás sin ba cheart rabhadh a thabhairt don duine agus ba cheart rogha a thabhairt dó ionadaíocht dhlíthiúil a fháil. Caithfear deis chóir a thabhairt don duine é féin a chosaint toisc gur cion coiriúil é. Sa chás gur líomhain in aghaidh breithimh go pearsanta atá sa díspeagadh líomhnaithe, is gá do bhreitheamh eile an cás a éisteacht agus a chinneadh.

Dúradh sa rialú freisin gurbh inmhianaithe go mór an deis a thapú dlínse dhíspeagtha na gcúirteanna ar fad a chur ar bhonn fónta reachtúil, a thiocfadh leis na riachtanais cothroime agus an oibleagáid bhunreachtúil ceartas a riar.

Maidir le Kevin Tracey, chinn an Chúirt nár leanadh nósanna imeachta córa agus cheadaigh a achomharc dá bharr sin agus chuir sí ordú bunaidh na Cúirte Dúiche ar neamhní, a chinn go ndearna sé díspeagadh cúirte agus a ghearr príosúnacht seacht lá air.

### CÁS: DAVID WALSH V. AN AIRE DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS, AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ, NA SEIRBHÍSE CÚIRTEANNA, AN BHREITHIMH ALICE DOYLE AGUS RIALTÓIR PHRÍOSÚN CHORCAÍ (PRÍOSÚNACHT MAR GHEALL AR DHÍSPEAGADH CÚIRTE)

Tá baint aige seo leis an gcás Kevin Tracey v. an Bhreithimh Cúirte Dúiche Aeneas McCarthy & an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (féach thuas). Sa chás seo, chinn an Chúirt gur cuireadh na nósanna imeachta córa i bhfeidhm agus dhíbh sí an t-achomharc.

### CÁS: CÓNAIDHM IDIRNÁISIÚNTA NA NOIBRITHE IOMPAIR V. AN AIRE DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS, ÉIRE AGUS AN ARD-AIGHNE (GÁINNEÁIL AR MHAITHE LE DÚSHAOTHRÚ AN LUCHT OIBRE)

Dhírigh an cás seo ar iarratas a chuir Cónaidhm Idirnáisiúnta na nOibrithe Iompair faoi bhráid na hArd-Chúirte ar mhoratóir láithreach ar bhronnadh nó athnuachan ceadanna oibre a d'eiseodh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoin Scéim Ceada Oibre Neamhthipiciúla d'iascairí nach as an Aontas Eorpach dóibh, ar feitheamh athbhreithniú ar na coinníollacha a ghabhann leis an scéim. Chuir an Chónaidhm tús leis na himeachtaí sin i ndiaidh gur shainaithin sí roinnt daoine aonair a tháinig go hÉirinn de bharr ceadanna a bronnadh faoin scéim, agus a chuir faoi bhráid na nGardaí iad chun a fhiosrú mar go rabhthas in amhras go ndearnadh gáinneáil orthu agus cineálacha eile dúshaothraithe thromchúisigh saothair ar árthaí iascaireachta

Éireannacha. Thug an Ard-Chúirt cead don Choimisiún idirghabháil mar *amicus curiae* i mí Dheireadh Fómhair 2018.

**Toradh:** I mí na Nollag 2018, dhiúltaigh an Ard-Chúirt d'iarratas idirbhreitheach an Iarratasóra chun an Scéim Ceada Oibre Neamhthipiciúla a chur ar fionraí go sealadach. Chomhaontaigh na páirtithe ina dhiaidh sin páirt a ghlacadh in idirghabháil, ar éirigh léi, agus thángthas ar réiteach ar an gcás a shásaigh na páirtithe. I mí Aibreáin 2019, chuir Cónaidhm Idirnáisiúnta na nOibrithe Iompair agus an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais téarmaí an tsocraithe i láthair na hArd-Chúirte. De bharr an tsocraithe sin, rinneadh athruithe ar an Scéim Ceada Oibre Neamhthipiciúla d'iascairí nach as an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch dóibh agus a oibríonn ar chabhlach iascaireachta na hÉireann, ina measc:

- Solúbthacht d'iascairí nach as an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch dóibh bogadh go hárthach eile laistigh de thréimhse shonraithe gan a bheith i mbaol go gcuirfí a víosa ar ceal agus go ndíbreofaí iad. Ní féidir leis an bhfostóir a bhíodh acu diúltú do bhogadh dá leithéid;

- Comhoibriú idirghníomhaireachta le cuíchóiriú idir an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, Oifig na Suirbhéireachta Muirí agus na Gardaí más gá chun dul i ngleic le dúshaothrú ar bord árthaí iascaireachta; agus

- Bolscaireacht níos fearr ar fheasacht i measc iascairí nach as an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch dóibh ar a gcuid ceart agus teidlíochtaí.

## CÁS: SWEENEY V. AN AIRE DLÍ AGUS CIRT, ÉIRE AGUS AN ARD-AIGHNE (CEART BHEITH I DO THOST AG AGALLAMH GARDA)

Baineann an cás seo le fear a ceistíodh, ach nár cúisíodh, maidir le himscrúdú coiriúil. Nuair a chuir na Gardaí a bhí ag fiosrú an cháis bunaidh faoi agallaimh é, tugadh rabhadh dó go raibh an ceart bheith ina thost aige, ach níor cuireadh in iúl dó go bhféadfadh cúis ar leith faoi eolas a choinneáil ó na Gardaí eascairt as a mhainneachtain freagairt do cheistiú, mar a tharla ina dhiaidh sin nuair a cúisíodh é faoin *Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit.* Tugadh cead don Choimisiún láithriú mar *amicus curiae* i mí Feabhra 2019, chun díriú ar ghné chearta an duine den cheart bheith i do thost, ceart na pribhléide in aghaidh féin-ionchoiriú agus ceart chun triail chóir.

**Toradh:** Thug an Ard-Chúirt a breithiúnas i mí na Bealtaine 2019, agus chuir an t-ordú Ard-Chúirte níos luaithe ar ceal ag dearbhú go raibh alt 9(1)(b) den *Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit* míbhunreachtúil. Dhearbhaigh an Ard-Chúirt "go ndéantar cion as an gciúnas féin" sa reachtaíocht agus go raibh sí "doiléir agus éiginnte gan cheart". Shoiléirigh an Chúirt Uachtarach raon an chiona, agus dhearbhaigh sí go gcosnaíonn alt 9(1)(b) den *Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit* ceart aon duine bheith ina thost mura dteastaíonn uaidh labhairt faoin bpáirt a bhí aige féin i gcoir toisc go ndéanfaí é a inchoiriú dá ndéanfaí amhlaidh. Ní athraíonn sé an prionsabal nár cheart don dlí cur ar rannpháirtí é féin a ionchoiriú mura dteastaíonn uaidh labhairt dá thoil féin.

## CÁS: SCOIL NANO NAGLE V. MARIE DALY (MÍCHUMAS, AN CEART CHUN FREASTAL RÉASÚNTA)

Baineann an cás seo leis an léirmhíniú ceart ar an dualgas freastal réasúnta a dhéanamh faoi *na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015*. Bhí Marie Daly, Cúntóir Riachtanas Speisialta, ag obair le leanaí faoi mhíchumas foghlama agus/nó fisiciúil i Scoil Nano Nagle ó 1998. In 2010, tharla timpiste di agus i ndiaidh tréimhse athshlánaithe, rinne sí iarracht filleadh ar an obair in 2011. Chinn bord na scoile nach mbeadh sé de chumas ag Marie tabhairt faoina dualgais ar fad, anois ná amach anseo, agus mar sin cinneadh nach raibh cead aici filleadh ar an obair. Rinne Marie gearán leis an mBinse Comhionannais mar a bhíodh (an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre anois) ar an mbonn gur theip ar an Scoil bearta iomchuí a chur ar fáil chun freastal uirthi siúd, mar dhuine faoi mhíchumas, filleadh ar an obair contrártha d'alt 16 de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta. Leanadh leis an gcás le hachomharc trí na cúirteanna go dtí an Chúirt Uachtarach. Thug an Chúirt Uachtarach cead don Choimisiún láithriú mar *amicus curiae* i mí Dheireadh Fómhair 2018 agus éisteadh an cás i mí an Mhárta 2019.

**Toradh:** I mí Iúil 2019, thug an Chúirt Uachtarach a breithiúnas, agus rinneadh cinneadh na Cúirte Achomhairc roimhe sin a fhreaschur trína leagan amach go bhféadfadh athdháileadh aon chúraim nó dualgais i bpost a bheith i gceist le freastal réasúnta, ar an gcoinníoll nach mbeadh sé díréireach i gcomhthéacs na fostaíochta faoi chaibidil. Tharraing an Chúirt Uachtarach aird ar chur chuige a bhreathnaíonn ar fhostaíocht an duine aonair ó gach aon taobh trína mheas sa chomhthéacs níos leithne dá chaidreamh le comhoibrithe agus leis an ionad oibre. Dhearbhaigh an Chúirt freisin, cé nach bhfuil sé éigeantach dul i gcomhairle leis an bhfostaí, go mbeadh sé stuama dá ndéanfadh fostóirí amhlaidh. Dhírigh an Chúirt freisin ar dhínit an duine agus ar thábhacht oibleagáidí an Stáit faoi Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a dhaingnigh Éire in 2018.

> “ *Is duine fós duine atá faoi mhíchumas, duine aonair le dínit dhaonna a gcaithfear caitheamh leis dá réir.*
>
> – *An Breitheamh Peter Charleton*

## CÁS: A.C. V. OLLSCOIL CHORCAÍ AGUS DAOINE EILE, A.C. V. TEACH ALTRANAIS NAOMH FIONNBARRA AGUS DAOINE EILE (COIMIRCÍOCHT, COINNEÁIL IN OSPIDÉAL, AGUS AISTRIÚ CHUIG TEACH ALTRANAIS GAN TOILIÚ)

Thug an Chúirt Uachtarach cead don Choimisiún idirghabháil a dhéanamh mar *amicus curiae* sa chás seo, inar fiosraíodh chomh dleathach agus a bhí na nósanna imeachta faoinar coinníodh bean aosta in ospidéal agus i dteach altranais, agus a ndearnadh Coimircí Cúirte di. Tugadh an duine ag lár an cháis, ('AC'), bean a bhí (ag an am) 93 bliain d'aois, go hOspidéal na hOllscoile, Corcaigh in 2016 de bharr gur bhris sí a cromáin. Rinneadh Coimircí Cúirte di ina dhiaidh sin

agus aistríodh í go teach altranais. Thionscain mac AC imeachtaí san Ard-Chúirt chun cur i gcoinne chomh dleathach agus a bhí coinneáil a mháthar in Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh agus sa teach altranais.

**Toradh:** Thug an Chúirt Uachtarach a breithiúnas i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus chinn sí go raibh an próiseas trína ndearnadh Coimircí Cúirte de AC lochtach, toisc nár seasadh lena cearta chun nós imeachta cóir. Chuir an Chúirt in iúl go soiléir gur cheart, as seo amach, guth an Choimircí a chloisteáil sna himeachtaí a mbíonn tionchar díreach acu air, agus go mb'fhéidir go gcaithfí caomhnóirí *ad litem* a cheapadh chun a chinntiú go gcloisfí é. Tharraing an Chúirt imní shonrach anuas freisin faoin easpa cúnamh dlíthiúil i gcásanna mar seo chun a chinntiú go gcosnaítear sainleasanna an duine, de bharr na hiarmhairtí a bhaineann le coimircí a dhéanamh de dhuine. Tharchuir an Chúirt Uachtarach an cás go dtí an Ard-Chúirt.

### CÁS: AN TAIRE DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS V. CELMER (EISEACHADADH, AN CEART CHUN TRIAIL CHÓIR)

Baineann an cás seo le heiseachadadh iarrtha Artur Celmer, náisiúnach Polannach, go dtí an Pholainn faoi chóras an Bharántais Gabhála Eorpaigh, ach gur tharraing Artur imní anuas maidir le hathruithe reachtaíochta sa Pholainn le deireanaí maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna, na gcúirteanna agus an Ionchúisitheora Phoiblí. Bhain na hathruithe reachtaíochta sin, dar le Artur, an bonn den fhéidearthacht go mbeadh triail chóir aige. Láithrigh an Coimisiún mar *amicus curiae* os comhair na hArd-Chúirte in 2018, a d'ordaigh eiseachadadh Artur, ag cinneadh nár léirigh na fíorais go raibh riosca ann go mbeadh diúltú mínáireach ar a chearta chun triail chóir i gceist de bharr a eiseachadta. Rinne Artur achomharc i gcoinne an chinnidh sin. Rinneadh achomharc díreach ón Ard-Chúirt go dtí an Chúirt Uachtarach mar gheall ar an tábhacht phoiblí shuntasach a bhain leis. Thug an Chúirt Uachtarach cead don Choimisiún idirghabháil mar *amicus curiae* i mí Aibreáin 2019.

**Toradh:** I mí na Samhna 2019, thug an Chúirt Uachtarach a breithiúnas agus dhearbhaigh sí go bhfuil neamhspleáchas na mbreithiúna ina chuid den bhuncheart chun triail chóir. Leag an Chúirt amach freisin go bhféadfaí a chinneadh gurbh ionann easnaimh chórasacha i gcóras breithiúnach ar leith, i gcúinsí áirithe, agus sárú leordhóthanach ar bhuncheart chun triail chóir. Ach, i gcás Artur Celmer, cé gur creideadh go raibh na hathruithe córasacha sa Pholainn tromchúiseach agus dáiríre, ní raibh siad astu féin leordhóthanach chun dul thar an tairseach a bhaineann le fíorbhaol go sárófaí a cheart chun triail chóir.

> "Léirítear go soiléir le cinneadh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur sárú ar bhuncheart é sárú ar neamhspleáchas na mbreithiúna.
>
> – An Breitheamh O'Donnell

### CÁS: FAGAN AGUS DAOINE EILE V. CHOMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH (CEARTA ATHAR SCARTHA CHUN CÓIRÍOCHT OIRIÚNACH LE HAGHAIDH ROCHTAIN AR PHÁISTÍ)

I mí Iúil 2019, thug an Chúirt Uachtarach cead don Choimisiún idirghabháil mar *amicus curiae* sa chás seo, a bhain le hathair scartha triúr clainne a d'iarr cúnamh Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta ('HAP') chun cóiríocht a fháil dó féin agus dá chlann. Rinne Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath measúnú air mar theaghlach duine amháin chun críocha *Acht na dTithe, 2009*, d'ainneoin go raibh cúram a chlainne air trí oíche in aghaidh na seachtaine agus go raibh cearta comhthuismitheoireachta aige, agus mar sin measadh nár theastaigh ach aonad seomra leapa amháin ó Fagan.

**Toradh:** Thug an Chúirt Uachtarach a breithiúnas i mí na Nollag 2019. Chinn an Chúirt gur sháraigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a discréid faoin dlí nuair a cinneadh gur cheart caitheamh le Fagan mar theaghlach duine amháin agus nár theastaigh ach aonad seomra leapa amháin uaidh, d'ainneoin go raibh cearta comhthuismitheoireachta i leith a pháistí aige. Dúirt an Chúirt Uachtarach gur thug Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath "tuismitheoirí rochtana" ar thuismitheoirí ar nós Fagan ach gurb é an fhírinne ina áit sin, go minic, gur comhchaomhnóirí a bpáistí iad a dteastaíonn uathu ról suntasach a bheith acu ina dtógáil agus go bhfuil siad ina theideal sin de bharr comhaontú leis an tuismitheoir eile nó de bharr ordú cúirte. Luaigh an Coimisiún cearta faoin mBunreacht (Airteagal 42A) agus faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (Airteagal 8) maidir le cearta chun saol teaghlaigh, cearta tuismitheoirí agus cearta páistí, agus oibleagáidí na Comhairle mar chomhlacht poiblí na cearta sin a chur i bhfeidhm. Cé gur dhearbhaigh an Chúirt Uachtarach nár ghá na héilimh sin a phlé, dúirt sí *"... [gur] cinnte go gcloífeadh an breithiúnas seo leis na cearta, más ann dóibh, a dtaobhaíonn Airteagal 42A den Bhunreacht nó Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine leo."*

### CÁS: MKFS V. AN AIRE DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS (BAILÍOCHT PÓSTA)

Thug an Chúirt Uachtarach cead don Choimisiún idirghabháil sa chás seo a dhírigh ar chearta pósta agus teaghlaigh i mí Iúil 2019. Baineann an cás le náisiúnach nach as an Aontas Eorpach dó atá faoi réir ordú díbeartha toisc gur chinn an tAire gur pósadh áisiúlachta a phósadh le náisiúnach as an Aontas Eorpach a bhí ceaptha buntáiste imirce a thabhairt dó. I mí Feabhra 2019, thug an Chúirt Uachtarach cead achomharc a dhéanamh in aghaidh Breithiúnas níos luaithe ón Ard-Chúirt, ar an mbonn gur gá an dlí ar an gceist seo a shoiléiriú lasmuigh d'fhíorais an cháis shonraigh seo. Ceaptar go soiléireoidh an cás an bhfuil pósadh a conraíodh faoin *Acht um Chlárú Sibhialta, 2014* bailí má mheasann an tAire gur conraíodh é chun críocha tairbhe imirceach a fháil.

**Toradh:** Éisteadh an t-achomharc i mí Dheireadh Fómhair 2019. Táthar ag fanacht ar chinneadh ón gCúirt Uachtarach.

### CÁSANNA: MAM V. AN AIRE DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS AGUS KN V. AN AIRE DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS (ATHAONTÚ TEAGHLAIGH DÍDEANAITHE)

Sa dá chás seo, dhiúltaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais iarratais ar athaontú teaghlach ó dhaoine aonair, ar bronnadh stádas dídeanaithe orthu faoi *Acht na nDídeanaithe, 1996*, agus a ndearnadh saoránaigh Éireannacha eadóirsithe díobh ina dhiaidh sin, ar an bhforas nach raibh siad i dteideal athaontú teaghlaigh 'dídeanaithe' níos mó toisc gur shaoránaigh Éireannacha anois iad. Bhronn an tAire athaontú teaghlaigh 'dídeanaithe' sna cúinsí sin roimhe sin. Sa bhreithiúnas a thug sí i mí an Mhárta 2019, chinn an Chúirt Achomhairc gur tháinig deireadh uathoibríoch le dearbhuithe an stádais dídeanaí trí fheidhmiú dlí nuair a fuair siad saoránacht Éireannach agus, dá réir, nach bhféadfaí a n-iarratais ar athaontú teaghlaigh 'dídeanaithe' a cheadú, athaontú nach bhfuil faoi réir ceanglais urraithe agus tairseacha ioncaim. Tá sé sin á achomharc os comhair na Cúirte Uachtaraí anois agus tugadh cead don Choimisiún idirghabháil mar *amicus curiae* ag an staid sin i mí Iúil 2019.

**Toradh:** Éisteadh na hachomhairc i mí Feabhra 2020. Táthar ag fanacht ar chinneadh ón gCúirt Uachtarach.

### CÁS: DIGITAL RIGHTS IRELAND LIMITED V. AN AIRE CUMARSÁIDE, MARA AGUS ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA, AN AIRE DLÍ AGUS CIRT, COMHIONANNAIS AGUS ATHCHÓIRITHE DLÍ, CHOIMISINÉIR AN GHARDA SÍOCHÁNA, ÉIRE AGUS AN ARD-AIGHNE (COSAINT SONRAÍ)

Tarraingíonn an cás seo anuas ceisteanna maidir le raon feidhme Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an 'Chairt') agus maidir le dlí-eolaíocht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar chearta príobháideachais; raon feidhme substainteach phrionsabal na comhréireachta agus an gaol idir an Chairt, an Bunreacht agus an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

**Toradh:** Tá na himeachtaí seo fós ar bun.

# TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 2: **Tionchar a imirt ar reachtaíocht, beartas agus cleachtas**

**CUSPÓIRÍ**

- An rialtas, comhlachtaí poiblí, gníomhaireachtaí agus gnóthaí a thabhairt chun cuntais;
- Leanúint ar aghaidh ag forbairt cinnteoireacht bunaithe ar fhianaise trí chlár taighde gníomhach agus leanúnach; agus
- Ár gcumhachtaí forfheidhmithe a úsáid, lena n-áirítear tabhairt faoi fhiosrúchán, de réir mar is cuí agus is oiriúnaí, agus tosóimid ag cur Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine i bhfeidhm.

## Ráitis Beartais agus Aighneachtaí

Tá moltaí a dhéanamh don Rialtas agus do lucht déanta beartas chun cearta an duine agus comhionannas sa Stát a neartú agus a chomhlíonadh ag croí ár sainordaithe. In 2019, chuireamar aighneachtaí sonracha faoi bhráid an Rialtais agus Comhaltaí Oireachtais ar na hábhair seo a leanas:

### Na hAchtanna Toghcháin agus spás sochaí sibhialta in Éirinn

De bharr imní go raibh feidhmiú *Achtanna Toghcháin* 1997 leasaithe ag imirt drochthionchar ar mhaoiniú agus gníomhaíochtaí eagraíochtaí sochaí sibhialta atá páirteach i bhfíor-obair thacaíochta agus ionadaíochta, d'eisigh an Coimisiún moltaí i mí Eanáir 2019 do Chomhaltaí Oireachtais. Leag an Coimisiún amach an gá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar *na hAchtanna Toghcháin* chun a chinntiú go bhfuil creat dlí cumasaithe agus timpeallacht fhabhrach pholaitiúil agus phoiblí ar fáil dóibh siúd a chosnaíonn cearta an duine agus chun a chinntiú gur féidir le daoine aonair, grúpaí, eagraíochtaí sochaí sibhialta agus forais náisiúnta tabhairt faoi ghníomhaíochtaí gan aon srian, go dlíthiúil.

### I bhfócas: Coimisiún toghcháin a bhunú

I mí an Mhárta 2019 d'fhoilsigh an Coimisiún a mholtaí don Rialtas, ag éileamh go mbunófaí coimisiún toghcháin. Mhol an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Ba cheart go mbeadh an t-údarás ag an gcoimisiún toghcháin aghaidh a thabhairt ar chaint idirdhealaitheach agus fuathchaint a úsáidtear i bhfeachtais pholaitiúla trí chaighdeáin i ndioscúrsa polaitiúil i rith toghchán agus reifreann a fhorbairt agus a chur chun cinn.
- Ba cheart don choimisiún toghcháin caighdeáin a leagan síos le haghaidh úsáid stáisiúin vótála agus monatóireacht a dhéanamh orthu, a chinnteodh ceart na ndaoine chun vótála. Ba cheart go mbeadh daoine atá faoi mhíchumas rannpháirteach i mbunú na gcaighdeán sin. Bhí an obair théamach ar rannpháirtíocht pholaitiúil a rinne an Coiste Comhairleach ar Chúrsaí Míchumais mar bhonn eolais faoin moladh sin.
- Ba cheart go mbeadh ról forbartha beartas ag an gcoimisiún toghcháin. Ba cheart dá shainordú rannpháirtíocht pholaitiúil níos comhionainne a chur chun chinn, agus go háirithe do ghrúpaí a mbíonn constaicí os a gcomhair.

### Foréigean in aghaidh na mBan a Chosc agus a Chomhrac

I mí an Mhárta 2019, dhaingnigh Éire Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl). Tháinig Coinbhinsiún Iostanbúl i bhfeidhm in Éirinn an 1 Iúil 2019.

An lá ar tháinig sé i bhfeidhm, d'fhoilsigh an Coimisiún ráiteas beartais inar leagadh amach na gníomhartha a theastaíonn chun cur i bhfeidhm éifeachtach an Choinbhinsiúin a chinntiú i raon réimsí, lena n-áirítear: teacht ar shainseirbhísí tacaíochta; teacht ar cheartas d'íospartaigh; foréigean in aghaidh grúpaí sonracha ban a chomhrac, amhail mná atá faoi mhíchumas, mná ón Lucht Siúil nó ón bpobal Romach, mná LADTI+ agus mná i suíomhanna

institiúideacha; sásraí bailithe sonraí agus tuairiscithe ar fhoréigean in aghaidh na mban; agus cur chun cinn an chomhionannais inscne.

### Athbhreithniú ar an *Acht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha, 1989*

I mí na Nollag 2019, chuir an Coimisiún a aighneacht faoi bhráid an Rialtais ar an ngá atá le hathchóiriú fónta ar an reachtaíocht sin i dteannta réimse níos leithne beart a d'fhreagródh d'fhuathchaint.

Léiríonn figiúirí ón tSeirbhís Cúirteanna a thugtar sa pháipéar gur tharla 44 ionchúiseamh faoi Acht 1989 ó 2000 i leith, ach nár tharla ach cúig chiontú, agus nár cuireadh aon duine i bpríosún ach in dhá chás. As an 44 ionchúiseamh a tionscnaíodh faoi Acht 1989, chaith an chúirt amach nó dhíbh sí 22 cás agus tharraing an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí siar 7 gcás.

Tá an Coimisiún tar éis imní faoi éifeachtacht na reachtaíochta sin a chur in iúl go seasta, mar a rinne comhlachtaí idirnáisiúnta monatóireachta ar chearta an duine agus comhionannas, a cháin raon feidhme srianta na reachtaíochta.

## Monatóireacht Conartha ar Chearta an Duine agus Comhionannas

Mar an foras náisiúnta um chearta an duine, bíonn monatóireacht an Choimisiúin ar staid chearta an duine in Éirinn agus na moltaí a thugaimid mar bhonn eolais faoi mheasúnuithe na gcomhlachtaí monatóireachta conartha ar an gcaoi a bhfuil Éire ag comhlíonadh a hoibleagáidí faoi choinbhinsiúin idirnáisiúnta um chearta an duine.



Buaileann an Príomh-Choimisinéir Emily Logan le Coimisinéir an Gharda Síochána Drew Harris, Bealtaine 2019

## Ráiteas ó Bhéal do Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine

I mí an Mhárta, chuir an Príomh-Choimisinéir aighneacht ó bhéal faoi bhráid na Comhairle um Chearta an Duine i rith an 40ú seisiún rialta mar fhreagairt ar chuairt an Rapóirtéara Speisialta maidir le díol agus teacht i dtír gnéasach páistí chun na hÉireann.

## Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann na Náisiún Aontaithe – Athbhreithniú Lárthéarma na hÉireann

Cuireadh an aighneacht seo faoi bhráid na Náisiún Aontaithe i mí Aibreáin 2019, agus tugadh eolas inti ar dhul chun cinn an Stáit maidir le cur i bhfeidhm na moltaí a chuir an Chomhairle um Chearta an Duine faoi bhráid na hÉireann in 2016 ag eascairt as an Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann, mar chuid den athbhreithniú lárthéarma ar dhara timthriall na hÉireann den Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann.

## Cairt Shóisialta na hEorpa a chur i bhFeidhm

I mí na Bealtaine 2019, chuir an Coimisiún aighneacht faoi bhráid an Choiste Eorpaigh ar Chearta Sóisialta de chuid Chomhairle na hEorpa chun bonn eolais a chur faoin athbhreithniú bliantúil ar Éirinn faoi Chairt Shóisialta na hEorpa. D'fhreagair an Coimisiún go díreach don 16ú Tuarascáil Náisiúnta ó Éirinn don Choiste Eorpach ar Chearta Sóisialta maidir le cur i bhfeidhm Chairt Shóisialta na hEorpa. Díríodh sa tuarascáil agus i bhfreagra an Choimisiúin ar pháistí, teaghlaigh agus imircigh. Tharraing an Coimisiún aird freisin go bhfuil forchoimeádais shuntasacha ag Éirinn fós, an ceart chun tithíochta (Airteagal 31 (1-3)) ina measc.



Na comhaltaí Coimisiúin Tony Geoghegan agus Salome Mbugua ag freastal ar Thoscaireacht CERD sa Ghinéiv, Samhain 2019

## I bhfócas: An Coinbhinsiún maidir le hIdirdhealú Ciníoch a Dhíothú (CERD)

I measc fheidhmeanna reachtúla an Choimisiúin tá dea-chleachtas i gcaidrimh idirchultúrtha a spreagadh, caoinfhulaingt don éagsúlacht agus glacadh léi sa Stát a chur chun cinn, agus meas ar shaoirse agus dínit gach duine.

An 2–3 Nollaig 2019, scrúdaigh Coiste Saineolaithe na Náisiún Aontaithe maidir le hIdirdhealú Ciníoch a Dhíothú sa Ghinéiv taifead na hÉireann i ndíothú an idirdhealaithe chiníoch.

I mí Iúil, chuir an Coimisiún, mar fhoras náisiúnta neamhspleách na hÉireann um chearta an duine agus um an gcomhionannas, aighneacht faoi bhráid an Choiste ar an 'Liosta Téamaí' dá scrúdú ar Éirinn.

Ansin i mí na Samhna, chuir an Coimisiún a 'scáth'-thuarascáil neamhspleách faoi bhráid na Náisiún Aontaithe, chun bonn eolais a chur faoina gceistiú ar Éirinn.

Rinneadh measúnú sa tuarascáil chuimsitheach sin ar chomh maith agus a d'éirigh le hÉirinn ó 2011 i leith dul i ngleic le hidirdhealú ciníoch, agus rinneadh os cionn 150 moladh do ghníomh Stáit agus tarraingíodh ar ár gcomhairliúcháin le daoine óga, an tsochaí shibhialta agus dreamanna eile nach iad.

Tá níos mó eolais faoinár gcomhairliúchán leis an aos óg *'Be Heard on CERD'* ar leathanach 68.

Stiúir an comhalta Coimisiúin Salome Mbugua toscaireacht an Choimisiúin sa Ghinéiv i dteannta an chomhalta Coimisiúin Tony Geoghegan. Tháinig Salome Mbugua os comhair Choiste na Náisiún Aontaithe chun torthaí agus moltaí an Choimisiúin a chur ina láthair ó bhéal roimh an mionscrúdú ar Éirinn.

De réir mar a lean an scrúdú CERD ar aghaidh sa Ghinéiv, d'óstáil an Coimisiún imeacht a sruthaíodh ar an ngréasán ónár n-oifigí agus d'fhoilsíomar bileoga fíricí téamacha, cáipéis éasca le léamh agus inneachar ar na meáin shóisialta a chuir ár gcuid oibre sa réimse seo chun cinn.

An 13 Nollaig, d'fhoilsigh Coiste na Náisiún Aontaithe a "Bhreathnuithe Deiridh" don Stát. Léirítear cur chuige soiléir i moltaí na Náisiún Aontaithe i leith na gcéimeanna ba cheart don Stát a ghlacadh chun dul i ngleic le hidirdhealú ciníoch, agus moladh athruithe reachtaíochta, institiúideacha agus beartais. Chuir an Coimisiún fáilte faoi leith roimh bhéim na Náisiún Aontaithe ar dhul i ngleic le hidirdhealú ciníoch i réimsí na tithíochta, an oideachais, an tsoláthair cúraim sláinte agus an mhargaidh saothair, agus roimh an t-éileamh a rinneadh athbhreithniú agus athnuachan shuntasach a dhéanamh ar reachtaíocht chomhionannais na hÉireann, a chosnaíonn ar idirdhealú i gcúrsaí fostaíochta agus i rochtain ar earraí agus seirbhísí.

D'fháiltigh an Coimisiún freisin roimh éileamh an Choiste, a tháinig le moltaí an Choimisiúin, go bhforbrófaí samhail fáiltithe mhalartach dóibh siúd atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta agus go dtabharfaí faoi chéimeanna sonracha chun deireadh a chur leis an gcóras Soláthar Díreach de réir a chéile.




> *"Ní féidir lenár dtiomantas do chearta an duine agus don chomhionannas a bheith éighníomhach, ní féidir talamh slán a dhéanamh de, caithfear é a thuilleamh trí ghníomh. Teastaíonn ceannaireacht an Stáit chun a chinntiú nach mbeidh aon amhras ach go seasfar le cearta na ndaoine, beag beann ar chine, dath nó bunús náisiúnta nó eitneach.*
>
> – An Comhalta Coimisiúin Salome Mbugua



## An Coiste chun Céastóireacht a Chosc

Thug toscaireacht ó Choiste Chomhairle na hEorpa chun Céastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc faoina seachtú cuairt ar Éirinn ón 23 Meán Fómhair go dtí an 4 Deireadh Fómhair 2019. Bhuail an Coimisiún leis an toscaireacht ag tús na cuairte, inar díríodh ar áiteanna ina mbíonn cailleadh saoirse, lena n-áirítear príosúin, bunaíochtaí meabhairshláinte, stáisiúin phóilíní agus tithe cúraim shóisialta. Scrúdaigh toscaireacht an Choiste an chaoi a gcaitear le hothair i dtrí shaoráid shíciatracha agus, den chéad uair in Éirinn, daoine faoi mhíchumas intleachtúil a chónaíonn i mbunaíochtaí cúraim shóisialta.



## Fianaise chun Bonn Eolais a chur faoi Bheartas agus Cleachtas

Tá sé d'aidhm ag clár taighde an Choimisiúin fianaise a sholáthar le haghaidh monatóireachta ar chomhionannas agus cearta an duine agus le bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartais i réimse an chomhionannais agus chearta an duine.

### An Clár Taighde do Chearta an Duine agus Comhionannas

Foilsíodh dhá thuarascáil taighde eile in 2019 a d'eascair as Clár Taighde an Choimisiúin um Chearta an Duine agus Comhionannas leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI). I rith 2019 freisin, cuireadh tús le hobair, laistigh den chlár taighde sin, ar chuir chuige i leith monatóireacht ar chearta sóisialta, a dhírigh ar an gcéad dul síos ar obair chuibhiúil.

#### I bhfócas: Obair Chúraim agus Gan Íoc in Éirinn

Is in Éirinn atá an tríú líon is airde d'uaireanta seachtainiúla i mbun obair gan íoc i measc fear agus ban ar fud Bhallstáit an Aontais Eorpaigh. Bhí sé sin ar cheann de na príomhthorthaí a d'eascair as taighde nua dar teideal 'Caring and Unpaid Work in Ireland', a foilsíodh i mí Iúil.

Scrúdaítear sonraí na hÉireann sa tuarascáil ón gCoimisiún agus ESRI chun an obair gan íoc a dhéantar i réimsí an chúraim leanaí, an chúraim do dhaoine níos sine nó iad siúd atá faoi mhíchumas, agus obair tí, a fhiosrú. Breathnaítear freisin ar an gcaoi ar athraigh rannpháirtíocht daoine ina leithéid le himeacht ama, agus déantar comparáid idir Éire agus Ballstáit eile de chuid an Aontais Eorpaigh.

I measc thorthaí an taighde sin, léiríodh:

- Cuireann 45% de mhná agus 29% d'fhir cúram ar fáil do dhaoine eile go laethúil;
- Caitheann daoine fásta in Éirinn 16 uair an chloig ar an meán gach seachtain i mbun cúraim agus 14.5 uair an chloig i mbun obair tí;
- Tá éagothroime shuntasach agus sheasta in Éirinn idir fir agus mná i gcás obair gan íoc agus cúraim.

Molann an Coimisiún go leasófaí Airteagal 41.2 de Bhunreacht na hÉireann in áit é a scriosadh, chun aitheantas a thabhairt do luach na hoibre cúraim gan íoc in Éirinn, agus an leas a dhéanann obair chúraim laistigh agus lasmuigh de theaghlaigh don phobal i gcoitinne.

D'fhoilsigh an Coimisiún agus ESRI tuarascáil theicniúil, *European Survey Data on Attitudes towards Human Rights and Equality*, i mí na Nollag 2019. Mapáiltear inrochtaineacht shonraí na hÉireann sa tuarascáil sin ar mheonta i leith cheisteanna chearta an duine agus an chomhionannais ó shuirbhéanna Eorpacha a rinneadh idir 2000 agus 2018. Sainaithnítear sa tuarascáil foinsí eolais a bhféadfaí leas a bhaint astu chun beartas bunaithe ar fhianaise a fhorbairt agus a bhféadfaí taighdeoirí go ginearálta leas a bhaint astu.

## Comhpháirtíocht leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn

Ag eascairt as glao um thaighde in 2018, lean an Coimisiún agus an Chomhairle um Thaighde in Éirinn in 2019 ag cómhaoiniú staidéar ar chearta socheacnamaíocha dar teideal *'What works? Sharing best practice in how civil society organisations use the internet in organising and building for socio-economic rights'*, faoi stiúir an Dr Aileen O'Carroll, OÉ Má Nuad agus an Dr David Landy, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Seoladh comhghlao eile um thaighde idir an Coimisiún agus an Chomhairle um Thaighde in Éirinn maidir le *Ciníochas a shárú agus tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn* i mí an Mheithimh 2019 mar chuid de chlár taighde COALESCE 2019 (Comhaontais Chomhoibríocha le haghaidh Dúshláin Shochaíocha). Dírítear san iarratas ar éirigh leis agus a fógraíodh i mí na Nollag ar Theacht Lucht Siúil na hÉireann ar Cheartas, agus tá sé ar bun ag an Dr Amanda Haynes as Ollscoil Luimnigh. Beidh idir thaighde socheolaíoch agus taighde dlí ag baint leis an staidéar modhanna measctha seo a mhairfidh 15 mhí.

I rith na bliana, rinneadh dul chun cinn ar dhá ghréasán taighde a cómhaoiníodh trí New Foundations Network na Comhairle um Thaighde in Éirinn:

- *'Disability / Visibility: An interdisciplinary conference exploring Disability on the island of Ireland', Príomhthaighdeoir: An tOllamh Eilionóir Flynn, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.*
- *'Irish Consortium for the Promotion of Women in Peace Mediation and Negotiations', Príomhthaighdeoir: An Dr Heidi Riley, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.*

## Taighde Eile a Coimisiúnaíodh

Bhí roinnt staidéir taighde eile a coimisiúnaíodh i rith 2019 fós ar bun amhail deireadh na bliana.

Áiríodh orthu sin:

- Trí staidéar ar stádas ceart sonrach faoin gCoinbhinsiún ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas in Éirinn, ag díriú ar: Maireachtáil go neamhspleách agus rannpháirtíocht sa phobal (Airteagal 19); Caighdeán maireachtála agus cosaint shóisialta (Airteagal 28) agus Obair agus fostaíocht (Airteagal 27);
- Staidéar ar idirdhealú ar an bhforas 'Cúnamh Tithíochta' faoi *na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2018*; agus
- Staidéar scóipe ar athrú aeráide agus cearta an duine in Éirinn.



# Cur i bhFeidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a Chur Chun Cinn

Éilítear ar gach comhlacht poiblí in Éirinn comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta daonna a bhfostaithe, a gcustaiméirí, lucht úsáidte a seirbhísí agus gach duine a dtéann a gcuid beartas agus pleananna i bhfeidhm orthu a chosaint.

Tá Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine ina chuid de dhlí na hÉireann ó 2014 i leith, agus leagtar amach é in Alt 42 den *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.* Tá sainordú ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas treoir a thabhairt do chomhlachtaí poiblí, agus iad a spreagadh, le beartais agus dea-chleachtas a fhorbairt i leith chearta an duine agus comhionannais.

## Plé leis an Earnáil Phoiblí

I rith 2019, lean an Coimisiún lena chuid oibre chun cur i bhfeidhm an dualgais a chur chun cinn ar fud earnáil phoiblí na hÉireann. I rith na bliana, d'oibríomar go dlúth leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil chun Dualgas na hEarnála Poiblí a chuimsiú ina dtreoirlínte d'údaráis áitiúla maidir le pleananna corparáideacha a ullmhú, *Guidelines for Local Authorities in the Preparation of Corporate Plans 2019-2024*. Bhí cuimsiú an Dualgais sna treoirlínte an-éifeachtach toisc gur chuimsigh líon ard údaráis áitiúla an Dualgas ina bpleananna corparáideacha dá bharr.

Rinneamar cur i láthair faoin Dualgas don Ghrúpa Oireachtais um an Lucht Siúil i mí an Mheithimh nuair a rinneadh plé le hionadaithe tofa ar an gcaoi ar féidir leis an Dualgas tacú le dul chun cinn ar chuid de na ceisteanna a théann i bhfeidhm ar an Lucht Siúil, go háirithe i réimse na cóiríochta agus an oideachais.

Rinneamar cur i láthair freisin d'fhoireann shinsearach na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige agus na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt toisc go raibh na ranna sin ag forbairt a Ráiteas Straitéise. I mí na Nollag, rinneamar cur i láthair don Chumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach do na Stiúrthóirí Seirbhíse Corparáidí ar fad sa 31 údarás áitiúil.

Déantar ionadaíocht ar an gCoimisiún ar Choiste Monatóireachta de chuid trí Chlár Oibríochta le haghaidh Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, 2014–2020: An Clár um Infhostaitheacht, Ionchuimsiú agus Foghlaim (PEIL); Clár Oibríochta na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair agus Clár Oibríochta an Deiscirt agus an Oirthir.

Tá ról sonrach againn i monatóireacht a dhéanamh ar chloí le Prionsabal Cothrománach an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe agus i dtuarascáil bhliantúil mhonatóireachta ar chomhionannas a ullmhú do gach Clár. Leanadh leis an ról monatóireachta sin in 2019 agus chuir an rannpháirtíocht ardleibhéil sin deis ar fáil aird a tharraingt ar Dhualgas na hEarnála Poiblí i measc comhlachtaí poiblí éagsúla a bhaineann tairbhe as an maoiniú.

Bíonn an Coimisiún rannpháirteach freisin i nGrúpa Stiúrtha 'Ár Seirbhís Phoiblí 2020' le haghaidh Ghníomh 16 ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn.

### I bhfócas: Treoir faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí a Fhoilsiú

D'fhoilsigh an Coimisiún treoir mhionsonraithe le haghaidh comhlachtaí poiblí faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas

agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm i mí an Mhárta 2019. Seoladh cóip den treoir chuig na comhlachtaí agus eagraíochtaí poiblí ar fad ar fud an Stáit.

Is féidir le cur i bhfeidhm éifeachtach athrú dearfach ó bhonn a chur ar an gcaoi a mbíonn comhlachtaí poiblí ag plé leis an bpobal, agus lena bhfoireann féin, a fheabhsaíonn soláthar seirbhísí poiblí agus ionaid oibre.

Tugtar forléargas ar an Dualgas, agus ar a chomhthéacs, sa chéad chuid den treoir. Sa dara cuid, leagtar amach na trí chéim a chaithfidh comhlacht poiblí a dhéanamh chun an Dualgas a chur i bhfeidhm de réir a oibleagáide reachtúla. Sainaithníonn na trí chéim sin na príomhbhearta a d'fhéadfadh eagraíocht a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar chomhionannas agus cearta an duine i gcomhthéacs a cuspóra agus feidhmeanna féin, aghaidh a thabhairt ar chomhionannas agus cearta an duine, agus tuairisciú orthu.

Is oibleagáid leanúnach ar chomhlachtaí poiblí é an Dualgas, a chaithfear a chuimsiú mar chuid de thimthriall pleanála straitéisí foriomlán na heagraíochta. Iarrtar ar chomhlachtaí poiblí míniú a thabhairt ar a ngníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar a bhíonn ag a gcuid oibre ar chearta an duine agus comhionannas mar a bhaineann sé leis an bpobal, le daoine a úsáideann a seirbhísí, agus lena bhfoireann, ina dtuarascáil bhliantúil.

Ar aon dul le seoladh na treorach sin, d'fhoilsigh an Coimisiún leathanach gréasáin nua acmhainní freisin, a raibh sé fhiseán cás-staidéir ina measc.

## An Treoir a Chur Chun Cinn

Chun tacú le scaipeadh na treorach agus feasacht uirthi, ón 25 Márta go dtí an 6 Bealtaine, reáchtálamar feachtas feasachta sé seachtaine inar díríodh ar fhostaithe san earnáil phoiblí, agus bhí os cionn 8,300 cuairteoir uathúil ar an leathanach gréasáin sa tréimhse sin dá bharr.

I rith na bliana d'eagraíomar ceithre imeacht eolais ar an Treoir freisin do chomhlachtaí poiblí agus don tsochaí shibhialta, trí cinn i mBaile Átha Cliath agus ceann amháin i dTrá Lí. D'fhreastail os cionn 150 duine ó réimse leathan comhlachtaí poiblí ar na himeachtaí, ina measc ranna rialtais, údaráis áitiúla agus na hearnálacha oideachais agus sláinte. Bhí ionchur ag gach imeacht ó chomhlacht poiblí a reáchtáil cur i bhfeidhm an Dualgais ar bhonn píolótach, agus thug siad léargas praiticiúil ar an gcur i bhfeidhm bunaithe ar an taithí sin.


D'óstálamar os cionn 40 rialálaí agus comhlacht maoirseachta ag 'Imeacht Comhchéime' ag deireadh mhí na Samhna chun cur i bhfeidhm an Dualgais a thógáil tríd an obair. Thug cainteoirí idirnáisiúnta agus náisiúnta na heochair-chuir i láthair, Wendy Williams, Cigireacht Constáblachta agus Seirbhísí Dóiteáin agus Tarrthála na Banríona, agus Elaine Cassidy, Ard-Stiúrthóir Oifig an Ombudsman, ina measc. Lean plé comhchéime le hionadaithe sinsearacha ó chomhlachtaí rialála agus maoirseachta na gcur i láthair.

## Scéim Sparánachta Mac Léinn don Dioplóma Gairmiúil

I mí na Bealtaine 2019, d'fhógair an Coimisiún seoladh an cheathrú bliain den scéim sparánachta mac léinn don Dioplóma Gairmiúil i gCearta an Duine agus Comhionannas ag an bhForas Riaracháin. Tá sé d'aidhm leis an scéim sparánachta tacú le cumas i gcomhlachtaí poiblí agus sa tsochaí shibhialta chun cur i bhfeidhm éifeachtach Dhualgas na hEarnála Poiblí a chur chun cinn. Cuireadh deich n-áit sparánachta ar fáil agus thacaigh an scéim le hiarratais ó réimse leathan eagraíochtaí agus daoine aonair a oibríonn san earnáil phoiblí agus sa tsochaí shibhialta. Tá ag éirí thar cionn leis an Dioplóma Gairmiúil i gcónaí agus ghlac 58 rannpháirtí páirt ann in 2019, an líon is mó fós.

## Comhlíonadh an Dualgais a Mhaoirsiú

I mí na Samhna 2019, thug an Coimisiún faoi shuirbhé mar chuid dá chuid oibre chun tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí i measc comhlachtaí poiblí agus monatóireacht a dhéanamh air. Cúig bliana i ndiaidh Dualgas na hEarnála Poiblí a thabhairt isteach i ndlí na hÉireann, bhí sé d'aidhm leis an suirbhé eolas a sholáthar ar chomh mór is a chuirtear i bhfeidhm é sa státseirbhís agus san earnáil phoiblí. Bhí an-fhreagairt ar an suirbhé i measc comhlachtaí poiblí agus cuirfidh na torthaí bonn eolais faoi obair an Choimisiúin amach anseo ar Dhualgas na hEarnála Poiblí.



# Athbhreithnithe Comhionannais agus Pleananna Gníomhaíochta Comhionannais

Tugtar faoi Athbhreithnithe Comhionannais faoi Alt 32 den *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014*. Tá cumhacht reachtúil ag an gCoimisiún iarraidh ar ghnóthais phoiblí nó phríobháideacha tabhairt faoi athbhreithniú ar chomhionannas deiseanna go ginearálta, nó ar ghné áirithe idirdhealaithe faoi reachtaíocht frith-idirdhealaithe na hÉireann, mar atá na *hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta* agus/nó *na hAchtanna um Stádas Comhionann*.

Is faoin gCoimisiún, i bhfianaise a thosaíochtaí straitéiseacha, an rogha faoi cé air a n-iarrtar tabhairt faoinár n-athbhreithnithe comhionannais agus faoina ndírítear air sna hathbhreithnithe sin. Féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar chomhlachtaí poiblí nó príobháideacha freisin Pleananna Gníomhaíochta Comhionannais a ullmhú agus a chur i bhfeidhm chun díriú ar réimsí sonracha a eascraíonn as athbhreithnithe comhionannais.

## Athbhreithnithe Comhionannais

I rith 2019, d'eisíomar 33 iarraidh chun tabhairt faoi Athbhreithniú Comhionannais. Bhí siad ar fad fós ar bun amhail deireadh na bliana:

### Seirbhísí Cóiríochta Cuí don Lucht Siúil

I mí an Mheithimh, d'iarr an Coimisiún ar an 31 comhairle contae agus cathrach tabhairt faoi athbhreithniú ar a soláthar cóiríochta don Lucht Siúil. Dírítear sna hathbhreithnithe comhionannais ar mhainneachtain go náisiúnta buiséad caipitil imfhálaithe a tharraingt anuas chun oibleagáidí i leith cóiríocht don Lucht Siúil go sonrach a chomhlíonadh. Iarradh ar na húdaráis áitiúla tabhairt faoi athbhreithniú ar na cleachtais, nósanna imeachta agus cúinsí ábhartha eile i leith maoiniú caipitil a tharraingt anuas agus soláthar seirbhísí cóiríochta don Lucht Siúil go sonrach.

### Rochtain Iarrthóirí Tearmainn agus Dídeanaithe ar Chuntais Bhainc

I mí an Mheithimh, d'iarr an Coimisiún ar Bhanc na hÉireann agus Permanent TSB tabhairt faoi Athbhreithnithe Comhionannais ar a gcleachtais agus nósanna imeachta maidir le soláthar cuntais bhainc do dhídeanaithe agus d'iarrthóirí tearmainn.




Comhaltaí foirne ón gCoimisiún, Patrick Kalisa agus Jack Gibson, ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, Meán Fómhair 2019

### Pleananna Gníomhaíochta Comhionannais

I rith 2019, i ndiaidh na hathbhreithnithe comhionannais a chur i gcrích, d'eisíomar sé chuireadh chun Pleananna Gníomhaíochta Comhionannais a ullmhú agus a chur i bhfeidhm, agus bhí siad ar fad fós ar bun amhail deireadh na bliana:

#### Rochtain Náisiúnach Neamh-LEE ar Sheirbhísí Cóiríochta Údaráis Áitiúil i mBaile Átha Cliath

D'iarramar ar na ceithre Chomhairle i mBaile Átha Cliath (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Comhairle Contae Fhine Gall agus Comhairle Contae Átha Cliath Theas) Pleananna Gníomhaíochta Comhionannais a ullmhú agus a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirtear deireadh leis an gcaoi a gcaitear níos fabhraí le daoine áirithe ar bhonn cine agus iad ag rochtain seirbhísí easpa dídine agus tithíochta sóisialta.

#### Taithí Úsáideoirí Seirbhíse a Úsáideann Seirbhís Cóireála Ópóideach

D'iarramar ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Plean Gníomhaíochta Comhionannais a ullmhú agus a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirtear maoirsiú neamhdhíreach ar shamplaí múin a fháil i bhfeidhm de réir a chéile sna seirbhísí cóireála andúile go náisiúnta.

#### Taithí Neamhnáisiúnach ag Teacht ar Sheirbhísí Saor in Aisce Dochtúirí Ginearálta

In 2019, d'iarr an Coimisiún ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Plean Gníomhaíochta Comhionannais a ullmhú agus a chur i bhfeidhm maidir le soláthar ateangaireachta do dhaoine a úsáideann seirbhísí dochtúirí ginearálta.

## Cóid Chleachtais a Ullmhú

Tá feidhm dlí ag an gCoimisiún freisin cóid chleachtais a ullmhú chun cur le cearta an duine a chosaint, idirdhealú a dhíbirt agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn.

Is féidir forálacha na gcód sin a úsáid mar fhianaise inghlactha agus is féidir iad a chur san áireamh in aon imeachtaí os comhair na cúirte, an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre nó na Cúirte Oibreachais.

I rith 2019, chuir an Coimisiún na Cóid Chleachtais seo a leanas i gcrích, cóid atá ag fanacht ar fhaomhadh Aireachta faoi láthair:

- Dréacht de *Chód Cleachtais maidir le Pá Comhionann;*
- Athbhreithniú ar *Chód Cleachtais i leith Ciapadh Gnéasach agus Ciapadh ag an Obair.*

I rith na bliana, thosaigh an Coimisiún ag obair freisin ar:

- *Cód Cleachtais maidir le Cearta Teaghlach ag Ionchoisní*
- *Cód Cleachtais maidir le Freastal Réasúnta i bhFostaíocht*



## I bhfócas: Obair an Chomhchoiste a dhírigh ar an mBreatimeacht

Bunaíodh Comhchoiste Choimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine agus Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi Chomhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta), mar fhóram Thuaidh-Theas chun machnamh a dhéanamh ar cheisteanna chearta an duine ar oileán na hÉireann. Lean an Comhchoiste ag díriú ar an mBreatimeacht i rith 2019.

I mí Eanáir, tháinig an Comhchoiste os comhair an Chomhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas. Tharraing an bheirt Phríomh-Choimisinéirí aird ar réimsí ina bhfuil bearnaí suntasacha i gcosaint chearta an duine agus comhionannais faoin gComhaontú beartaithe um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe. Is iad sin:

- Fairsinge na gcosaintí dá bhforáiltear le tiomantas Rialtas na Ríochta Aontaithe “nach mbeadh aon mhaolú ar chearta”;
- Cinneadh na Ríochta Aontaithe gan a bheith faoi cheangal ag Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;
- An bunús dlí don Chomhlimistéar Taistil;
- Cearta Saoránachta an Aontais Eorpaigh;
- Comhshocruithe ceartais chomhoibríoch amach anseo;
- Difríochtaí féideartha amach anseo i gcosaintí ceart;
- Neart an tsásra thiomnaithe bheartaithe.

Bhí cruinnithe ag an gComhchoiste in Ard Mhacha i mí an Mhárta le grúpaí pobail trasteorann, eagraíochtaí a oibríonn ar chúrsaí chearta an duine, polaiteoirí, agus póilíní sa cheantar áitiúil chun ceisteanna chearta an duine a phlé.

D’fhoilsigh an Comhchoiste taighde nua i mí Lúnasa inar sainaithníodh na bearnaí féideartha i gcearta an duine agus comhionannas atá ag teacht chun cinn sna comhshocruithe ceartais idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach. D’ullmhaigh lucht léinn in Ollscoil Ghlaschú, Ollscoil Shrath Chluaidh agus Ollscoil Bhéal Feirste an tuarascáil dar teideal ‘Evolving Justice Arrangements Post-Brexit’, agus tugadh rabhadh ann dá bhfágfadh an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach gan mhargadh go mbeadh iarmhairtí ann láithreach do chumas na Ríochta Aontaithe páirt a ghlacadh i mbearta ceartais agus slándála faoi stiúir an Aontais Eorpach. Rinneadh 13 mholadh ar leith sa tuarascáil le haghaidh caidreamh slándála agus ceartais amach anseo idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach ina dtugtar tús áite freisin do chosaintí chearta an duine agus comhionannais.

Bhuail Michelle Bachelet, Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Chearta an Duine leis an gComhchoiste i mí Dheireadh Fómhair. Leag Mme Bachelet amach a dearcadh nár cheart glúin de chosaintí chearta an duine agus comhionannais a bhforáiltear dóibh faoi Chomhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) a chur i mbaol i ndiaidh an Bhreatimeachta.



Cruinniú Comhchoiste (Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine), Deireadh Fómhair 2019

> "Theastaigh uaim cloisteáil faoi na hiarmhairtí eile seachas trádáil a bhaineann leis an mBreatimeacht. Coinneoimid súil ar an gcás maidir le cearta an duine agus leanfaimid á mhonatóiriú. Go domhanda, táimid ag feiceáil iarrachtaí cearta an duine a shárú, agus caithfimid oibriú go réamhghníomhach chun a cinntiú go mbíonn freagairtí dearfacha ar na dúshláin sin.
>
> – Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Chearta an Duine, Michelle Bachelet



Buaileann Michelle Bachelet, Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Chearta an Duine, le Emily Logan agus Les Allamby ón gComhchoiste, Deireadh Fómhair 2019

# TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 3: **Plé leis na príomheagraíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú agus sárú ar chearta an duine**

**CUSPÓIRÍ**

- Rannpháirtíocht an phobail in obair an Choimisiúin a mhéadú;
- Caidrimh leis an tsochaí shibhialta a threisiú agus timpeallacht chumasaithe a chothú d'fhorbairt chearta an duine, lena n-áirítear trí struchtúir fhoirmiúla na gcoistí comhairleacha; agus
- Plé le haon eagraíocht a bhaineann lenár sainordú agus ár dtosaíochtaí straitéiseacha a chur chun cinn.

## Fóram na Sochaí Sibhialta

Eagraíodh dhá fhóram don tsochaí shibhialta i rith na bliana a thug eagraíochtaí sochaí sibhialta agus pobail le chéile chun dul i mbun plé leis an gCoimisiún, agus chun eolas agus taithí ar a bpríomhúdar imní faoi cheisteanna comhionannais agus chearta an duine a mhalartú.

- I mBaile Átha Cliath i mí na Bealtaine, dhírigh an fóram go sonrach ar dhul i ngleic le hidirdhealú ciníoch in Éirinn agus chuir 40 ionadaí ón tsochaí shibhialta lenár dtuairisciú do na Náisiúin Aontaithe ar oibleagáidí na hÉireann faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Idirdhealú Ciníoch a Dhíothú.
- I gCathair na Gaillimhe i mí Dheireadh Fómhair, dhírigh an fóram go sonrach ar cheisteanna tithíochta agus easpa dídine, agus tugadh le chéile níos mó ná 25 eagraíocht as ceann ceann na cathrach agus an chontae.




Fiona Blaney (Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe), Marian Moloney (Rochtain do Chách) agus Imelda Gormally (Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe) agus an madra treorach Leon ag cruinniú iomlánach na Gaillimhe, Deireadh Fómhair 2019

## Ár Spás Poiblí

Tairgeann an Coimisiún úsáid a spáis phoiblí atá go hiomlán inrochtana d'eagraíochtaí sochaí sibhialta a chuireann cearta an duine agus comhionannas chun cinn. In 2019, anuas ar an úsáid a bhain an Coimisiún féin as an spás ilfheidhmeach seo, d'eagraigh raon leathan eagraíocht sochaí sibhialta 58 imeacht seachtrach a raibh beagnach 3,000 duine bainteach leo agus a thug aghaidh ar réimse ceisteanna a bhain le cearta an duine agus comhionannas.




Óstálann an Coimisiún imeacht de chuid Chomhpháirtíocht na bPobal Nua dar teideal 'Empowering and Representing Ethnic Minorities and their Organisations in Ireland', Bealtaine 2019



Cruinniú de chuid Choiste Comhairleach an Choimisiúin ar Chúrsaí Mhíchumais, Eanáir 2019



Óstálann an Coimisiún imeacht Wezesha AkiDwA dar teideal 'Lifting the Stigmas Against Migrants', Eanáir 2019


Buaileann an Príomh-Choimisinéir Emily Logan le toscaireacht Choimisiún na hAfraice Theas um Chearta an Duine, Meán Fómhair 2019

## I bhfócas: An Coiste Comhairleach ar Chúrsaí Míchumais

Ceapadh comhaltaí Choiste Comhairleach an Choimisiúin ar Chúrsaí Míchumais i mí na Nollag 2018 trí chomórtas oscailte poiblí. Is é ról an Choiste:

1. cúnamh agus comhairle a thabhairt don Choimisiún ar ábhar a bhaineann lena fheidhm athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an dlí agus an chleachtais sa Stát maidir le cosaint daoine atá faoi mhíchumas;
2. comhairle a chur ar an gCoimisiún ar chomhlíonadh a róil neamhspleách monatóireachta faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas.

Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire i rith 2019 agus mheas a chuid oibre cearta sonracha a leagtar amach i gCoinbhinsiún sin na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear:

- an ceart chun rannpháirtíocht pholaitiúil;
- an ceart chun maireachtáil neamhspleách agus rannpháirtíocht sa phobal;
- an ceart chun rannpháirtíocht sa mhonatóireacht ar an gCoinbhinsiún;
- an ceart chun rannpháirtíocht i gcur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin; agus
- an ceart chun oideachas ionchuimsitheach.

Chuir comhaltaí an Choiste le forbairt ár bhfeachtais feasachta poiblí a dhírigh ar dhaoine faoi mhíchumas, feachtas dar teideal 'Because We're All Human. Means We're All Equal', agus ghlac siad páirt ann. Chuir comhaltaí an Choiste toscaireacht ó Choimisiún na hAfraice Theas um Chearta an Duine ar an eolas freisin faoin dea-chleachtas a aithnítear go hidirnáisiúnta a d'fhorbraíomar bunaithe ar Airteagal 33 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas.



Comhalta an Choiste Chomhairligh ar Chúrsaí Míchumais Eliona Gjecaj rannpháirteach i bhfeachtas an Choimisiúin 'All Human All Equal', Meitheamh 2019

## An Coiste Comhairleach d'Oibrithe agus d'Fhostóirí

Tá ionadaithe a d'ainmnigh Comhdháil na gCeardchumann (ICTU) agus Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (Ibec) ar Choiste Comhairleach an Choimisiúin d'Oibrithe agus d'Fhostóirí. Cuireann an Coiste comhairle ar an gCoimisiún faoi cheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas san ionad oibre agus i saol na hoibre. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire in 2019 agus thug sé aghaidh ar raon ceisteanna, lena n-áirítear an ceart chun obair chuibhiúil agus freastal réasúnta san ionad oibre do dhaoine atá faoi mhíchumas. Anuas air sin chuir an coiste, i dteannta an Choiste Chomhairligh ar Chúrsaí Míchumais, le comhdháil an Choimisiúin dar teideal 'Achieving Equality at Work: Reasonable Accommodation in Practice'.




Labhraíonn John Bosco Conama ag comhdháil an Choimisiúin dar teideal 'Achieving Reasonable Accommodation at Work', Deireadh Fómhair 2019

## Ár Scéim Deontas a Úsáid chun Tacú leis an tSochaí Shibhialta agus le Daoine a bhfuil Cearta acu

In 2019, cuireadh €350,000 ar fáil chun tacú le tionscadail ar fud na tíre a dhírigh ar dhul chun cinn a dhéanamh ar chearta socheacnamaíocha i réimsí na tithíochta agus na cóiríochta, na sláinte agus na hoibre cuibhiúla.

Seoladh Scéim Deontas 2019 i mí an Mhárta, agus d'eagraíomar seisiúin eolais faoin Scéim ina dhiaidh sin i Luimneach, Gaillimh, Ceatharlach agus Baile Átha Cliath. Rinneadh athbhreithniú agus measúnú ar 112 iarratas i mí na Bealtaine, agus bronnadh 28 deontas. Reáchtáladh seimineáir ionduchtaithe dóibh siúd a fuair deontais 2019 i mí Mheán Fómhair.

Tá eolas sa tábla ar na leathanaigh anseo a leanas faoin 28 tionscadal a maoiníodh faoi Scéim Deontas 2019.



Dámhachtaithe Scéim Deontas an Choimisiúin, Meán Fómhair 2019

| Eagraíocht | Contae | Cur síos ar an Tionscadal |
|---|---|---|
| **Tithíocht** | | |
| Blanchardstown Traveller Development Group | Baile Átha Cliath | **Strengthening Travellers capacity to advocate for accommodation rights.** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo oiliúint ar chearta cóiríochta a chur ar fáil don Lucht Siúil i mórcheantar Bhaile Bhlainséir agus a chur ar a gcumas piarthacaíocht mhuiníneach maidir lena gcearta a chur ar fáil do dhaoine eile ón Lucht Siúil sa cheantar. |
| Focus Ireland<br>Eagraíochtaí comhpháirtíochta: Threshold, Cumann Naomh Uinseann de Pól | Baile Átha Cliath | **Ensuring a home for all.** Is tionscadal taighde beartais comhoibríoch é seo chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí úsáid níos fearr a bhaint as Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine chun dul i ngleic leis an neamhionannas agus idirdhealú a bhíonn os comhair teaghlaigh imirceach, i dtéarmaí rochtain ar thithíocht agus ar sheirbhísí easpa dídine. Tá sé d'aidhm leis torthaí a chur i láthair a fheabhsóidh a dtaithí agus na torthaí d'imircigh gan dídean a bhíonn ag plé le seirbhísí Stáit agus eagraíochtaí neamhrialtasacha. |
| Clann Shíomóin na Gaillimhe<br>Eagraíocht chomhpháirtíochta: COPE Galway | Gaillimh | **Amplifying voices.** Forbróidh an tionscadal comhoibríoch seo córas chun cumas daoine gan dídean a neartú astu féin agus i gcomhpháirt chun troid ar son a gceart agus iad a bhaint amach; agus a chur ar a gcumas plé le gníomhaireachtaí reachtúla agus comhlachtaí poiblí chun a chinntiú go gcomhlíonann na comhlachtaí sin a n-oibleagáidí faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. |
| Garryowen Development Project, Luimneach<br>Eagraíochtaí comhpháirtíochta: Southill Hub, Our Lady of Lourdes Community Services Group, Limerick City CDP, NOVAS, agus Community Law & Mediation Centre | Luimneach | **Human Rights and Homelessness in Limerick.** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal comhoibríoch seo feasacht a ardú ar easpa dídine agus tithíocht mar cheist phobail agus chearta an duine trí thuarascáil a choimisiúnú ar chearta an duine agus easpa dídine i Luimneach, agus na hoibleagáidí a leagtar amach i nDualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine agus taithí bheo na ndaoine san áireamh ann. Cuirfear na torthaí i láthair seimineáir daoine a dtéann easpa dídine agus tithíocht nach bhfuil sách maith i bhfeidhm orthu. Cuirfear oiliúint leantach ar fáil d'eagraíochtaí agus grúpaí pobail ar chearta tithíochta agus tabharfar faoi phlé le gníomhaireachtaí áitiúla Stáit. |
| Ionchuimsiú Éireann | Baile Átha Cliath | **Promoting the Right to Housing for People with Disabilities.** Stiúrfaidh grúpa oibre daoine atá faoi mhíchumas intleachtúil forbairt an pháipéir beartais ar thithíocht, a mbeidh anailís ar chomhionannas agus cearta mar bhonn eolais faoi, agus ina gcuimseofar guth daoine atá faoi mhíchumas. Eascróidh acmhainní inrochtana as an tionscadal do dhaoine atá faoi mhíchumas chun a gceart chun tithíochta a éileamh chomh maith le comhdháil chun an fhoghlaim a roinnt. |
| Mercy Law Resource Centre | Baile Átha Cliath | **Overcoming barriers to accessing adequate housing and homeless provision for minority groups.** Cuirfidh Mercy Law Resource Centre tuarascáil taighde i dtoll a chéile a mbeidh a chásobair agus a obair bheartais féin mar bhonn eolais faoi, tuarascáil ina leagfar amach na constaicí a bhíonn os comhair grúpaí mionlach agus iad ag iarraidh leas a bhaint as teidlíochtaí tithíochta agus easpa dídine agus tairgfear sraith moltaí dearfacha d'údaráis áitiúla agus do Ranna Rialtais i gcomhthéacs Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. Seolfar torthaí na tuarascála ag comhdháil leathlae. |

| Eagraíocht | Contae | Cur síos ar an Tionscadal |
|---|---|---|
| **Sláinte** | | |
| Aoisghníomhaíocht Éireann | Baile Átha Cliath | **It's My Life.** Forbróidh Aoisghníomhaíocht Éireann tuarascáil ar chomhráite rannpháirtíochta le daoine níos sine a sholáthróidh bonn fianaise do dhá staidpháipéar beartais, a chuirfidh léargas chearta an duine agus comhionannais i bhfeidhm ar fhorálacha na Scéime Cúraim Baile (tacaíocht baile) atá le teacht go luath agus ar chur i bhfeidhm an *Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015.* |
| All Ireland Institute of Hospice and Palliative Care<br>Eagraíochtaí comhpháirtíochta: Sue Ryder UK, Foras Ospíse na hÉireann | Baile Átha Cliath | **Human Rights in Palliative and End-of-life Care for Health Care Professions.** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal comhoibríoch seo tuiscint a chruthú ar dhúshláin chearta an duine a bhaineann le cúram maolaitheach. Tabharfar faoi thaighde chun go sainaithneofar riachtanais inniúlachta na ngairmithe cúraim sláinte i gcúram maolaitheach maidir le cearta an duine agus neamhspleáchas i gcinnteoireacht chomhroinnte agus eiticiúil ag deireadh an tsaoil. Soláthrófar ceardlanna do ghairmithe cúraim sláinte bunaithe ar na riachtanais a shainaithneofar i gcomhar le daoine a bhfuil riachtanais cúraim mhaolaithigh acu agus cúramóirí. Forbrófar treoir teagascóra agus acmhainn físeáin freisin chun oiliúint a sholáthar amach anseo. |
| AMAL – Grúpa Ban Moslamach | Baile Átha Cliath | **A Mother is Born Too.** Tabharfaidh AMAL faoi thaighde cáilíochtúil ó thaobh chearta an duine agus comhionannais ar na constaicí a bhíonn roimh mhná Moslamacha atá ag iarraidh leas a bhaint as seirbhísí máithreachais in Éirinn, agus é mar aidhm leis torthaí a chur ar fáil a chuirfidh bonn eolais faoi fhreagairtí AMAL ar na ceisteanna a tharraingeofar anuas agus obair na soláthraithe seirbhísí sláinte. |
| Cairde | Baile Átha Cliath | **Mental Health Peer Advocates for Minority Ethnic Communities.** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo neamhionannas a laghdú i réimse na rochtana ar sheirbhísí meabhairshláinte agus torthaí meabhairshláinte le haghaidh pobail mionlach eitneach. Tógfar cumas na bpobal sin aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le seirbhísí meabhairshláinte inrochtana, trí chlár forbartha pobail agus oiliúna chearta an duine le haghaidh Piar-Ionadaithe Meabhairshláinte atá in ann tacú le daoine aonair leochaileacha ó ghrúpaí mionlach eitneach, aghaidh a thabhairt ar an stiogma a bhaineann le meabhairshláinte agus tacaíocht meabhairshláinte agus plé le soláthraithe seirbhísí agus lucht déanta beartas. |
| Citywide Drugs Campaign | Baile Átha Cliath | **Stigma Awareness Training.** Tabharfar aghaidh sa tionscadal seo ar an mbearna thromchúiseach a bhíonn in oiliúint gairmithe cúraim sláinte nuair atá siad ag plé le daoine a bhfuil taithí ar úsáid drugaí acu. Forbrófar clár oiliúna rannpháirtíochta bunaithe ar chearta an duine le daoine a bhfuil taithí ar úsáid drugaí acu. Úsáidfear é mar threoirthionscadal le gairmithe cúraim sláinte (a sholáthrófar i gcomhar le daoine a bhfuil taithí ar úsáid drugaí acu). Cuirfidh cur chuige leasaithe bonn eolais faoi fhorbairt na samhla 'cuir oiliúint ar an lucht oiliúna' agus acmhainní. |
| An Líonra Eorpach um Fhrithbhochtaineacht | Baile Átha Cliath | **A Community Approach to developing Health Inequalities.** Díreofar sa tionscadal seo ar an gceart chun sláinte agus ar an gcaoi a dtugann straitéisí náisiúnta sláinte aghaidh ar neamhionannas sláinte a neartú, agus comhráite le pobail agus grúpaí a mbíonn taithí acu ar neamhionannas sláinte agus atá sa bhaol is mó go bhfulaingeoidh siad neamhionannas sláinte mar bhonn eolais faoi. Cuirfear na comhráite sin i dtoll a chéile i dtuarascáil, roinnfear an fhoghlaim ag cruinniú comhchéime agus cuirfear i láthair do lucht déanta beartas sláinte í. |

| | | |
|---|---|---|
| Ifrah Foundation, Muineachán | Muineachán | **Outreach to Somali Community on FGM.** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal líon na mban ón bPobal Somálach a fhaigheann cúram leighis agus síceolaíochta saor in aisce le haghaidh Ciorrú Ball Giniúna Ban a mhéadú. Cuirfear bileog Somáilise ar Chiorrú Ball Giniúna Ban i dtoll a chéile, bileog ina dtabharfar breac-chuntas ar na seirbhísí atá ar fáil ag an tSeirbhís Cóireála do Chiorrú Ball Giniúna Ban san Irish Family Planning Association a mhaoiníonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus atá ar fáil saor in aisce. Cuirfidh Ifrah oiliúint freisin ar ambasadóirí deonacha chun teagmháil a dhéanamh leis an bPobal Somálach agus feasacht a mhéadú ina measc ar iarmhairtí diúltacha sláinte an Chiorraithe Ball Giniúna Ban, an dlí in Éirinn a chuireann cosc air, agus na seirbhísí atá ar fáil dóibh siúd a d'fhulaing dá bharr. |
| Laois Traveller Action Group<br><br>Eagraíochtaí comhpháirtíochta: Offaly Traveller Movement, Longford Community Resources Ltd, Meath Primary Healthcare, Westmeath Community Development Primary Healthcare | Laois, Uíbh Fhailí, an Longfort, an Mhí, An Iarmhí | **Travellers Connecting for Better Services.** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal comhoibríoch seo cumas 24 duine den Lucht Siúil i sé chontae a fhorbairt chun modúil ar Fheasacht Chultúrtha agus Neamhionannas Sláinte a éascú le seirbhísí agus gníomhaireachtaí ar nós Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tarraingeoidh na modúil sin aird ar na difríochtaí i Sláinte an Lucht Siúil agus cuirfidh sé ar chumas na seirbhísí a bheith níos feasaí agus inniúlacht chultúrtha a thógáil i leith soláthar seirbhísí agus rochtain ar eolas. |
| Mental Health Reform | Baile Átha Cliath | **Speak Out for Mental Health.** Cuirfidh Mental Health Reform oiliúint tógála cumais bunaithe ar chearta an duine, 'Speak Out for Mental Health', ar fáil do 30 duine a bhfuil taithí acu ar dheacrachtaí meabhairshláinte agus/nó daoine muinteartha/ tacaithe. Tá sé d'aidhm ag an tionscadal rannpháirtithe a chumhachtú ionas gur féidir leo troid ar son feabhsuithe sa chóras meabhairshláinte. |
| National Family Support Network | Baile Átha Cliath | **Health Outcomes of adult family members of people who misuse drugs or alcohol.** Féachann an tionscadal taighde rannpháirtíochta seo leis na riachtanais agus torthaí sláinte a bhíonn ag daoine muinteartha fásta na ndaoine a bhaineann mí-úsáid as drugaí/alcól a shainaithint, agus tionchar na n-idirghabhálacha bunaithe ar thacaíocht ar na torthaí sin a shainaithint. Seolfar torthaí an taighde ag seimineár agus úsáidfear iad chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartais agus cleachtais bunaithe ar chearta an duine, i gcomhthéacs beartas agus seirbhísí tacaíochta teaghlaigh in Éirinn. |
| Comhairle Náisiúnta na nÓg | Baile Átha Cliath | **Supporting Mental Health of Minority-Ethnic Youth Leaders.** Eagróidh Comhairle Náisiúnta na nÓg seimineár gearr cónaitheach chun tacú le ceannairí óige mionlach eitneach na dúshláin a bhíonn os a gcomhair maidir lena meabhairshláinte féin a shárú, agus iad ag freagairt do riachtanais ilghnéitheacha a bpobail, agus na deacrachtaí a bhíonn os a gcomhair, go háirithe iad siúd a bhaineann le hidirdhealú ciníoch. |
| Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne | Baile Átha Cliath | **Speaking from the Margins too.** Tabharfaidh Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne faoi thionscadal taighde ina n-athscrúdófar meabhairshláinte agus folláine an phobail daoine trasacha agus neamh-chomhréireacha ó thaobh inscne de in Éirinn, ag tógáil ar thaighde a rinneadh in 2013. Déanfar moltaí beartais sa taighde le haghaidh forbairt reachtaíochta, beartais agus cleachtais maidir le seirbhísí meabhairshláinte do dhaoine trasacha ó thaobh chearta an duine agus comhionannais de. |

| | | |
|---|---|---|
| Obair d'Ógra Éireann | Baile Átha Cliath | **Young People's Rights to Sexual Health Information and Education.** Eagróidh Obair d'Ógra Éireann comhdháil náisiúnta óige chun feasacht a ardú ar chearta daoine óga chun oideachas agus eolas cruinn agus ionchuimsitheach a fháil faoi shláinte ghnéis. Tabharfar guth do dhaoine óga ag an gcomhdháil ar na ceisteanna sin agus díreofar go sonrach ar chearta sláinte gnéis daoine óga LADTI+ agus daoine óga atá faoi mhíchumas. Cuirfear an tuarascáil agus moltaí na comhdhála chun cinn agus úsáidfear iad mar bhonn eolais faoi fheachtas cumarsáide níos forleithne. |

| **Eagraíocht** | **Contae** | **Cur síos ar an Tionscadal** |
|---|---|---|
| **Decent Work** | | |
| Community Action Network (CAN) | Baile Átha Cliath | **Public Procurement and the Right to Work.** Tabharfaidh CAN faoi thionscadal taighde bunaithe ar chearta an duine ina bpléifear le soláthraithe, conraitheoirí, tairbhithe agus pobail atá páirteach i dtionscadail ina Fhóram Tairbhí Pobail. Taifeadfar na héachtaí agus dúshláin a bhaineann le clásal sóisialta a chur i gconarthaí soláthair phoiblí chun críche poist a chur ar fáil do dhaoine i bhfad ón margadh saothair agus déanfar moltaí i gcomhthéacs dhlí an Aontais Eorpaigh um chearta bunúsacha agus Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. |
| Doras, Luimneach | Luimneach | **Employment Training for People from a Migrant Background.** Tabharfaidh Doras faoi thaighde chun anailís a dhéanamh ar na tacaí fostaíochta is mó a theastaíonn agus is éifeachtaí chun tacú le dídeanaithe, daoine sa chóras Soláthar Díreach agus imircigh eile i mbaol chun obair chuibhiúil a chinntiú dóibh féin in Éirinn. Tá sé d'aidhm ag torthaí an taighde cur le forbairt tacaí fostaíochta níos saincheaptha atá bunaithe ar fhianaise agus a bhfuil an dea-chleachtas mar bhonn eolais fúthu. |
| Luath-Óige Éireann | Baile Átha Cliath | **Pathways to Better Prospects: Delivering decent work, terms and conditions for early childhood workers.** Tabharfar faoi anailís sa tionscadal taighde seo ar phroifisiúnú agus ceardchumannú pá agus coinníollacha laistigh d'earnálacha eile in Éirinn agus an chaoi a bhfuiltear á gcur ar bhonn foirmiúil. Taifeadfar bonnlíne reatha na hearnála cúraim luathóige agus sainaithneofar na príomhspriocanna chun a chinntiú go bhfuil fostaíocht sheasmhach agus shlán ag an bhfoireann agus cuirfear ról Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine san áireamh ann. Cuirfear torthaí an taighde i láthair páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta ag comhdháil. |
| Cumann Múinteoirí Éireann | Baile Átha Cliath | **The lived workplace experience of LGBT+ teachers in Irish schools.** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo aird a tharraingt ar an gceart chun comhionannas deiseanna atá ag múinteoirí LADT+, agus an ceart go gcaithfí go comhionann leo, ina n-ionad oibre, tríd an ábhar imní, teannais agus idirdhealú caolchúiseach ar bhonn gnéaschlaonadh a léiriú i scannán faisnéise. Úsáidfear an scannán in imeachtaí oiliúna agus feasachta chun plé leis na páirtithe leasmhara oideachais ar fad, ceannairí scoile/príomhoidí agus pátrúin scoile go háirithe, agus chun tacaíocht múinteoirí eile a mhúscailt. |

| | | |
|---|---|---|
| Irish Organisation of the Unemployed (INOU) | Baile Átha Cliath | **Accessing Decent Work.** Méadóidh tionscadal INOU feasacht ar an gceart chun obair chuibhiúil. Eagrófar dhá cheardlann réigiúnacha agus seimineár náisiúnta ina ndiaidh, ina n-éascófar comhrá ar obair chuibhiúil agus a thógfaidh feasacht agus tuiscint daoine ar a gceart chun obair chuibhiúil agus an chaoi a mbaineann sé le cearta eile. Cuirfidh an fhoghlaim le forbairt agus cur i bhfeidhm na mbeartas atá mar bhonn agus taca ag gníomhachtú agus seirbhísí fostaíochta. |
| Kilkenny Traveller Community Movement<br>Eagraíochtaí comhpháirtíochta: Kilkenny Leader Partnership | Cill Chainnigh | **Traveller Access to Employment.** Tabharfar faoi thaighde sa tionscadal seo chun raon agus bunchúis na dífhostaíochta a shainaithint i measc an Lucht Siúil i gcathair agus contae Chill Chainnigh, go háirithe chun an gnáthaistear tríd an bpróiseas oideachais/oiliúna a mhapáil do dhaoine ón bpobal sin agus chun laigí féideartha sa phróiseas a shainaithint. Dá bharr sin, beidh an staidéar in ann straitéisí fadtéarmacha féideartha a shainaithint chun rochtain ar fhostaíocht a fheabhsú do phobal an Lucht Siúil i gCill Chainnigh agus straitéis fhadtéarmach a fhorbairt chun é sin a bhaint amach. |
| Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn | Baile Átha Cliath | **Decent work: Promoting the progression of migrant workers in low paid work and their horizontal integration into the labour market.** Tá sé d'aidhm ag tionscadal taighde Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn aghaidh a thabhairt ar an idirdhealú a bhíonn os comhair oibrithe imirceacha chomh maith le comhtháthú níos mó sa mhargadh saothair a chur chun cinn trí thuiscint níos fearr ar rochtain, coinneáil agus bealaí dul chun cinn d'oibrithe imirceacha agus a riachtanais a thaifeadadh. Cuirfear na torthaí i láthair páirtithe leasmhara is fostóirí agus an Stáit ag cruinniú comhchéime. |
| Comhairle Náisiúnta na mBan | Baile Átha Cliath | **Workplace Equality, Economic Security and Decent Work for All Women.** Tá sé d'aidhm ag tionscadal Chomhairle Náisiúnta na mBan rochtain ar chosaintí dlí do mhná san ionad oibre a leathnú. Bunófar clinic dlí tiomnaithe mar threoirthionscadal chun comhairle a chur ar mhná faoi chúrsaí a bhaineann go díreach le hidirdhealú fostaíochta agus cuirfear eolas i dtoll a chéile ar na ceisteanna a bhíonn os a gcomhair, bainfear an phríomhfhoghlaim as, agus coimisiúnófar taighde dlí chun na bearnaí i ndlí fostaíochta a shainaithint. Beidh na torthaí mar bhonn eolais faoi Bhille um Chearta na mBan Oibre a sheolfar ag imeacht clabhsúir. |
| The National Platform of Self-Advocates | Baile Átha Cliath | **Improving Access to Paid Employment for People with Intellectual Disability.** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal taighde rannpháirtíochta seo tacú le daoine atá faoi mhíchumas intleachtúil chun tuarascáil taighde a threorú, a fhorbairt agus a sholáthar, le tacaíocht ó phríomhthaighdeoir. Bunóidh an tuarascáil na constaicí roimh fhostaíocht íoctha do dhaoine atá faoi mhíchumas intleachtúil ó thaobh na ndaoine a bhfuil cearta acu agus na bhfostóirí i dtrí thionscal ar leith: miondíol, teicneolaíocht faisnéise agus fáilteachas. Féachfar freisin leis na réitigh is fearr chun aghaidh a thabhairt ar na constaicí sin a shainaithint agus bonn eolais a chur faoi bheartas poiblí agus cleachtas. |

Bhí tionscadail ar bun in 2019 freisin ar tugadh tacaíocht dóibh faoi Scéim Deontas 2018 agus a lean ar aghaidh ag cur a gcuid oibre i gcrích. Liostaítear na tionscadail sin in **Aguisín 7**.

# TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 4: **Caighdeán an idirphlé ar cheisteanna chearta an duine agus comhionannais a ardú agus raon an idirphlé sin a fhairsingiú**

**CUSPÓIRÍ**

- Cultúr láidir agus roinnte measa ar chearta an duine, comhionannas agus tuiscint idirchultúrtha a éascú, lena n-áirítear trí oideachas, go háirithe tuiscint an aosa óig;
- Tuiscint ar chearta an duine mar chearta gaolmhara agus idirspleácha a chur chun cinn, le béim faoi leith ar chearta socheacnamaíocha; agus
- Bheith ag súil le cúrsaí roimh ré, iad a shainaithint agus aird a tharraingt orthu, ionas gur féidir leis an gCoimisiún freagairt go cuí do chúrsaí chearta an duine agus comhionannais sa Stát.

## I bhfócas: 'Because we're all human. Means we're all equal'

I mí an Mheithimh 2019, sheol an Coimisiún a fheachtas náisiúnta feasachta ar chearta daoine atá faoi mhíchumas. Bhí sé d'aidhm ag an bhfeachtas "Because we're all human. Means we're all equal" dúshlán na sochaí agus meon daoine aonair a thabhairt toisc go gcuireann siad srian ar dhaoine atá faoi mhíchumas páirt a ghlacadh sa ghnáthshaol.

Níor úsáideadh script ar bith don fheachtas inar taispeánadh 13 agallamh le daoine as gach cuid de shochaí na hÉireann, agus iad ag roinnt a ndearcthaí pearsanta ar a saol laethúil agus ar chuid de na constaicí a bhíonn roimh dhaoine ar a bhfuil uathachas, míchumas intleachtúil, riachtanais chasta, míchumas fisiciúil nó droch-mheabhairshláinte nó daoine dalla, lagamhairc, nach bhfuil an éisteacht go maith acu nó Bodhra.

Bhí dhá chéim ag baint leis an bhfeachtas; ó mhí an Mheithimh 2019 ar dtús ar an raidió, i bpictiúrlanna agus ar líne, agus ansin ó mhí na Nollag 2019 ar an teilifís, i bpictiúrlanna agus ar líne.

- Coimisiúnaíodh taighde, trí RedC, a rinne measúnú ar thionchar an fheachtais, taighde a léirigh gur athraigh an feachtas meonta go dearfach.
- Dúirt 68% díobh siúd a d'fhreagair go gcaithfeadh níos mó rannpháirtíochta a bheith ag daoine atá faoi mhíchumas san ionad oibre. I ndiaidh dóibh an fógra a fheiceáil, mhéadaigh sé sin go 78%.



## An Coimisiún sna Meáin

Mar chuid dár gcuid oibre chun cur agus cúiteamh a chruthú faoi cheisteanna chearta an duine agus an comhionannais, bhí an Coimisiún páirteach go réamhghníomhach sna meáin áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

In 2019, chláraigh an Coimisiún ardú suntasach ar thuairisciú sna meáin agus ar phlé lenár gcuid oibre.

Áiríodh leis sin dhá alt ar an leathanach tosaigh ar nuachtán náisiúnta, ceithre eagarfhocal i nuachtán náisiúnta, agus tuairisciú ar fud na tíre sa phreas réigiúnach ar scéalta ar nós cheapachán ár gComhaltaí ar an gCoiste Comhairleach ar Chúrsaí Míchumais, Scéim Deontas 2019 dár gcuid, agus ár gcuid oibre ag dul i ngleic le hidirdhealú ciníoch.

Bhí an Coimisiún gníomhach ar na haerthonnta chomh maith, leis an bPríomh-Choimisinéir agus Coimisinéirí eile páirteach in agallaimh a dhírigh ar ár gcuid oibre ar theilifís RTÉ, raidió RTÉ, Newstalk, Today FM agus Virgin Media.

Leag an Coimisiún amach ár gcuid oibre, agus mhínigh í, do lucht éisteachta náisiúnta ar agallaimh beo ar an raidió ar chláir ar nós Today with Sean O'Rourke, RTE's Morning Ireland agus Drivetime, Newstalk Breakfast nó The Hard Shoulder with Ivan Yates.




An Príomh-Choimisinéir Emily Logan agus na comhaltaí Coimisiúin Heydi Foster-Breslin agus Salome Mbugua ag seoladh Ráiteas Straitéise 2019–2021 an Choimisiúin

## Daft.ie breached anti-discrimination law in rental ads, workplace body finds

Property website breached sections of the Equal Status Acts, says WRC

Case taken by Irish Human Rights and Equality Commission in 2016

## Human rights body concerned about abortion access

## Brendan: Give carers support for tough job

### STAR'S PLEA TO GOVERNMENT



FAIR DEAL Brendan Courtney

Laura COLGAN

**TV HOST Brendan Courtney said that the Government must do more to support carers as parents, spouses and children are being forced to care for loved ones.**

It comes as a report from the Irish Human Rights and Equality Commission and the Economic and Social Research Institute found that Irish adults spend an average of 38 hours per week on caring duties.

**And some 35 per cent of Irish people providing unpaid care on a daily basis are also in employment.**

Brendan, who fronted the We Need To Talk About Dad documentary after his late father Frank suffered a stroke, said many people are unable to access home care packages.

He said that he, his siblings and his mother Noela were tasked with caring for his father as he was unable to avail of home care through the Fair Deal scheme.

**Support**

Brendan said: "The documentary ripped the lid off how unfair the Fair Deal scheme was because it didn't allow us to borrow money from the Government for Fair Deal to use on anything other than nursing home care."

Brendan, who has since been appointed to Sláintecare implementation council, said the Government should make home care available to everyone who needs it and support people who are caring for loved ones.



# I'm not drunk ..I have got a brain tumour

## Man gets €3.5k settlement from pub

BY GORDON DEEGAN

**A PUB that turfed out a customer with a brain injury because staff thought he was drunk has paid him €3,500 in compensation.**

The unnamed man was in the bar celebrating the end of rehabilitative treatment for a tumour.

settlement, which saw no admission of liability.

IHREC chief Emily Logan said: "The commission welcomes this legal settlement and the clear message it sends that discrimination in private services, including licensed premises, is not acceptable and can be challenged.

"As this case demonstrates, issues

## Bank refused to let refugee open account because he was Syrian

**Shane Phelan**
LEGAL AFFAIRS EDITOR

A BANK has been ordered to pay €4,000 in compensation to a Syrian refugee after it refused to open a bank account for him on the grounds of his nationality.

The adjudication by the WRC found two front-line staff at the bank "appeared to be oblivious to any policy that may have been in place to cover such a situation".

The adjudicator said it was difficult to disagree with the man's argument that where a service provider, such as the bank, was to have applied





## Meath youths help break barriers

THE Irish Human Rights and Equality Commission recently hosted an event bringing together more than 120 young people from across Ireland to collect their experiences and ideas towards eliminating all forms of racial discrimination.

As a traveller specific youth service, Involve Youth Project Meath thought it was important to attend this event with its young people. Brian Doyle who is a youth worker from Involve Meath felt it was important for him attend with the young people. Brian said "It was important for me to attend






Brian Doyle, Immanuel Jaydon Chirwa, Fathi Mohamed, Christina Burlacu, Kelvin Akpalee, with Emily Logan, Chief Commissioner of the Irish Human Rights and Equality Commission.
PHOTOGRAPH DARA MAC DONAILL

## Suíomh Gréasáin agus Meáin Shóisialta


Bíonn an Coimisiún gníomhach ar líne trínár suíomh gréasáin agus ar chainéil meán sóisialta.

**Buaicphointí an tsuímh gréasáin in 2019**




**509,236**
**amharc leathanaigh**

42,436 in aghaidh na míosa ar an meán



**Ba iad na leathanaigh ba mhó**

ar tugadh cuairt orthu (i ndiaidh an leathanaigh baile) ár leathanaigh ghréasáin faoi chomhionannas fostaíochta (na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta) agus faoi rochtain ar sheirbhísí (na hAchtanna um Stádas Comhionann)



**Chonacthas an trácht ba mhó**

ar ár suíomh gréasáin i mí na Samhna agus mí na Nollag, trácht a spreag ár bhfeachtas faoi chearta daoine faoi mhíchumas, "All Human, All Equal".



**r-nuachtlitir**

Chuireamar 12 eagrán mhíosúla dár r-nuachtlitir ar fáil freisin chun na daoine a bhí liostáilte lenár nuachtlitir a choinneáil ar an eolas faoinár gcuid oibre.

## Buaicphointí na meán sóisialta in 2019

**Twitter**

**3,000,000 imprisean**

250,000 in aghaidh na míosa ar an meán

**LinkedIn**

**Tháinig méadú 275%**

**ar na leantóirí ar ár gcuntas Linkedin, ó 534 ag tús na bliana go 2,002 faoi dheireadh na bliana.**

**Instagram**

**461 leantóir**

Chuireamar tús le cuntas nua Instagram i mí an Mhárta, a raibh 461 leantóir aige faoi dheireadh na bliana

### Leantóirí/síntiúsóirí amhail deireadh 2019

| | |
|---|---|
| Twitter | 8,875 |
| Instagram | 461 |
| Linkedin | 2,002 |
| Nuachtlitir | 1,169 |
| **Iomlán** | **12,507** |

## Comhdhálacha agus Imeachtaí

### I bhfócas: Cloisteáil ón Aos Óg go Díreach

Tá an t-aos óg ar thús cadhnaíochta i gcuid de na dúshláin is práinní i gcúrsaí chearta an duine agus comhionannais in Éirinn na linne seo. Dá bhrí sin níor cheart beag is fiú a dhéanamh den tábhachtach a bhaineann le plé leis an aos óg agus le héisteacht leo. Is bunphrionsabal de chearta an duine, agus dlúthchuid dár gcuid oibre mar Choimisiún, é daoine a bhfuil cearta acu a chur i gcroílár an chaoi a ndéantar beartais agus cinntí a imríonn tionchar ar a gcearta.

Roimh scrúdú na hÉireann faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú (CERD), chuamar i gcomhpháirt le Comhairle Náisiúnta na nÓg chun daoine óga idir 16 agus 24 bliain d'aois ó réimse leathan cúlraí agus pobal a thabhairt le chéile chun plé a dhéanamh ar a dtaithí féin ar an gciníochas agus ar an idirdhealú, agus a smaointe faoin gcaoi le dul i ngleic leo.

Tugadh faoin gcomhairliúchán 'Be Heard on CERD: Ending Racial Discrimination in Ireland' i mí an Mhárta, agus chuir sé ar chumas daoine óga – iad siúd a chónaíonn i soláthar díreach, daoine óga gan cháipéisí, baill den Lucht Siúil agus den Phobal Romach agus meascán ilghnéitheach pobail mionlach eitneach agus imirce – a nguth a úsáid agus go gcloisfí iad ag trácht ar na ceisteanna a imríonn tionchar ar a saol.

Luadh arís agus arís eile i rith an phlé chomh gortaithe agus a bhíonn daoine óga nuair nach ndéanann daoine timpeall orthu idirghabháil ar a son má dhéantar idirdhealú orthu. Labhair siad faoi thábhacht na gcomhghuaillithe, oibrithe óige go háirithe. Bhí an-dlúthpháirtíocht le brath i measc na ndaoine óga agus dearcadh dearfach ar an todhchaí. Dúirt duine óg amháin, "Fuair mé taithí nua agus tuigim anois nach bhfuil mé liom féin."

Cé gur díríodh ar dhearcthaí na ndaoine óga a chloisteáil, labhair daoine eile ar an lá freisin, ina measc ár bPríomh-Choimisinéir Emily Logan, iar-Chathaoirleach an Choiste um Idirdhealú Ciníoch a Dhíothú, Anastasia Crickley agus an Comhalta Coimisiúin David Joyce.

> *"Tá glór an aosa óig riachtanach le go dtarlóidh athrú agus le go mbeadh ár dtír níos forásaí, níos eolaí agus níos comhbháiche. Táimid ag roinnt na cumhachta mar seo freisin, agus á cur i lámha na nglún atá le teacht, a chuireann an-sceitimíní orm.*
>
> *– Farah El Neihum, duine óg a d'fhreastail ar an gcomhairliúchán.*

## Labhraíonn Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe ag an gCoimisiún

Labhair Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe, Filippo Grandi ag imeacht poiblí a chomhóstáil an Coimisiún agus Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) i mí Iúil 2019. Ag an imeacht sin, phléigh an tArd-Choimisinéir cosaint agus cur chun cinn cearta dídeanaithe in Éirinn agus sheol sé Sraith Acmhainní Fostaíochta Dídeanaithe UNHCR na hÉireann, a bhfuil d'aidhm léi cabhrú le gnóthaí in Éirinn dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn a fhostú.

## Seoladh Tuarascáil Dí-institiúidithe

Chuaigh an Coimisiún i gcomhpháirt freisin leis an nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha i mí Iúil chun tuarascáil dí-institiúidithe na Gníomhaireachta a sheoladh go náisiúnta, agus chun seimineár a óstáil ar 'De-institutionalisation and the implementation of the CRPD Article 19: Independent Living and being included in the Community'.

## Toscaireacht Choimisiún na hAfraice Theas um Chearta an Duine

Chuir an Coimisiún fáilte roimh thoscaireacht ochtair faoi stiúir Choimisiún na hAfraice Theas um Chearta an Duine chuig ár n-oifigí le haghaidh cuairt lae i mí Mheán Fómhair chun foghlaim go sonrach ónár dtaithí ar fheidhm monatóireachta Airteagal 33 a bhunú. Bhí plé cuimsitheach ag an toscaireacht le comhaltaí de chuid an Choiste Chomhairligh ar Chúrsaí Míchumais.

## An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

Bhí comhrá leis na céadta daoine againn, idir óg agus aosta, agus ó gach saghas cúlra, ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i mBaile an Treathain, Fionnmhach, Co. Cheatharlach ón 17–19 Meán Fómhair. D'úsáid foireann an Choimisiúin, ár bPríomh-Choimisinéir ina measc, na laethanta sin mar dheis chun plé a dhéanamh leis an bpobal ar cheisteanna chearta an duine agus comhionannais a imríonn tionchar ar a saol féin nó ar shaol daoine eile, agus d'ardaigh siad clú obair an Choimisiúin i measc daoine as gach cearn den tír.



Buaileann an tArd-Choimisinéir do Dhídeanaithe, Filippo Grandi, agus an Príomh-Choimisinéir le Jamalida Rafique (11), dídeanaí Róihinse, i rith chuairt oifigiúil an Ard-Choimisinéara Grandi ar Éirinn, Iúil 2019

## Freastal Réasúnta i nGníomh

D’eagraigh an Coimisiún comhdháil mhór náisiúnta dar teideal ‘Achieving Equality at Work: Reasonable Accommodation in Practice’ an 7 Deireadh Fómhair, an Lá Idirnáisiúnta le haghaidh Obair Chuibhiúil. D’fhreastail os cionn 180 duine ar an imeacht a tharraing aird ar an ngá atá le cuid lárnach de bheartas agus cleachtas fostaíochta a dhéanamh den fhreastal réasúnta ar dhaoine atá faoi mhíchumas. Tharla sé díreach i ndiaidh bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí i gcás Marie Daly a thug soiléiriú nua ar cheist fhreagrachtaí an fhostóra maidir le freastal réasúnta. D’oscail Finian McGrath TD, an tAire Stáit maidir le Saincheisteanna Míchumais, agus Stefan Trömel, an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, an chomhdháil. Aithnítear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas gurb iad na daoine atá faoi mhíchumas iad féin príomhghníomhaithe an athraithe chun dúshlán an neamhionannais a thabhairt i ngach cuid den saol, an fhostaíocht ina measc, agus thug an t-imeacht seo daoine atá faoi mhíchumas, eagraíochtaí míchumais agus lucht déanta beartas le chéile chun déanamh amhlaidh; chun foghlaim óna chéile agus oibriú tríd an taobh praiticiúil de fhreastal réasúnta a chur i ngníomh. Chabhraigh rath an imeachta freisin le ceist an fhreastail réasúnta a ardú go náisiúnta trí thuairisciú ar na meáin.




Labhraíonn Philippe Sands ag an gcéad Léacht um Chearta an Duine agus Comhionannas, Nollaig 2019

## Treoirlínte an Aontais Eorpaigh

D’óstáil an Coimisiún seimineár ar Threoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le Sonraí Comhionannais i mí Dheireadh Fómhair 2019, ar ar fhreastail gníomhaithe sinsearacha taighde, sonraí agus beartais ó Ranna Rialtais, comhlachtaí poiblí agus eagraíochtaí sochaí sibhialta, ionadaithe ó Thuaisceart Éireann ina measc. Cloiseadh cur i láthair ó: An Dr Tania Burchardt, Scoil Eacnamaíochta Londan; an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha; Oifig um Staidrimh Náisiúnta na Ríochta Aontaithe agus Roinn Dlí agus Cirt na Fionlainne.

## An Chéad Léacht Bhliantúil

Thug an tOllamh agus Dlíodóir le Cearta an Duine Idirnáisiúnta Philippe Sands QC an chéad Léacht um Chearta an Duine agus Comhionannais i mí na Nollag 2019, le haitheasc ar thodhchaí chearta an duine dar teideal ‘Beyond East West Street: the Path of Human Rights’.

Rinneadh iniúchadh sa léacht agus sa seisiún ceisteanna agus freagraí ina diaidh ar thodhchaí cearta daoine aonair agus grúpaí, i gcomhthéacs Chomhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta), an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine agus an Dearbhaithe Uilechoitinn, cearta socheacnamaíocha, agus an méadú ar an náisiúnachas, pobalachas agus polaitíocht na féiniúlachta ar fud na cruinne. D’fhreastail os cionn 250 duine ar an imeacht, a rinneadh a bheoshruthú agus a chur chun cinn ar na meáin shóisialta, agus a cuireadh ar fáil mar phodchraoladh ina dhiaidh.

## Rannpháirtíocht i nGréasáin Idirnáisiúnta

Tá an Coimisiún ina chomhalta de: Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais Náisiúnta (Equinet); Líonra Eorpach na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine (ENNHRI); agus an Comhaontas Domhanda d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine (GANHRI). I rith 2019, leanamar ar aghaidh ag cur le rannpháirtíocht ghníomhach sna líonraí sin agus ag baint tairbhe as an rannpháirtíocht.

### ENNHRI

I mí an Mhárta, thosaigh an Coimisiún ina ról mar Chathaoirleach Líonra Eorpach na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine (ENNHRI), a dhéanann ionadaíocht ar 44 comhlacht náisiúnta um chearta an duine ar fud Bhallstáit Chomhairle na hEorpa.

Ina ról mar Chathaoirleach ENNHRI in 2019, stiúir an Coimisiún cruinnithe Boird agus Comhthionóil Ghinearálta ENNHRI.

Rinne an Príomh-Choimisinéir ionadaíocht ar ENNHRI freisin ag:

- An cruinniú comhordúcháin Ardleibhéil le Stiúrthóir na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha agus Cathaoirleach Equinet a reáchtáladh sa Bhruiséil i mí na Bealtaine;
- Acadamh 2019 na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine i mí an Mheithimh ar chur i bhfeidhm éifeachtach na gceart geilleagrach agus sóisialta i réigiún na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip: ról na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine, sa Veinéis;
- An 9ú Cruinniú Bliantúil do Chomhpháirtíocht Tríthaobhach i mí an Mheithimh chun tacú le hInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine i Nua-Eabhrac;
- An cruinniú le Coiste Airí Chomhairle na hEorpa i mí Mheán Fómhair ar an téama rannchuidiú faoi seach na n-institiúidí agus na n-ombudsman náisiúnta um chearta an duine le cearta an duine agus riail an dlí in Strasbourg.

I rith 2019, ghlac foireann an Choimisiúin páirt freisin in obair leanúnach ENNHRI trí:

- An Grúpa Oibre Dlí;
- An Grúpa Oibre um Beartas Eacnamaíoch agus Sóisialta; agus
- Grúpa Oibre an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas.

### Equinet

Tá 49 comhlacht comhionannais as 36 tír Eorpach in Equinet, líonra Eorpach na gcomhlachtaí comhionannais náisiúnta. Ag Cruinniú Cinn Bhliana Equinet in 2019 toghadh ár Stiúrthóir Laurence Bond ar Bhord Equinet le haghaidh téarma dhá bhliain eile (2020–2022).

I rith 2019, ghlac foireann an Choimisiúin páirt freisin in obair leanúnach Equinet:

- An Grúpa Oibre Cumarsáide;
- An Grúpa Oibre Ceaptha Beartas;
- An Grúpa Oibre Dlí Comhionannais;
- Tionscadal ar Chaighdeáin le haghaidh Comhlachtaí Comhionannais.

D'fhreastail comhaltaí foirne ar na himeachtaí Equinet seo a leanas freisin in 2019:

- Oiliúint a d'eagraigh Equinet agus an

Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha i mí Dheireadh Fómhair ar phróifíliú mídhleathach ciníoch, a reáchtáladh sa Chipir;

- An Cruinniú Cinn Bhliana agus Comhdháil ar dhul i ngleic le gnéaschiapadh sa Bhruiséil i mí Dheireadh Fómhair.

## GANHRI

Mar chuid dá ról mar Chathaoirleach ENNHRI bíonn an Coimisiún rannpháirteach freisin mar chomhalta ar Bhiúró an Chomhaontais Dhomhanda d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine (GANHRI) mar Chathaoirleach Réigiúnach. D'fhreastail an Príomh-Choimisinéir ar Thionól Ginearálta GANHRI sa Ghinéiv i mí an Mhárta agus ar Chomhdháil Bhliantúil GANHRI i mí an Mhárta dar teideal: 'Ensuring human rights-based and gender-responsive implementation, follow-up and review of the Global Compact for Migration: The role of National Human Rights Institutions'.

Coinníonn an Coimisiún caidreamh oibre láidir freisin lena chomhpháirtithe i dtrí dhlínse na Ríochta Aontaithe; Coimisiún Chearta an Duine i dTuaisceart Éireann, Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann, Coimisiún Chearta an Duine in Albain agus Coimisiún Chearta an Duine agus Comhionannais.

## Coimisiún an Aontais Eorpaigh

In 2019, lean foireann an Choimisiúin ar aghaidh ag glacadh páirte in obair leanúnach dhá chomhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh:

- Coiste Comhairleach an Choimisiúin Eorpaigh um Chomhdheiseanna do Mhná agus d'Fhir;
- An Foghrúpa Sonraí Comhionannais de chuid Ghrúpa Ardleibhéil an Choimisiúin Eorpaigh ar Neamh-Idirdhealú, Comhionannas agus Éagsúlacht.

D'fhreastail comhaltaí foirne ar Fhóram Oibre an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas san Aontas Eorpach a reáchtáladh sa Bhruiséil i mí na Bealtaine.





Ceaptar an Príomh-Choimisinéir Emily Logan mar Chathaoirleach ENNHRI, Márta 2019


Óstálann an Coimisiún Bord ENNHRI, Iúil 2019

# Rialachas Corparáideach agus Struchtúr

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, a bunaíodh an 1 Samhain 2014 faoin *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014*. Is é sainordú reachtúil an Choimisiúin cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn agus cultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a thógáil. Is é an Coimisiún Institiúid Náisiúnta na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhlacht Náisiúnta na hÉireann um an gComhionannas.

## An Coimisiún

Tá 15 chomhalta ag an gCoimisiún, agus an Príomh-Choimisinéir ar dhuine díobh siúd (féach ar **Aguisín 1**). Ceapadh forálacha an Achta chun neamhspleáchas an Choimisiúin ina chuid oibre a chinntiú. Ceapann an tUachtarán Comhaltaí an Choimisiúin, i ndiaidh vóta in dhá Theach an Oireachtais.

Tháinig deireadh le téarmaí oifige ochtair de na comhaltaí Coimisiúin, an Príomh-Choimisinéir ina measc, i rith na bliana. Rialaítear ceapacháin chuig an gCoimisiún le halt 13 den *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014*. De réir an Achta, tugtar faoin bpróiseas ceapacháin trí phróiseas iomaíoch agus oscailte a reáchtálann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar iarratas ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Bhí na comórtais don Phríomh-Choimisinéir agus do na Coimisinéirí fós ar bun amhail deireadh na bliana.

Is comhlacht corpraithe é an Coimisiún. Tuairiscíonn sé go díreach don Oireachtas dá fheidhmeanna reachtúla agus cinneann na comhaltaí a bheartas agus a ghníomhaíochtaí go neamhspleách. Tugtar faoi chinnteoireacht ag leibhéal an Choimisiúin, nuair is féidir, ar bhonn an chomhaontaithe. Má tá éagsúlacht tuairimíochta ann faoi ábhar ar leith, féadfar vóta an tromlaigh a úsáid. Aithníodh neamhspleáchas an Choimisiúin, de réir Phrionsabail Pháras, lena chreidiúnú mar stádas "A" mar Institiúid Náisiúnta um Chearta an Duine leis na Náisiúin Aontaithe.

Reáchtálann an Coimisiún an líon cruinnithe a theastaíonn chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh, ach i ngach bliain, ní mór dó cruinniú amháin ar a laghad a reáchtáil i ngach ráithe. Bhí ocht ngnáthchruinniú iomlánacha ag an gCoimisiún in 2019 ar na dátaí seo a leanas:

- 5 Feabhra 2019
- 19 Márta 2019
- 30 Aibreán 2019
- 11 Meitheamh 2019
- 16 Iúil 2019
- 17 Meán Fómhair 2019
- 29 Deireadh Fómhair 2019
- 10 Nollaig 2019

Reáchtáladh ceithre chruinniú urghnácha freisin, chun cinntí am-íogaire a thaifeadadh idir na gnáthchruinnithe iomlánacha a beartaíodh. Reáchtáladh na cruinnithe iomlánacha urghnácha ar na dátaí seo a leanas:

- 1 Lúnasa 2019
- 15 Deireadh Fómhair 2019
- 11 Samhain 2019
- 15 Samhain 2019

Leagtar amach Sceideal de Fhreastal, Táillí agus Speansais 2019 in **Aguisín 2**.

Caithfidh an Coimisiún, gach trí bliana, a ráiteas straitéise a fhoilsiú ina leagtar amach na príomhchuspóirí agus na straitéisí lena mbaineann, úsáid acmhainní an Choimisiúin ina measc. Caithfear an ráiteas straitéise a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Údaraíonn an Coimisiún buiséad agus plean oibre bliantúil freisin. Cuimsíonn an Ráiteas Straitéise reatha an tréimhse 2019–2021, agus cuireadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais é i mí na Nollag 2018.

Déanann an Coimisiún cinntí straitéiseacha ar fheidhmeanna reachtúla, ráitis beartais an Choimisiúin agus úsáid a chumhachtaí dlíthiúla ina measc, seachas nuair a tharmligtear iad go sonrach.

Tharmlig an Coimisiún a chumhacht chun cúnamh dlí agus cúnamh eile a sholáthar faoi alt 40 den Acht don Cheannasaí Dlí. Tarmligtear don Cheannasaí Dlí i gcomhairle leis an Stiúrthóir cumhachtaí an Choimisiúin faoi alt 32 den Acht i leith athbhreithnithe comhionannais agus pleananna gníomhaíochta.

Tá an Stiúrthóir freagrach as bainistíocht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ó lá go lá. Feidhmíonn an Stiúrthóir mar idirghabhálaí díreach idir an Coimisiún agus an ardbhainistíocht. Leagtar amach ról agus freagrachtaí an Stiúrthóra in ailt 20–23 den Acht.

Cloíonn an Stiúrthóir agus an ardbhainistíocht leis an treoir straitéiseach a leagann an Coimisiún amach. Tugann an Stiúrthóir eolas don Choimisiún faoi fheidhmíocht a fheidhmeanna, lena n-áirítear eolas i leith na bhfeidhmeanna sin sa mhéid is go mbaineann siad le cúrsaí airgeadais an Choimisiúin, de réir mar a theastaíonn sé ón gCoimisiún. Ina theannta sin, cinntíonn an Stiúrthóir go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Choimisiúin ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí, agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh go dtarlóidh siad.

# Coistí

Bhunaigh an Coimisiún Coistí chun cabhrú le rialachas agus le hobair an Choimisiúin i dtaca lena thosaíochtaí straitéiseacha a chur chun cinn. Áirítear orthu sin: An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, an Coiste Cásoibre Dlí, agus an Coiste Beartais agus Taighde.

Féadfaidh an Coimisiún Coistí Comhairleacha a bhunú freisin faoi Alt 18 den *Acht fán gCoimisiún, 2014*. In 2019, áiríodh Coiste Comhairleach ar Chúrsaí Míchumais agus Coiste Comhairleach d'Oibrithe agus d'Fhostóirí leo sin.

Tugtar comhaltacht na gCoistí sin, agus freastal orthu i rith 2019, in **Aguisín 3**.

Tá comhaltaí Coimisiúin agus comhaltaí seachtracha ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ar Choistí Comhairleacha Alt 18, agus tá an Coimisiún an-bhuíoch as an gcúnamh saineolach a fuarthas ó na comhaltaí seachtracha sin i rith na bliana.

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca:

1. leordhóthanacht agus éifeachtacht chórais rialaithe inmheánaigh, thimpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialaithe an Choimisiúin a mheas;

2. maoirsiú a dhéanamh ar obair na hIniúchóireachta Inmheánaí agus comhairle agus treoir ghairmiúil a thabhairt; agus

3. comhairle agus treoir a thabhairt maidir leis na córais bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh sa Choimisiún.

Reáchtáladh ceithre chruinniú in 2019 – 19 Feabhra 2019, 29 Bealtaine 2019, 16 Meán Fómhair 2019 agus 12 Nollaig 2019.

## An Coiste Cásoibre Dlí

Is é cuspóir an Choiste Cásoibre Dlí comhairle a chur ar an gCoimisiún ar straitéis maidir le cásobair dlí agus treoirlínte a fhorbairt, a nglacfaidh an Coimisiún leo, d'fheidhmíocht feidhm dlíthíochta/cásoibre an Choimisiúin – *amicus curiae*, imeachtaí ina ainm féin, imeachtaí an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre agus scéimeanna cúnaimh dlí.

Reáchtáladh cúig chruinniú in 2019 i ndiaidh an Coiste a bhunú – 18 Aibreán 2019, 4 Meitheamh 2019, 16 Iúil 2019, 25 Deireadh Fómhair 2019 agus 29 Samhain 2019.

## An Coiste Beartais agus Taighde

Is é cuspóir an Choiste Beartais agus Taighde comhairle a chur ar an gCoimisiún ar straitéis maidir lena fheidhmeanna beartais agus taighde, lena n-áirítear a idirghabhálacha reachtaíochta, tuairisciú idirnáisiúnta, ráitis beartais agus cláir sonraí agus taighde.

Reáchtáladh dhá chruinniú in 2019 i ndiaidh an Coiste a bhunú – 6 Meán Fómhair 2019 agus 29 Samhain 2019.

## An Coiste Comhairleach d'Oibrithe agus d'Fhostóirí

Bhunaigh an Coimisiún an Coiste Comhairleach d'Oibrithe agus d'Fhostóirí in 2017 faoi Alt 18 den *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014*. Is é ról an Choiste comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le:

- Ceisteanna comhionannais fostaíochta agus san ionad oibre;
- Stádas comhionann i soláthar seirbhíse;
- Cearta an duine san ionad oibre agus i soláthar seirbhíse;
- Éagsúlacht agus idirchultúrachas; agus
- Aon ábhar eile a chuireann an Coimisiún faoina bhráid.

Tá ionadaithe ar oibrithe agus fostóirí a d'ainmnigh Comhdháil na gCeardchumann (ICTU) agus Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (Ibec) ar an gCoiste Comhairleach.

Reáchtáladh ceithre chruinniú in 2019 – 6 Márta 2019, 2 Bealtaine 2019, 8 Lúnasa 2019 agus 14 Samhain 2019.

## An Coiste Comhairleach ar Chúrsaí Míchumais

I ndiaidh dhaingniú Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, in 2018 bhunaigh an Coimisiún Coiste Comhairleach ar Chúrsaí Míchumais faoi Alt 18 den *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014*.

Is é ról an Choiste:

1. cúnamh agus comhairle a thabhairt don Choimisiún ar ábhar a bhaineann lena fheidhm athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an dlí agus an chleachtais sa Stát maidir le cosaint daoine atá faoi mhíchumas; agus

2. comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le comhlíonadh a róil neamhspleách monatóireachta faoi Airteagal 33 den Choinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

Reáchtáladh cúig chruinniú in 2019 – 20 Feabhra 2019, 17 Aibreán 2019, 3 Iúil 2019, 8 Deireadh Fómhair 2019 agus 11 Nollaig 2019.

## Rialachas

Treoraítear creat foriomlán rialachais agus rialaithe an Choimisiúin leo seo a leanas:

- An *tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014*;
- An *Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)*;
- *Caighdeán Rialachas Corparáideach na Státseirbhíse*, a chaithfidh an Coimisiún a chomhlíonadh toisc go maoinítear é le Vóta Státchiste;
- An *tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995*;
- An *tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001*;
- Moltaí Thuarascáil an *Ghrúpa Oibre ar Chuntasacht Ard-Rúnaithe agus Oifigeach Cuntasaíochta, 2002* (Tuarascáil Mullarkey);
- *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí, 2012*.

Chomhaontaigh an Coimisiún Comhaontú Dearbhaithe maidir le Rialachas Corparáideach leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

## Foireann an Choimisiúin

De réir alt 24 den *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014*, is é an Coimisiún fostóir a fhoirne ar fad, ar státseirbhísigh i státseirbhís an Stáit iad.

Cuireann an feidhmeannas, faoi stiúir an Stiúrthóra, straitéisí agus beartais an Choimisiúin i bhfeidhm.

Amhail an 31 Nollaig 2019, bhí 58 comhalta foirne ag an gCoimisiún (féach ar **Aguisín 4**). Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna, pinsean agus riartha párolla ar fáil don Choimisiún. Úsáideann an Coimisiún ePMDS (Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta Fostaithe) chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar fhorbairt a fhoirne agus chun tacú leo. Éascaíonn an Coimisiún cumarsáid rialta ar chúrsaí tábhachtacha idir an lucht bainistíochta agus comharchumainn aitheanta na foirne.


Tá ceithre rannóg san fheidhmeannas:

- Dlí
- Beartas agus Taighde
- Rannpháirtíocht Straitéiseach
- Seirbhísí Corparáideacha

Cuimsíonn Ceannasaithe na rannóg sin, a thuairiscíonn don Stiúrthóir, an ardbhainistíocht.

**An Ardbhainistíocht amhail an 31 Nollaig 2019**

- **An Stiúrthóir** Laurence Bond
- **An Ceannasaí Dlí** Michael O'Neill
- **An Ceannasaí Beartais agus Taighde** Iris Elliott
- **An Ceannasaí Rannpháirtíochta Straitéisí** Jean O'Mahony
- **An Ceannasaí Seirbhísí Corparáideacha** Gail Malone




## Maoiniú agus Bainistíocht Airgeadais

Maoinítear Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas trí Vóta Oireachtais. Is é an Stiúrthóir an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Choimisiúin, agus tá an fhreagracht sin ar leithligh ó fhreagrachtaí rialachais chomhaltaí an Choimisiúin.

Ceanglaítear ar an Oifigeach Cuntasaíochta an Cuntas Leithreasa a ullmhú gach bliain do Vóta an Choimisiúin, agus é a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. D'fhéadfaí iarraidh ar an Oifigeach Cuntasaíochta teacht os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí sa Dáil ansin chun fianaise a thabhairt faoin gCuntas.

Cuireadh Cuntas Leithreasa 2019 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh faoin spriocdháta reachtúil, an 1 Aibreán 2020. Áiríodh ann, mar a éilítear, ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta ar chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais an Choimisiúin.

Ba é €6.751m an soláthar meastacháin comhlán in 2019 le haghaidh Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Leithdháileadh €3.658m de ar chaiteachas a bhain le cúrsaí pá, agus €3.093m ar chaiteachas nár bhain le cúrsaí pá. Ba é €5.973m an toradh caiteachais sealadach (roimh iniúchadh); bhain €2.821m le cúrsaí pá, agus €3.152m le caiteachas nár bhain le cúrsaí pá. Amhail deireadh na bliana, bhí barrachas €0.781m dlite le géilleadh don Státchiste.

Éilítear sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016 go ndéanfadh comhlachtaí roinnt nochtadh breise maidir le catagóirí áirithe caiteachais. Leagtar amach iad sin in **Aguisín 5**.

## Nochtadh Cosanta

Mar chomhlacht poiblí, éilítear ar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi alt 22 den *Acht um Nochtadh Cosanta, 2014* tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir le líon na n-imeachtaí nochta chosanta a rinneadh leis an bhliain roimhe sin, agus an gníomh a rinneadh mar fhreagra ar aon nochtadh cosanta dá leithéid. Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta leis an gCoimisiún sa tréimhse 1 Eanáir 2019–31 Nollaig 2019.

## An tAcht um Míchumas, 2005

Faoi Chuid 5 den *Acht um Míchumas, 2005*, éilítear ar chomhlachtaí na hearnála poiblí tuairisc a dhéanamh ar líon na ndaoine faoi mhíchumas atá fostaithe leo. Léirigh torthaí ó Dhaonáireamh Foirne féintuairiscithe a rinneadh i mí an Mhárta 2020 gur sháraigh an Coimisiún an sprioc 3% d'fhostaíocht daoine faoi mhíchumas in 2019. Tugadh an fhaisnéis sin don Údarás Náisiúnta Míchumais i mí an Mhárta 2020.

### An Clár 'Willing Able Mentoring'

In 2019, bhí an Coimisiún rannpháirteach arís i gclár 'Willing Able Mentoring' AHEAD, clár socrúcháin oibre íoctha a bhfuil d'aidhm leis rochtain ar an margadh saothair a chur chun cinn do chéimithe faoi mhíchumas. In 2019, d'fhostaigh an Coimisiún céimí amháin faoin gclár sin.

### An tOifigeach Idirchaidrimh Míchumais/Rochtana

In 2019, leathnaigh an Coimisiún ról an Oifigigh Rochtana chun tacaíocht Idirchaidrimh Míchumais a chuimsiú freisin. D'fheabhsaigh sé sin an tseirbhís atá an Coimisiún in ann a thairiscint don phobal agus do chomhaltaí foirne a dteastaíonn comhairle agus tacaíocht uathu ar chúrsaí a bhaineann le míchumas agus inrochtaine.




Bronnann AHEAD agus an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí gradam Ceannaire Willing Able Mentoring ar an gCoimisiún, Bealtaine 2019

# An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Leanann an Coimisiún ar aghaidh ag comhlíonadh a dhualgas maidir le hiarratais um Shaoráil Faisnéise a fhreagairt. Tugtar breac-chuntas thíos ar Chinntí Saorála Faisnéise agus ar Chineálacha Iarratas:

## Cinntí Saorála Faisnéise 2019

| | |
|---|---|
| Deonaithe | 4 |
| Páirt-deonaithe | 4 |
| Diúltaithe | 4* |
| Tarraingthe Siar/Socraithe lasmuigh den tSaoráil Faisnéise | 1 |
| **Iomlán** | **13** |

## Cineálacha Iarratas 2019

| | |
|---|---|
| Iriseoir | 0 |
| Grúpa Sainleasa/Gnó | 0 |
| Cliant | 0 |
| Duine den Phobal | 13 |
| **Iomlán** | **13** |

*Diúltaíodh do cheithre iarratas um Shaoráil Faisnéise in 2019 faoi alt 15 den *Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014* (an tAcht). Diúltaíodh do thrí iarratas faoi alt 15(1)(a) den Acht ar an mbonn nach ann do na taifid a iarradh. Diúltaíodh d'iarratas amháin faoi alt 15(1)(i) den Acht ar an mbonn gur tugadh na taifid ábhartha don iarratasóir cheana féin.

# Forléargas ar Úsáid Fuinnimh

I gcomhar le h*Ionstraim Reachtúil 426 de 2014,* éilítear ar gach comhlacht san earnáil phoiblí tuairisc bhliantúil a thabhairt ar an bhfuinneamh a úsáideann sé agus ar aon ghníomh a rinneadh chun a ídiú fuinnimh a laghdú.

In 2019, chuimsigh úsáid fuinnimh an Choimisiúin fuinneamh eangaí amháin.

| **Cineál Fuinnimh** | **Ídithe** |
|---|---|
| Leictreachas | 179,557 kWh |
| Breoslaí Iontaise | 0 kWh |
| Breoslaí In-athnuaite | 0 kWh |

# Tuairisc faoi Alt 42 den *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014* (Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine)

Ceanglaítear ar chomhlacht poiblí go leagfaí amach ina Ráiteas Straitéiseach measúnú ar na ceisteanna um chearta an duine agus um an gcomhionannas a chreideann sé atá ábhartha d'fheidhmeanna agus do chuspóir an chomhlachta, agus na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó a bheartaítear a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin. Ní mór dó ansin tuairisc a thabhairt ar fhorbairtí agus éachtaí a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin ina Thuarascáil Bhliantúil.

Ar aon dul le comhlacht poiblí ar bith eile, tá feidhm ag an dualgas seo ar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Murab ionann is comhlachtaí poiblí eile, is é ár sainordú reachtúil aghaidh a thabhairt ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas. I gcás seo againne, mar sin, cuireann ár Ráiteas Straitéise 2019–2021 measúnú i láthair ar na tosaíochtaí um chearta an duine agus um an gcomhionannas a chreidimid atá ábhartha dár bhfeidhmeanna agus dár gcuspóir, agus taifeadtar ár ndul chun cinn go dtí seo maidir le haghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin ó thús deireadh na tuarascála bliantúla seo.

Chun go gcomhlíonfaimid ár n-oibleagáidí reachtúla faoin Dualgas, caithfimid cearta an duine agus an comhionannas a chur san áireamh freisin sa chaoi a mbímid ag cur ár gcuid feidhmeanna i bhfeidhm agus ag tabhairt faoinár n-obair laethúil. Mar chuid d'ullmhú a Ráitis Straitéise, thug an Coimisiún faoi mheasúnú freisin ar cheisteanna chearta an duine agus comhionannais maidir lena fheidhmeanna i réimsí oibríochta éagsúla, lena n-áirítear seirbhísí dlí a sholáthar; eolas a sholáthar don phobal faoina gcearta; feidhm rannpháirtíochta straitéisí, a mhaoirsíonn cumarsáid sheachtrach agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara; feidhm beartais agus taighde; agus feidhm seirbhísí corparáideacha, lena n-áirítear soláthar agus acmhainní daonna. Leagtar amach na ceisteanna a tarraingíodh anuas sa mheasúnú sin i Ráiteas Straitéise 2019–2021 freisin. Tuairiscítear sa chuid seo ar an dul chun cinn ar na ceisteanna sin, a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu thar imeacht an timthrialla trí bliana seo.

Tá an Coimisiún tiomanta d'inrochtaineacht ár gcuid seirbhísí ar fud ár n-oibríochtaí a mhéadú. Áirítear leis sin imeachtaí a óstáiltear ag ár spás poiblí inár n-oifigí ar Shráid na Faiche, chomh maith le himeachtaí seachtracha a eagraíonn an Coimisiún. Tá spás imeachtaí atá go hiomlán inrochtana inár n-oifigí. In 2019, d'fhreastail an spás sin ar dheich n-imeacht a bhain go sonrach le daoine atá faoi mhíchumas, agus d'óstáil eagraíochtaí sochaí sibhialta seacht gcinn díobh siúd.

In 2019, d'eagraigh an Coimisiún comhdháil beartais ar fhreastal réasúnta i rochtain ar fhostaíocht, fanacht i bhfostaíocht agus dul chun cinn san fhostaíocht le daoine atá faoi mhíchumas (féach ar lch 70). Léirigh ár bpróiseas soláthair don imeacht sin ardchaighdeán inrochtaineachta do dhaoine atá faoi mhíchumas chun a oiread rannpháirtíochta agus ab fhéidir a bhaint amach. Áiríodh leis sin measúnú ar an ionad de réir threoirlínte uilíocha an Údaráis Náisiúnta Míchumais, agus freastal réasúnta a chur ar fáil chun an lucht freastail a éascú, beoshruthú agus ateangaireacht do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann ina measc. Cuireadh na treoirlínte agus gnásanna sin i bhfeidhm ar ár n-imeacht mór seachtrach eile – léacht um Chearta an Duine agus Comhionannas an Choimisiúin. Ainmnítear foireann an Choimisiúin mar dhaoine idirchaidrimh míchumais ag na himeachtaí seachtracha ar fad.

Rinneadh dul chun cinn ar inrochtaineacht ár gcumarsáide seachtraí freisin in 2019, leagan éasca le léamh a sholáthar de thuarascáil an

Choimisiúin ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú (CERD) ina measc. Scaipeadh nuashonruithe físe ar a bhfuil fotheidil de sheisiúin iomlánacha an Choimisiúin freisin, le hateangaireacht Theanga Chomharthaíochta na hÉireann.

Reáchtáil an Coimisiún feachtas cumarsáide seachtraí in 2019 a dhírigh go sonrach ar fheasacht ar chearta daoine faoi mhíchumas a mhéadú (féach ar lch 63). Cuimsíodh comhairliúchán forleathan le daoine atá faoi mhíchumas inár bpróiseas inmheánach chun an feachtas sin a fhorbairt chun a chinntiú go raibh gach aschur ón bhfeachtas chomh hinrochtana agus ab fhéidir, agus go raibh na cainéil a úsáideadh chun an feachtas a chur chun cinn inrochtana freisin.

D'oibrigh an Coimisiún go sonrach le RTÉ freisin chun a chinntiú gur chuimsigh clár raidió chun aird a tharraingt ar an bhfeachtas lucht úsáidte na teanga comharthaíochta freisin. Áiríodh leis sin an chéad agallamh beo ar an raidió a cuireadh ar dhuine bodhar a rinneadh trí ateangaire Theanga Chomharthaíochta na hÉireann ar an gclár raidió náisiúnta sin.

Tá inrochtaineacht a fheabhsú de réir a chéile don fhoireann, do chomhaltaí an Choimisiúin agus dá choistí comhairleacha ina gcuid dár measúnú freisin. D'óstáil an Coimisiún socrúchán oibre amháin faoin gclár Willing Able Mentoring in 2019. Tá ár ról mar óstach agus meantóir ó 2018 i leith tar éis bonn eolais a chur faoi ghníomhartha inrochtaineachta atá á gcur i bhfeidhm in 2020.

Sainaithníodh ceisteanna chearta an duine agus comhionannais a bhaineann le foireann an Choimisiúin agus lenár mbeartais chorparáideacha, soláthar ina measc.

Tá sé de dhualgas ar an gCoimisiún cloí le prionsabal na tairisceana iomaíche maidir lena chaiteachas ar oibreacha, soláthairtí agus conarthaí seirbhíse. Caithfidh gach tairiscint cloí le reachtaíocht náisiúnta agus de chuid an Aontais Eorpaigh. In 2019, d'fhorbair an Coimisiún a phróisis agus a fheidhm soláthair inmheánaigh tuilleadh. Mar chuid den obair sin, ghlac sé le 'Treoirlínte Soláthair' inmheánacha a léiríonn ár n-oibleagáidí faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí.

Tá an Coimisiún tiomanta freisin d'oiliúint chearta an duine agus chomhionannais don fhoireann a fhorbairt níos mó. Cuireadh tús in 2019 le clár sparánachta iomaíoch don fhoireann chun tabhairt faoin Dioplóma Gairmiúil i gCearta an Duine agus Comhionannas ag an bhForas Riaracháin. Cuireadh tús le clár de sheisiúin oiliúna inmheánacha ar obair an Choimisiúin don fhoireann in 2019. Tá forbairt oiliúna don fhoireann ar fad ar chearta an duine agus comhionannas ina thiomantas leanúnach.

Tá ceisteanna eile a sainaithníodh inár measúnú faoi réir forbairt leanúnach. Tuairisceofar ar an dul chun cinn orthu siúd, agus ar thuilleadh dul chun cinn ar na ceisteanna thuasluaite, thar imeacht an timthrialla straitéisigh.




An comhalta Coimisiúin is an tOllamh Caroline Fennell, Philippe Sands agus Ateangaire Ioslamach Theanga Chomharthaíochta na hÉireann Lorraine Gleeson ag Léacht Bhliantúil an Choimisiúin, Nollaig 2019



Ann Irwin (Community Work Ireland), Farah Chiza (Galway Anti-Racism Network) agus an comhalta Coimisiúin Heydi Foster-Breslin ag cruinniú iomlánach an Choimisiúin i nGaillimh, Samhain 2019



Farah Chiza (Galway Anti-Racism Network) agus an comhalta Coimisiúin Salome Mbugua ag cruinniú iomlánach an Choimisiúin i nGaillimh, Samhain 2019

# Aguisíní

# Aguisín 1: Próifílí Chomhaltaí an Choimisiúin le haghaidh 2019

### Emily Logan, an Príomh-Choimisinéir

D'fhóin Emily mar an chéad Ombudsman do Leanaí in Éirinn sna deich mbliana sular ceapadh í mar an Príomh-Choimisinéir in 2014. Thar ceann an Choimisiúin, d'fhóin sí freisin mar Chathaoirleach Líonra Eorpach na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine (ENNHRI), i ndiaidh a tofa i mí Dheireadh Fómhair 2018.

**Téarma Oifige: 31 Deireadh Fómhair 2014 – 31 Deireadh Fómhair 2019**

### Teresa Blake SC

Is Abhcóide Sinsearach í Teresa Blake atá ag cleachtadh mar abhcóide in Éirinn ó 1995 i leith i gcosaint leanaí, dlí leasa, dlí tearmainn agus imirce, agus míchumas oideachais. Cháiligh Teresa ar dtús mar oibrí sóisialta, agus bhí baint aici le grúpaí a phléann le cearta míchumais agus cearta leanaí.

**Téarma Oifige: 31 Deireadh Fómhair 2014 – 31 Deireadh Fómhair 2019**

### An Dr Frank Conaty

Is Cuntasóir Cairte é Frank Conaty agus ball den fhoireann teagaisc i Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta J. E. Cairnes in OÉ, Gaillimh. Bhíodh Frank ina Chathaoirleach ar an gComhaontas Náisiúnta Tuismitheoirí agus Siblíní. Is ball cleamhnaithe den fhoireann teagaisc é freisin san Ionad um Dhlí agus Beartas Míchumais in OÉ, Gaillimh. Tá Frank ag fónamh ar a dhara téarma, i ndiaidh a cheapacháin den chéad uair le fónamh ó Shamhain 2014 – Deireadh Fómhair 2017.

**Téarma Oifige: 31 Bealtaine 2018 – 31 Bealtaine 2023**

### Patrick Connolly

Is é Paddy Connolly Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Aoisghníomhaíocht Éireann, eagraíocht náisiúnta abhcóideachta a bhíonn ag obair chun beartais agus seirbhísí níos fearr a chur ar fáil do dhaoine agus iad ag dul in aois. Bhíodh Paddy ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Ionchuimsiú Éireann, eagraíocht náisiúnta a oibríonn ar son cearta daoine faoi mhíchumas intleachtúil agus bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Cairde ar feadh 14 bliana.

**Téarma Oifige: 31 Bealtaine 2018 – 31 Bealtaine 2023 (d'éirigh as Feabhra 2020)**

### An tOllamh Caroline Fennell

Is Ollamh le Dlí í Caroline Fennell i Scoil Dlí UCC, a ceapadh in 2001. Tá an-tiomantas ag Caroline don idirdhisciplíneacht agus díríonn a spéis taighde ar cheisteanna a bhaineann le hinscne, cruthú ceart agus chothrom na Féinne i ngéarchéim, ceartas coiriúil agus dlí na fianaise. D'fhoilsigh sí go forleathan sna réimsí sin. Tá sí ina Cathaoireach faoi láthair ar ENNHRI (Líonra Eorpach na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine).

**Téarma Oifige: 31 Bealtaine 2018 – 31 Bealtaine 2023**

### Heydi Foster Breslin

Is í Heydi Foster Breslin Príomhoifigeach Feidhmiúcháin An Cosán agus bhíodh sí ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Misean Cara roimhe seo, eagraíocht forbartha bunaithe ar chreideamh, agus ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Exchange House, Seirbhís Náisiúnta don Lucht Siúil. Is as Guatamala ó dhúchas do Heydi, agus tá an-taithí aici ar oibriú go hidirnáisiúnta ar son chearta an duine agus seirbhísí sóisialta

a chur ar fáil do ghrúpaí mionlaigh. Tá Heydi ina comhalta Boird de Dóchas, comhlachas eagraíochtaí neamhrialtasacha na hÉireann. Tá Heydi ag fónamh ar a dara téarma, i ndiaidh a ceapacháin den chéad uair le fónamh ó Shamhain 2014 – Deireadh Fómhair 2017.

**Téarma Oifige: 31 Bealtaine 2018 – 31 Bealtaine 2023**

## Tony Geoghegan

Bhí Tony ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Merchants Quay Ireland, Seirbhísí Drugaí agus do Dhaoine Gan Dídean, ar feadh 28 bliain. Ba é a stiúir freagairtí ar na ceisteanna a bhaineann le drochúsáid drugaí agus easpa dídine in Éirinn agus iad ag dul i méid. Is comhairleoir andúile creidiúnaithe é Tony agus comhalta de Bhuanchoiste an Rialtais ar Dhrugaí, thar ceann Earnáil Náisiúnta Dheonach na Cóireála Drugaí.

**Téarma Oifige: 31 Bealtaine 2018 – 31 Bealtaine 2023**

## David Joyce

B'abhcóide é David Joyce leis an Mercy Law Resource Centre a dhíríonn ar thithíocht agus easpa dídine. Bhíodh David ina Oifigeach Dlí le Threshold agus ina Oifigeach Beartas Dlí le Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann. D'fhóin David ar chomhlachtaí saineolaithe éagsúla, ar nós an Choiste Chomhairligh Náisiúnta um an gCiníochas agus Idirchultúrachas.

**Téarma Oifige: 1 Samhain 2014 – 31 Deireadh Fómhair 2019 (d'éirigh as Meitheamh 2019)**

## Salome Mbugua

Is í Salome Mbugua bunaitheoir agus iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin AkiDwA – Líonra na nImirceach Ban, agus ó 2015 i leith tá sí ag tacú le forbairt Wezesha, eagraíocht forbartha atá á stiúradh ag Diaspóra na hAfraice a thacaíonn le mná agus páistí a gcuireann coinbhleacht isteach orthu. Tá Salome ina Cathaoirleach ar Líonra Eorpach na nImirceach Ban agus suíonn sí ar Ghrúpa Saineolaithe an Aontais Eorpaigh ar Imirce Eacnamaíoch.

**Téarma Oifige: 31 Bealtaine 2018 – 31 Bealtaine 2023**

## Sunniva McDonagh SC

Is Abhcóide (ó 1982 i leith) agus Abhcóide Sinsearach (ó 2008 i leith) í Sunniva McDonagh agus cleachtann sí go príomha i réimse an athbhreithnithe bhreithiúnaigh agus na gceart bunúsach, agus spéis ar leith aici i gcearta trialach córa agus cearta teaghlaigh. Is comhalta í Sunniva faoi láthair den Bhinse Meabhairshláinte agus bhíodh sí ina comhalta den Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe.

**Téarma Oifige: 31 Deireadh Fómhair 2014 – 31 Deireadh Fómhair 2019**

## An tOllamh Siobhán Mullally

Is Ollamh le Dlí Chearta an Duine agus Stiúrthóir Ionad na hÉireann um Chearta an Duine in OÉ, Gaillimh í Siobhán Mullally. Bhíodh sí ina hOllamh le Dlí in UCC agus ina Stiúrthóir ar a nIonad um Cheartas Coiriúil agus Cearta an Duine. Bhíodh Siobhán ina hUachtarán ar an nGrúpa Saineolaithe i gcoinne Gáinneála ar Dhaoine de chuid Chomhairle na hEorpa.

**Téarma Oifige: 31 Deireadh Fómhair 2014 – 31 Deireadh Fómhair 2019**

## An tOllamh Ray Murphy

Is Ollamh é Ray Murphy in Ionad na hÉireann um Chearta an Duine in OÉ, Gaillimh agus fónann sé freisin ar fhoireann na hInstitiúide Idirnáisiúnta d'Imscrúduithe Coiriúla agus Freagairt Thapa an Cheartais. Is comhalta é Ray de Choiste Feidhmiúcháin Chomhlachas na nInstitiúidí um Chearta an Duine agus iar-Chaptaen in Óglaigh na hÉireann.

**Téarma Oifige: 31 Deireadh Fómhair 2014 – 31 Deireadh Fómhair 2019**

## An Dr Fidèle Mutwarasibo

Is socheolaí é Fidèle Mutwarasibo, comhalta bunaidh d'Ionad na hAfraice agus iar-Bhainisteoir Imeasctha le Comhairle um Inimircigh na hÉireann. Is as Ruanda ó dhúchas do Fidèle, agus is sainchomhairleoir neamhspleách é faoi láthair a dhíríonn ar chearta an duine, comhionannas, imirce, imeascadh, éagsúlacht, taighde, abhcóideacht agus bainistíocht clár.

**Téarma Oifige: 31 Deireadh Fómhair 2014 – 31 Deireadh Fómhair 2019**

## Colm O'Dwyer SC

Is abhcóide é Colm O'Dwyer a dhíríonn ar chearta an duine, tearmann, imirce agus an dlí poiblí. Is iarchomhalta de Chomhairle Bharra na hÉireann é Colm agus ba é an chéad chathaoirleach é ar Choiste Chearta an Duine i gComhairle Bharra na hÉireann. Bhí sé ina Chathaoirleach ar an eagraíocht neamhrialtasach Ruhama ó 2016 go mí na Bealtaine 2020.

**Téarma Oifige: 31 Bealtaine 2018 – 31 Bealtaine 2023**

## Orlagh O'Farrell

Is Sainchomhairleoir Neamhspleách í Orlagh O'Farrell ar chomhionannas, dlí fostaíochta, ceisteanna idirdhealaithe agus rialachas corparáideach. Ba í Orlagh Saineolaí na hÉireann ar Líonra Saineolaithe Dlí an Aontais Eorpaigh i Réimse an Neamh-Idirdhealaithe roimhe seo. Is iarchomhalta í de Ghrúpa Stiúrtha an Equality and Rights Alliance agus comhalta de Community Legal Resource Network.

**Téarma Oifige: 31 Deireadh Fómhair 2014 – 31 Deireadh Fómhair 2019 (d'éirigh as Lúnasa 2019)**

## Aguisín 2: Freastal ar Chruinnithe an Choimisiúin

Bhí ocht ngnáthchruinniú ag an gCoimisiún in 2019. Reáchtáladh ceithre chruinniú urghnácha de chuid an Choimisiúin freisin, chun cinntí am-íogaire a thaifeadadh idir na gnáthchruinnithe iomlánacha a beartaíodh.

Faigheann comhaltaí an Choimisiún táille bhliantúil €7,695. Tháinig deireadh le téarma oifige cúigir de Chomhaltaí an Choimisiúin an 31 Deireadh Fómhair 2019, agus d'eascair táille laghdaithe €6,412 as sin. D'éirigh beirt chomhaltaí eile as an gCoimisiún in 2019 sular tháinig deireadh lena dtéarma oifige an 31 Deireadh Fómhair 2019, agus d'eascair táille laghdaithe €5,771 as sin.

Tháinig deireadh le téarma oifige an Phríomh-Choimisinéara ar an 31 Deireadh Fómhair 2019 freisin. Cuimsítear a luach saothair siúd in **Aguisín 5**.

In 2019, ní bhfuair ceathrar comhaltaí, Frank Conaty, Caroline Fennell, Siobhán Mullally agus Ray Murphy, táille ar bith faoin bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin'.

| **Comhaltaí an Choimisiúin** | **Gnáthchruinnithe** | **Cruinnithe Urghnácha** | **Táillí 2019 €** | **Speansais*** 2019 €** |
|---|---|---|---|---|
| Emily Logan | 7 as 7* | 2 as 2* | N/B** | 247 |
| Teresa Blake SC | 7 as 7* | 0 as 2* | 6,412 | - |
| An Dr Frank Conaty | 6 as 8 | 4 as 4 | - | 657 |
| Paddy Connolly | 7 as 8 | 4 as 4 | 7,695 | - |
| An tOllamh Caroline Fennell | 6 as 8 | 3 as 4 | - | 2,323 |
| Heydi Foster Breslin | 8 as 8 | 2 as 4 | 7,695 | 278 |
| Tony Geoghegan | 7 as 8 | 4 as 4 | 7,695 | 244 |
| David Joyce BL | 3 as 3* | 0 as 0* | 5,771 | - |
| Salome Mbugua Henry | 7 as 8 | 2 as 4 | 7,695 | - |
| Sunniva McDonagh SC | 5 as 7* | 1 as 2* | 6,412 | 966 |
| An tOllamh Siobhán Mullally | 5 as 7* | 2 as 2* | - | 1,593 |
| An tOllamh Ray Murphy | 7 as 7* | 1 as 2* | - | 1,084 |
| An Dr Fidèle Mutwarasibo | 7 as 7* | 2 as 2* | 6,412 | 1,345 |
| Colm O'Dwyer | 8 as 8 | 4 as 4 | 7,695 | - |
| Orlagh O'Farrell | 3 as 5* | 0 as 0* | 5,771 | - |
| | | | **69,253** | **8,737** |

**Tabhair faoi deara:**
*In 2019, tháinig deireadh le téarma ochtair as na 15 chomhalta Coimisiúin an 31 Deireadh Fómhair 2019, agus d'éirigh beirt de na comhaltaí sin as roimh an dáta sin. Léiríonn an taifead ar fhreastal le haghaidh gach comhalta an líon cruinnithe a reáchtáladh agus iad in oifig.

**N/B - Cuimsítear luach saothair an Phríomh-Choimisinéara in **Aguisín 5**.

***Baineann speansais le Caiteachas Taistil agus Cothabhála mar a phléitear tuilleadh in **Aguisín 5**.

# Aguisín 3: Freastal ar Choistí

| An Coiste Beartais agus Taighde | Cruinnithe ar ar Freastalaíodh |
|---|---|
| Emily Logan | 1 as 1 |
| Frank Conaty | 2 as 2 |
| Salome Mbugua | 1 as 2 |
| Caroline Fennell | 2 as 2 |
| Siobhán Mullally | 1 as 1 |
| Colm O'Dwyer | 1 as 2 |

| An Coiste Cásoibre | Cruinnithe ar ar Freastalaíodh |
|---|---|
| Teresa Blake | 4 as 4 |
| Caroline Fennell | 5 as 5 |
| Colm O'Dwyer | 5 as 5 |
| Sunniva McDonagh | 2 as 4 |
| Siobhán Mullally | 4 as 4 |
| Heydi Foster Breslin | 1 as 1 |
| Frank Conaty | 1 as 1 |

| An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | Cruinnithe ar ar Freastalaíodh |
|---|---|
| John Maher (An Cathaoirleach) | 4 as 4 |
| David Scott (Comhalta Seachtrach) | 2 as 4 |
| Emily Logan | 3 as 3 |
| Heydi Foster Breslin | 3 as 4 |
| Patrick Connolly | 3 as 4 |

| An Coiste Comhairleach ar Chúrsaí Míchumais | Cruinnithe ar ar Freastalaíodh |
|---|---|
| Emily Logan | 4 as 4 |
| Teresa Blake | 4 as 4 |
| Frank Conaty | 5 as 5 |
| Gary Allen | 5 as 5 |
| Bernie Bradley | 4 as 5 |
| Jacqui Browne | 5 as 5 |
| Adrian Carroll | 5 as 5 |
| John Bosco Conama | 5 as 5 |
| Michelle Gaynor | 5 as 5 |
| Eliona Gjecaj | 5 as 5 |
| Brian Hayes | 4 as 5 |
| Rosaleen McDonagh | 2 as 5 |
| Kieran Murphy | 3 as 5 |
| Vivian Rath | 5 as 5 |

| An Coiste Comhairleach d'Oibrithe agus d'Fhostóirí | Cruinnithe ar ar Freastalaíodh |
|---|---|
| Tony Geoghegan (An Cathaoirleach) | 4 as 4 |
| Orlagh O'Farrell (An Leas-Chathaoirleach) | 1 as 2 |
| Brian Callanan, Ibec | 1 as 4 |
| Seamus Dooley, NUJ | 3 as 4 |
| Norman Harte, Iarnród Éireann | 2 as 4 |
| David Joyce, ICTU | 4 as 4 |
| Patricia King, ICTU* | 1 as 2 |
| Marie Sherlock, SIPTU* | 0 as 2 |
| Kara McGann, Ibec | 2 as 4 |
| Deirdre O'Connor, INTO | 2 as 4 |
| Gillian Verrechia, Ibec | 3 as 4 |

*Tháinig Marie Sherlock, SIPTU in áit Patricia King, ICTU.

## Aguisín 4: Foireann an Choimisiúin

Bhí 58 comhalta foirne sa Choimisiún amhail an 31 Nollaig 2019, leis an struchtúr grád seo a leanas:

| Grád | Líon Foirne |
|---|---|
| An Stiúrthóir | 1 |
| Príomhoifigeach | 4 |
| Cuntasóir Gairmiúil, Grád I | 1 |
| Príomhoifigeach Cúnta | 11 |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin | 10 |
| Oifigeach Riaracháin | 8 |
| Ardfheidhmeannach Dlíthiúil | 1 |
| Feidhmeannach Dlíthiúil | 4 |
| Oifigeach Feidhmiúcháin | 8 |
| Oifigeach Cléireachais | 10 |
| **IOMLÁN** | **58** |

## Aguisín 5: Nochtadh Airgeadais Breise

Maoinítear an Coimisiún trí Vóta Oireachtais. Is é an Stiúrthóir an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Choimisiúin.

Cuireadh Cuntas Leithreasa 2019 le haghaidh Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh faoin spriocdháta reachtúil, an 1 Aibreán 2020.

*Éilítear sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016* go ndéanfadh comhlachtaí roinnt nochtadh breise maidir le catagóirí áirithe caiteachais agus luach saothair, agus leagtar amach iad sin thíos:

### Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Cuirtear sochair ghearrthéarmacha fostaithe ar fiú níos mó ná €60,000 iad i gcatagóirí de réir na mbandaí seo a leanas:

| **Sochair fostaithe ghearrthéarmacha** | **Líon Fostaithe sa Bhanda** | |
|---|---|---|
| **€** | **2019** | **2018** |
| 60,000-69,999 | 3 | 6 |
| 70,000-79,999 | 5 | 3 |
| 80,000-89,999 | 3 | - |
| 90,000-99,999 | - | - |
| 100,000-109,999 | - | - |
| 110,000-119,999 | 2 | 2 |
| 120,000-129,999 | - | - |
| 130,000-139,999 | 1 | - |
| 140,000-149,999 | - | 1 |

**Tabhair faoi deara:** Chun críocha an nochta seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a rinneadh i rith na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear leo ÁSPC an fhostóra.

| **Sochair Fostaithe an Phríomhphearsanra Bainistíochta** | **2019 €** | **2018 €** |
|---|---|---|
| Táillí Chomhaltaí an Choimisiúin | 69,255 | 60,919 |
| Tuarastal (an Príomh-Choimisinéir san áireamh) | 647,967 | 493,388 |
| Liúntais | - | - |
| Sochair foirceanta | - | - |
| Árachas Sláinte | - | - |
| | **717,222** | **554,307** |

Áirítear le príomhphearsanra bainistíochta an Choimisiúin comhaltaí an Choimisiúin, lena n-áirítear an Príomh-Choimisinéir lánaimseartha, an Stiúrthóir agus comhaltaí na Foirne Ardbhainistíochta. Léiríonn na figiúirí an fíorluach saothair don tréimhse.

| Tuarastal an Phríomh-Choimisinéara | 2019* € | 2018 € |
|---|---|---|
| Buntuarastal | 125,356 | 140,370 |
| Árachas Sláinte | - | - |
| **Iomlán** | **125,356** | **140,370** |

*Tháinig deireadh le téarma an Phríomh-Choimisinéara a chuaigh as oifig an 31.10.2019

| Tuarastal an Stiúrthóra | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Buntuarastal | 111,424 | 110,228 |
| Árachas Sláinte | - | - |
| **Iomlán** | **111,424** | **110,228** |

| Costais Sainchomhairleoireachta | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Táillí dlí | 10,634 | 1,442 |
| Comhairleach | 4,875 | 58,162 |
| **Iomlán** | **15,509** | **59,604** |

**Tabhair faoi deara:** Áirítear leis na costais sainchomhairleoireachta costas comhairle seachtraí don lucht bainistíochta agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe na gnáthoibre.

Ní áirítear sna táillí dlí táillí a íocadh le dlíodóir a d'fhostaigh an Coimisiún i bhfeidhmiú a fheidhmeanna reachtúla dlíthiúla.

| Taisteal agus Cothabháil – Intíre agus Idirnáisiúnta | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Taisteal Intíre | | |
| - An Coimisiún* | 7,117 | 5,370 |
| - Fostaithe | 22,750 | 16,908 |
| Taisteal Idirnáisiúnta | | |
| - An Coimisiún* | 5,815 | 2,238 |
| - Fostaithe | 26,293 | 13,076 |
| **Iomlán** | **61,974** | **37,593** |

*áirítear ann €8,490 (2018: €6,649) a íocadh go díreach le comhaltaí Coimisiúin (gan an Príomh-Choimisinéir san áireamh) in 2019. Baineann an t-iarmhéid €4,442 (2018: €959) le caiteachas a d'íoc an Coimisiún thar ceann comhaltaí Coimisiúin.

| Costais Dlí agus Socruithe |
|---|
| Ní raibh aon chostais dá leithéid ann in 2019. |

| Costais Fáilteachais | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Fáilteachas Foirne | - | - |
| Fáilteachas Tríú Páirtí* | 1,319 | - |
| **Iomlán** | **1,319** | **-** |

*Tagraíonn fáilteachas tríú páirtí do chaiteachas a tabhaíodh i leith aíonna ar thug an Coimisiún cuireadh dóibh chuig imeachtaí óstáilte ar nós na Léachta Bliantúla um Chearta an Duine agus Comhionannas.

# Aguisín 6: Foilseacháin

## Foilseacháin Chorparáideacha

- Strategy Statement 2019 – 2021 / Ráiteas Straitéise 2019 – 2021, Feabhra 2019
- Annual Report 2018 / Tuarascáil Bhliantúil 2018, Meitheamh 2019

## Treoracha Eolais

- 'Who We Are and What We Do', Samhain 2019

## Tuairisciú Idirnáisiúnta

- Comments on Ireland's 16th National Report on the Implementation of the European Social Charter, Meitheamh 2019
- Submission to the UN Committee on the Elimination of Racial Discrimination on the List of Themes for the Examination of Ireland on its Combined 5th to 9th Report, Iúil 2019
- 'Ireland and the Convention on the Elimination of Racial Discrimination: Submission to the United Nations Committee on the Elimination of Racial Discrimination on Ireland's Combined 5th to 9th Report', Deireadh Fómhair 2019
- Leagan éasca le léamh d'aighneacht an Choimisiúin a cuireadh faoi bhráid na Náisiún Aontaithe maidir le 'Ireland and the Convention on the Elimination of Racial Discrimination (CERD)', Nollaig 2019

## Ráitis Beartais agus Aighneachtaí

- Policy Statement on the Electoral Acts and Civil Society Space in Ireland, Eanáir 2019
- Recommendations on the Establishment of an Electoral Commission, Márta 2019
- Policy Statement on the ratification of the Istanbul Convention, Iúil 2019
- Review of the Prohibition of Incitement to Hatred Act 1989, Nollaig 2019

## Tuarascálacha Taighde

- 'Caring and Unpaid Work in Ireland', Helen Russell, Raffaele Grotti, Frances McGinnity, Ivan Privalko, Iúil 2019, Baile Átha Cliath
- 'Evolving Justice Arrangements Post-Brexit', Amanda Kramer, Rachael Dickson, Anni Pues, Lúnasa 2019, Béal Feirste
- 'European Survey Data on Attitudes to Equality and Human Rights' (Technical Paper), Éamonn Fahey, Doireann O'Brien, Helen Russell, Frances McGinnity, Nollaig 2019, Baile Átha Cliath

# Aguisín 7: Scéim Deontas

In 2019, lean an Coimisiún ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do thionscadail faoi Scéim Deontas Chearta an Duine agus Comhionannais dá chuid. Cuireadh na tionscadail seo a leanas i gcrích i rith 2019 de bharr deontais a bhronn an Coimisiún in 2017 agus 2018:

| Eagraíocht | Tionscadal |
|---|---|
| All Together in Dignity Fourth World Ireland CLG | Scéalta a bhailiú ó dhaoine a mhair i mbochtanas chun léargas a thabhairt ar an gcaoi a bhfeictear meas, dínit, rannpháirtíocht, ionchuimsiú agus comhionannas nuair a bhaineann na daoine sin leas as seirbhísí poiblí. Beidh na scéalta sin mar bhonn próisis a chabhraíonn le rannpháirtithe an gá atá le hathrú sa soláthar seirbhíse poiblí a chur in iúl. |
| An Cosan/The Shanty Educational Project | I gcomhpháirt le hIarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta sa Soláthar Díreach chun clár foghlama cumais a chruthú le chéile chun aghaidh a thabhairt ar chearta fostaíochta, rannpháirtíocht shaoránach agus ionchuimsiú sóisialta na rannpháirtithe. |
| Blue Fire | Is clár ceardlainne mínealaíon agus comhoibríche é an tionscadal 'TeenZone' a bhfuil d'aidhm leis imeascadh idirchultúrtha pobail a chothú i measc grúpaí óige ó 13–18 mbliana d'aois. |
| Community Action Network (CAN) | Feasacht agus tuiscint a chur chun cinn i measc úsáideoirí seirbhíse ar a gcearta daonna agus comhionannais agus ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine; tacú leis an ngrúpa leochaileach sin de dhaoine a bhfuil cearta acu leis an gcóras gearán a úsáid agus aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna a d'ainmnigh siad mar ábhar imní dóibh. |
| Cónaidhm na hÉireann um Míchumas | Oiliúint a chur ar fáil d'údaráis áitiúla maidir le Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas agus an bhaint atá aige le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. |
| Dolphin House Community Development Association | Tacú le himeascadh tionóntaí nár rugadh in Éirinn in árasáin Bhaile Átha Cliath trí shraith imeachtaí foghlama le ceannairí pobail, gníomhaireachtaí reachtúla agus na rannpháirtithe ar fad in eastáit. Tá sé d'aidhm ag an tionscadal tionchar a imirt ar bheartas, bonn eolais a chur faoi chleachtas, agus tuiscint agus léirthuiscint a fhorbairt ar éagsúlacht chultúrtha idir óstphobail agus cónaitheoirí nua nach Éireannaigh iad. |
| Tionscadal Lucht Siúil Dhún na nGall | Cur chuige agus straitéis a fhorbairt chun feasacht agus caidreamh idirchultúrtha éifeachtach agus dearfach a chur chun cinn agus a fheabhsú. |
| Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, an Lárionad Frithbhulaíochta | Sraith treoirlínte a fhorbairt do mhúinteoirí Oideachas Reiligiúin a oibríonn le scoláirí ag a bhfuil creideamh mionlaigh agus scoláirí eile in Iar-bhunscoileanna na hÉireann, agus é mar aidhm leis fianaise taighde a thógáil agus feasacht agus tuiscint a mhéadú ar na dúshláin agus deiseanna a imríonn tionchar ar sholáthar comhionannais agus measa do cheart an duine chun saoirse le creideamh mionlaigh a chleachtadh. |

| Eagraíocht | Tionscadal |
|---|---|
| Good Shepherd Cork | Seisiúin oiliúna bunaithe ar chearta a chur ar fáil don fhoireann agus d'úsáideoirí seirbhíse chun a chinntiú go bhfaigheann mná, páistí agus teaghlaigh i gcóiríocht éigeandála agus i dtionscadail lena mbaineann seirbhís iomchuí, chothrom agus d'ardchaighdeán agus go gcuirtear ar a gcumas teagmháil éifeachtach a dhéanamh le soláthraithe seirbhísí sóisialta eile. |
| Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach | Teastas i dTógáil Cumais agus Feabhsú Ceannaireachta i gclár Éagsúlachta agus Tuisceana Idirchultúrtha a chur ar fáil do chomhlachtaí poiblí chun tacú leo ceisteanna chearta an duine agus/nó comhionannais, idir shonrach agus mheasctha, a bhaineann lena n-obair do dhaoine a úsáideann a seirbhísí agus do chomhaltaí foirne, a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu. |
| Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil | Feasacht a ardú maidir le sáruithe trasnacha idirdhealaithe agus chearta an duine in aghaidh daoine faoi mhíchumas atá faoi choinneáil, cumas a thógáil i measc eagraíochtaí sochaí sibhialta agus comhlachtaí Stáit chun dúshláin a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu chun agus idirdhealú a dhíbirt, agus a chinntiú go bhfaigheann daoine faoi mhíchumas trom cúram iomchuí i suíomhanna malartacha athshlánaithe. |
| Ollscoil Mhá Nuad | Fiosrú an bhfuil Éire ag cloí leis an gceart chun oideachais mar a leagtar amach i gCúnant Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha (ICESCR). |
| Comhairle Chontae na Mí | Straitéis Imeasctha Imirceach a ullmhú i gcomhpháirt ag Comhairlí Contae na Mí agus Lú chun tacú le himeascadh agus é a chur chun cinn, agus chun freastal ar riachtanais pobail imirceach agus mionlaigh eitnigh. |
| An Coiste Náisiúnta Cosanta/ An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte | Ábhair feasachta agus oiliúna a fhorbairt do sholáthraithe seirbhísí poiblí, príobháideacha agus deonacha a chuireann prionsabail agus cleachtais an chúraim bunaithe ar chearta chun cinn. |
| Rape Crisis and Sexual Abuse Counselling Centre Sligo, Leitrim and West Cavan | Sraith ceardlann i gclár tacaíochta grúpa idirchultúrtha dóibh siúd ar bhain foréigean gnéasach dóibh, ag díriú ar mheascán de rannpháirtithe Éireannacha agus neamh-Éireannacha. |
| Tionscadal Lucht Siúil Tuaithe Thiobraid Árann | Daoine óga sa Lucht Siúil a chumasú le todhchaí níos fearr a thógáil dóibh féin trí spás a chruthú leo inar féidir leo teacht le chéile chun a gcumas agus a bhféidearthacht a nochtadh, teacht ar réitigh ar a ndúshláin, agus a nguthanna uathúla féin a fhorbairt. |

# Aguisín 8: Sonraí 'Do Chearta'

| Acht | Na hAchtanna um Stádas Comhionann | | Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015 | | Na hAchtanna Deochanna Meisciúla 2003–2008 | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2000–2018 | 2019 | 2018 | 2019 | 2018 | 2019 | 2018 | 2019 |
| Aois | 35 | 35 | 40 | 42 | 2 | 4 | 77 | 81 |
| Stádas Sibhialta | 14 | 17 | 6 | 4 | 0 | 0 | 20 | 21 |
| Míchumas | 168 | 260 | 106 | 169 | 6 | 7 | 280 | 436 |
| Stádas Teaghlaigh | 12 | 24 | 13 | 26 | 0 | 0 | 25 | 50 |
| Inscne | 47 | 65 | 89 | 112 | 7 | 2 | 143 | 179 |
| Cúnamh Tithíochta | 113 | 113 | 0 | 0 | 0 | 0 | 113 | 113 |
| Ní Shonraítear | 13 | 25 | 24 | 47 | 2 | 2 | 39 | 74 |
| Cine | 74 | 81 | 56 | 58 | 3 | 1 | 133 | 140 |
| Creideamh Reiligiúnach | 8 | 22 | 9 | 8 | 0 | 0 | 16 | 30 |
| Gnéaschlaonadh | 7 | 4 | 9 | 8 | 1 | 1 | 17 | 13 |
| Lucht Siúil | 14 | 26 | 1 | 0 | 22 | 12 | 37 | 38 |
| **Iomlán** | **505** | **672** | **352** | **474** | **43** | **29** | **900** | **1175** |

| Topaicí Chearta an Duine, 2019 | Ceisteanna faoi Chearta an Duine | |
|---|---|---|
| | 2018 | 2019 |
| Riaradh ceartais/Gnásanna córa/Triail chóir - Alt 6/Fiosrú éifeachtach | 18 | 45 |
| Iarrthóirí tearmainn/Gáinneáil ar dhaoine | 34 | 22 |
| Cearta an linbh | 4 | 3 |
| Coinníollacha coinneála (príosúin, institiúidí eile) | 12 | 13 |
| Oideachas | 3 | 4 |
| Comhionannas/Neamh-idirdhealú - Alt 40.1/Alt 14 | 1 | 20 |
| Gnásanna córa | 0 | 0 |
| Saoirse comhthionóil agus comhlachais - Alt 11 | 1 | 4 |
| Saoirse tuairimíochta - Alt 10 | 1 | 5 |
| Saoirse smaointeoireachta, coinsiasa agus reiligiúin - Alt 9 | 2 | 2 |
| Ginearálta/Ilghnéitheach | 25 | 20 |
| Drochíde institiúideach san am atá caite | 1 | 6 |
| Easpa dídine/Tithíocht shóisialta & Dálaí maireachtála | 18 | 36 |
| Imirce/Athaontú teaghlaigh/Ceart fanachta/Saoirse gluaiseachta | 0 | 50 |
| Pionós agus iompar mídhaonna agus táireach/Toirmeasc ar chéastóireacht - Alt 3 | 3 | 9 |
| Príobháideachas, saol teaghlaigh, baile agus comhfhreagras - Alt 8 | 12 | 12 |
| Toirmeasc ar an sclábhaíocht agus ar shaothar éignithe - Alt 4 | 0 | 0 |
| Cosaint maoine | 1 | 2 |
| Ceart chun oideachais (féach thuas) | | 4 |
| Ceart chun na beatha - Alt 2/Ceart chun an bháis | 2 | 5 |
| Ceart chun oibre/Obair chuibhiúil | 0 | 34 |
| Cearta a bhaineann leis an tsláinte, agus sláine colainne | 12 | 24 |
| Coinneáil neamhdhleathach/Coinníollacha coinneála (príosúin, institiúidí eile) (féach thuas) | | 13 |
| **Iomlán** | **151** | **316** |